# Tuarascáil Bhliantúil 2024




COMHAIRLE CONTAE CHEATHARLACH

CARLOW COUNTY COUNCIL



# Ráiteas Misin

*Trí cheannaireacht láidir tacóimid le folláine ár bpobail, an caighdeán saoil inár bpobail agus feabhsóimid mealltacht Cheatharlach mar áit chun cónaí inti, chun obair inti, chun cuairt a thabhairt uirthi agus chun infheistiú inti, agus cloífimid leis na caighdeáin ionraice, sláine agus chuntasachta is airde.*



# Clár an Ábhair


Brollach Comhpháirteach....2
Eolas maidir lenár gComhairle....3
Cruinnithe na Comhairle 2024....6
Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna)....7
Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna)....9
Comhchoiste Póilíneachta....10
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ)....11
Seirbhísí Corparáideacha agus Rialachas....12
Sláinte Agus Sábháilteacht....17
Acmhainní Daonna....18
Pleanáil & Forbairt....19
Athghiniúint....23
Oifig Fiontair Áitiúil, Forbairt Eacnamaíoch & Forbairt Tionscadal Speisialta....30
An Timpeallacht & An Gníomhú ar son na hAeráide....33
Seirbhísí Éigeandála & Rialú Foirgníochta....44
Bóithre & Iompar Inbhuanaithe....51
Tionscadail Speisialta....58
Cosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach....60
Roinn Tithíochta....63
Tacaíocht Lánpháirtíochta....66
Pobal, Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht....68
An tSeirbhís Ealaíon....79
Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach (CSP)....83
Músaem....86
Seirbhís Leabharlainne Chontae Cheatharlach....91
Seirbhísí Oidhreachta....100
Mótarcháin....103
Aguisíní....104
- Aguisín 1 Ráiteas faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) ag an 31 Nollaig 2024....105
- Aguisín 2. Ráiteas faoin Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas an Chuntais Ioncaim & Chaiteachais) Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024....106
- Aguisín 3. Ráiteas faoin Rialú Airgeadais Inmheánach (RRAI) Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024....107
- Aguisín 4. Ráiteas Rialachais....111
- Aguisín 5. Comhdhálacha/Seimineáir/Cúrsaí Oiliúna ar Fhreastail Comhairleoirí orthu in 2024....113
- Aguisín 6. Tinreamh Ball Tofa ag Cruinnithe a reáchtáladh in 2024....114
- Aguisín 7. An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2024....115
- Aguisín 8. Human Rights....115
- Aguisín 9. An Fhoireann Bainistíochta Shinsearach....116
- Aguisín 10. Timpeallacht Oibriúcháin Áitiúil....117
- Aguisín 11 Struchtúr Eagraíochta....118
- Aguisín 12 Táscairí Feidhmíochta 01/01/2023 - 31/12/2023 (Bliantúil)....119

# Brollach Comhpháirteach

**Is Contae forásach, bríomhar é Ceatharlach atá mealltach, ionchuimsitheach agus inrochtana. Tá Comhairle Contae Cheatharlach (CCC) tiomanta do sheirbhísí poiblí ar an gcaighdeán is airde a chur ar fáil do chónaitheoirí áitiúla, do chuairteoirí agus do chuideachtaí nua agus seanbhunaithe. Tá tús áite á thabhairt ag an gComhairle seo do timpeallacht a chruthú atá oiriúnach d'fhás eacnamaíoch agus do chaighdeán saoil den chéad scoth.**

Cúis áthais dúinn Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Cheatharlach 2024 a chur in bhur láthair, tuarascáil ina ndéantar cur síos ar obair na Comhairle chun seirbhísí poiblí tábhachtacha a chur ar fáil i rith na bliana, obair a chabhraíonn linn a chinntiú gur áit mhealltach é Contae Ceatharlach chun oibriú inti, chun cónaí inti, chun cuairt a thabhairt uirthi agus chun gnó a dhéanamh inti.

Tráth a bhfuil slán á fhágáil ag 2024 againn agus aghaidh á tabhairt againn ar 2025, táimid ag súil le leanúint ar aghaidh le Seirbhísí na Comhairle a chur ar fáil, go héifeachtúil agus go héifeachtach dár gcustaiméirí ar fad. In 2025 leagfar níos mó béime ar athrú aeráide, taisteal gníomhach, tionscnaimh oidhreachta agus bhithéagsúlachta mar aon le gnáthsheirbhísí agus gnáth-thacaíochtaí na Comhairle a chur ar fáil do dhaoine aonair, do ghnóthaí agus do phobail.



**Fergal Browne**
Cathaoirleach



**Coilín O'Reilly**
Príomhfheidhmeannach

# Eolas maidir lenár gComhairle

**Tá Contae Cheatharlach suite istigh faoin tír laistigh d'Oirdheisceart na hÉireann i gCúige Laighean, agus tá 896 ciliméadar cearnach ar fad sa Chontae. Tá an Contae suite go straitéiseach agus tá rochtain iontach aige ar bhonneagar iompair de bhrí go bhfuil sé suite ar an M9 - an mótarbhealach idir Baile Átha Cliath agus Port Láirge, an phríomhlíne iarnróid idir Baile Átha Cliath agus Port Láirge, agus an N80 - bóthar náisiúnta a nascann Eorafort Ros Láir le Lár na Tíre.**

De réir Dhaonáireamh 2022 bhí an daonra i gContae Cheatharlach cothrom le 61,931. Tá baile contae Cheatharlach suite in iarthuaisceart an Chontae feadh na teorann le Contae Laoise. Páirteach sa Chomhairle tá 18 mball tofa laistigh de 3 cheantar bhardasacha (Ceatharlach, An Tulach agus Muine Bheag). Is iad na baill a thoghann an Cathaoirleach gach bliain.

I dteannta leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, forbraíonn agus molann 4 Choiste um Beartais Straitéiseacha beartas don Chomhairle. Páirteach sna Coistí tá baill tofa agus ionadaithe ainmnithe mar leasanna earnála seachtracha.




*Amharc ón aer de Pháirc an Bhaile*

## TLÁ Cheatharlach (7)

| | | |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Fergal Browne | FG | |
| An Comhairleoir John Cassin | Neamhpháirtí | |
| An Comhairleoir Andrea Dalton | FF | |
| An Comhairleoir Ken Murnane | FF | |
| An Comhairleoir Paul Doogue | FG | (ó Mheitheamh 2024) |
| An Comhairleoir Tom O'Neill | FG | (suas go dtí Meitheamh 2024) |
| An Comhairleoir Fintan Phelan | FF | |
| An Comhairleoir Adrienne Wallace | SPBP | |

## TLÁ na Tulaí (6)

| | | |
|---|---|---|
| An Comhairleoir John McDonald | FF | (suas go dtí Meitheamh 2024) |
| An Comhairleoir Ben Ward | FG | (ó Mheitheamh 2024) |
| An Comhairleoir Charlie Murphy | Neamhpháirtí | |
| An Comhairleoir John Murphy | FG | (suas go dtí Meitheamh 2024) |
| An Comhairleoir Jim Deane | SF | (ó Mheitheamh 2024) |
| An Comhairleoir Brian O'Donoghue | FG | |
| An Comhairleoir William Paton | L | |
| An Comhairleoir John Pender | FF | |




## TLÁ Mhuine Bheag (5)

| | | |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Michael Doran | FG | |
| An Comhairleoir Andy Gladney | SF | |
| An Comhairleoir Thomas Kinsella | FG | |
| An Comhairleoir Arthur McDonald | FF | (suas go dtí Meitheamh 2024) |
| An Comhairleoir Daniel Pender | FF | (ó Mheitheamh 2024) |
| An Comhairleoir William Quinn | L | |

## CEANTAR BARDASACH CHEATHARLACH


An Comhairleoir
Fergal Browne


An Comhairleoir
John Cassin


An Comhairleoir
Andrea Dalton


An Comhairleoir
Ken Murnane


An Comhairleoir
Paul Doogue
(ó Mheitheamh 2024)


An Comhairleoir Tom O'Neill
(suas go dtí Meitheamh 2024)


An Comhairleoir
Fintan Phelan


An Comhairleoir
Adrienne Wallace

## CEANTAR BARDASACH NA TULAÍ


An Comhairleoir John McDonald
(suas go dtí Meitheamh 2024)


*An Comhairleoir*
*Charlie Murphy*


*An Comhairleoir John Murphy*
*(suas go dtí Meitheamh 2024)*


An Comhairleoir Ben Ward
(ó Mheitheamh 2024)


An Comhairleoir
Brian O'Donoghue


An Comhairleoir
William Paton


An Comhairleoir
John Pender


An Comhairleoir Jim Deane
(ó Mheitheamh 2024)


## CEANTAR BARDASACH MHUINE BHEAG


An Comhairleoir
Michael Doran


An Comhairleoir
Andy Gladney


An Comhairleoir Daniel Pender
(ó Mheitheamh 2024)


An Comhairleoir
Thomas Kinsella


An Comhairleoir Arthur McDonald
(suas go dtí Meitheamh 2024)


An Comhairleoir
William Quinn

# Cruinnithe na Comhairle 2024

**13** Cruinniú Iomlánach Comhairle

**6** Cruinnithe CBS

**1** CCP

**12** Ceantar Bardasach Cheatharlach

**11** Ceantar Bardasach na Tulaí

**7** Ceantar Bardasach Mhuine Beag

**6** Cruinnithe an Choiste Iniúchta

**9** Grúpa Beartais Chorparáidigh

# Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna)

**Is é cuspóir na gCoistí um Beartais Straitéiseacha (CBS) beartais a fhoirmliú, a fhorbairt, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais a bhaineann le feidhmeanna Chomhairle Contae Cheatharlach agus an Chomhairle a threorú dá réir sin.**

Tá 4 CBS ag feidhmiú i gComhairle Contae Cheatharlach, agus tá Stiúrthóir Seirbhíse freagrach as gach ceann. Roghnaíonn an Chomhairle Cathaoirligh na CBSanna ag an CGB.

| Coiste um Beartas Straitéiseach - Pleanáil, Timpeallacht, Gníomhú Aeráide agus Bithéagsúlachta, Fuinneamh agus Talmhaíocht |
|---|
| **Faoi Chathaoirleacht:** |
| An Comhairleoir Thomas Kinsella |
| **Baill na Comhairle:** |
| An Comhairleoir Fergal Browne, An Comhairleoir Charlie Murphy, An Comhairleoir Brian O'Donoghue, An Comhairleoir William Paton, An Comhairleoir Fintan Phelan, An Comhairleoir Adrienne Wallace. |
| **Baill Sheachtracha:** |
| Liam Kelly, Brian O'Farrell, Liam O'Brien (LRP) Matthew English-Hayden (LRP) George Collier (Feirmeoireacht Talmhaíochta IFA) |

**Bhuail an CBS le chéile uair amháin in 2024, agus tá achoimre le fáil thíos ar na cúrsaí a pléadh:**

- Scéim um Aisíoc Tógála
- Cur i Láthair r-Phleanála
- Nuashonrú ar Phleananna Reachtúla
- Athbhreithniú ar obair críochnaithe thar téarma

| Coiste um Beartas Straitéiseach - Tithíocht, Pobal agus Folláine |
|---|
| **Faoi Chathaoirleacht:** |
| An Comhairleoir Arthur McDonald |
| **Baill na Comhairle:** |
| An Comhairleoir John Cassin, An Comhairleoir Andrea Dalton, An Comhairleoir Andy Gladney, An Comhairleoir Ken Murnane, An Comhairleoir Tom O'Neill, An Comhairleoir William Quinn. |
| **Baill Sheachtracha:** |
| Joe Butler (LRP), Ahmed Adam (LRP - Ionchuimsiú Sóisialta) Eileen Brophy Forbairt/Tógáil/Comhlachais na hÉireann, John McHugh LRP Timpeallacht |

**Bhuail an CBS le chéile dhá uair in 2024, agus tá achoimre le fáil thíos ar na cúrsaí a pléadh:**

- Seomra do Mhac Léinn – Tionóntachtaí Údaráis Áitiúil
- Clár Cóiríochta an Lucht Siúil 2025-2029
- Athruithe ar an Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí (Incriminteach)
- Dréachtbheartas Gairdíní Pobail
- Athbhreithniú ar na Deontais Mheasúnaithe agus Leithdháilte
- Athbhreithniú ar Leithdháiltí Tithíochta
- Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-2027 – Plean Feidhmithe
- Seomraí Céadfaí a Sholáthar

## Coiste um Beartas Straitéiseach - Cultúr, Leabharlanna agus Forbairt Dhigiteach, Turasóireacht, Fiontar agus Forbairt Eacnamaíoch

**Faoi Chathaoirleacht:**

An Comhairleoir Michael Doran

**Baill na Comhairle:**

An Comhairleoir Andrea Dalton, An Comhairleoir John McDonald, An Comhairleoir John Murphy, An Comhairleoir Tom O'Neill, An Comhairleoir John Pender.

**Baill Sheachtracha:**

Brian O'Farrell, Gnó/Tráchtáil/Comhlachais na hÉireann, Eileen O'Rourke, LRP Pobal/ Deonach, Jolly O 'Rock, LRP Ionchuimsiú Sóisialta

**Bhuail an CBS le chéile uair amháin in 2024, agus tá achoimre le fáil thíos ar na cúrsaí a pléadh:**

- Próiseas Monatóireachta an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail
- Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíoch & Tacaíocht Ghnó – Athbhreithniú ar an Nuashonrú Gníomhaíochta
- InnoCom – Anailís Réigiúnach
- Dréachtphlean Oidhreachta Chontae Cheatharlach 2024 – 2029
- Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn ar Phlean Forbartha na Leabharlainne 2024 – 2028

## Coiste um Beartas Straitéiseach - Iompar & Bonneagar

**Faoi Chathaoirleacht:**

An Comhairleoir Adrienne Wallace

**Baill na Comhairle:**

An Comhairleoir Michael Doran, An Comhairleoir Andy Gladney, An Comhairleoir John McDonald, An Comhairleoir Ken Murnane, An Comhairleoir Brian O'Donoghue.

**Baill Sheachtracha:**

John Brophy, Gnó/Tráchtáil/Comhlachais na hÉireann, Jackie Meally (LRP Pobal/ Deonach) Rowena Dooley, Forbairt/Tógáil/ Comhlachais na hÉireann, John Tully, LRP Timpeallacht/Caomhnú

**Bhuail an CBS le chéile dhá uair in 2024, agus tá achoimre le fáil thíos ar na cúrsaí a pléadh:**

- Nuashonrú ó LRP Cheatharlach
- Clár Oibre CBS 2023
- Clár Oibre CBS 2024 – Plean Cumarsáide Sheirbhís Dóiteáin & Éigeandála Cheatharlach
- Clár Oibre CBS 2024 – Nós imeachta maidir le hAlt 38 d'Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994
- Clár Taistil Ghníomhaigh 2024
- Nuashonrú maidir le TÉFSP (Tionscadal Éifeachtúlachta Fuinnimh Soilsithe Phoiblí)
- Nuashonrú Thráthchlár Nasc Bus Chontae Cheatharlach
- Nuashonrú CAFU Cheatharlach
- Nuashonrú Bhóthar Faoisimh Dheisceart Cheatharlach

# Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna)

**Is ionann Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na NA agus tacar de 17 sprioc dhomhanda ar ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe leo in 2015 mar chuid de Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. Is é an aidhm atá leo deireadh a chur le bochtaineacht, agus rathúnas do chách a chinntiú faoi 2030.**

**Cuireann Dara Plean Feidhmithe na hÉireann do Chuspóirí Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024, le ról an rialtais áitiúil in Éirinn agus cuimsítear ann gníomhaíochtaí sonracha atá le cur i gcrích lena n-áirítear:**

i. Taispeántas, comhroinnt agus cur le tionscnaimh atá bunaithe cheana féin
ii. Acmhainn a fhorbairt agus feasacht a mhúscailt
iii. Na SFInna a leabú i gcreataí Rialachais agus tuairiscithe
iv. SFInna a chuimsiú i gcreataí pleanála áitiúla
v. Rannpháirtíocht sa Phobal

Os a choinne sin, aithnítear údaráis áitiúla mar cheann de naoi "Mhórghrúpa" Chlár Oibre 2030, a bhfuil ról riachtanach acu i bhforbairt inbhuanaithe agus tarraingítear aird i gClár Oibre 2030 freisin ar ról údarás áitiúil agus pobal i bhforbairt uirbeach inbhuanaithe.

Ceapadh Comhairle Contae Cheatharlach mar cheann de na chéad Seaimpíní SFI Údaráis Áitiúil in 2019 agus i láthair na huaire tá CCC i mbun róil Ambasadóir SFI.

**Tá an méid seo a leanas san áireamh i ról Ambasadóir SFI:**

- Tacú le SFInna agus le forbairt inbhuanaithe agus a leithéid a chur chun cinn
- Feidhmiú mar dhea-shampla i ndáil le conas is féidir le heagraíocht nó le grúpa cur le SFInna agus SFInna a chomhtháthú ina gcuid oibre nó gníomhaíochtaí.
- An méid a fhoghlaimítear a roinnt le daoine eile.

I láthair na huaire tá Pádraig O Gorman, Stiúrthóir Seirbhísí, páirteach i Meitheal Comhchruinnithe Náisiúnta SFI.

Is é cuspóir an ghrúpa seo forbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhchruinniú SFI in Éirinn, cur leis an obair atá á déanamh ag leibhéal áitiúil cheana féin, agus mar atá sonraithe i bPlean Feidhmithe Náisiúnta SFI.

**Tá Comhairle Contae Cheatharlach ag leanúint ar aghaidh leis an obair chun dlús a chur le SFInna, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- SFInna a chur san áireamh inár ndoiciméid bheartais,
- páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí/comhpháirtíochtaí áitiúla agus/nó idirnáisiúnta a bhunú,
- imeachtaí eolais a reáchtáil le grúpaí seachtracha lena n-áirítear Ollscoileanna, LRPanna, Bailte Slachtmhara agus Éire Ildánach.

Tá miondealú le fáil i dTuarascáil Bhliantúil 2025 ar Spriocanna agus ar Chuspóirí SFI a bhfuil gach Roinn ag tacú leo.

# Comhchoiste Póilíneachta

**Foráiltear in Acht an Gharda Síochána, 2005 (Alt 36) do Chomhchoiste Póilíneachta (CCP) a bhunú i ngach Údarás Áitiúil. Is é aidhm fhoriomlán an CCP feidhmiú mar fhóram do chomhairliúchán, plé agus moltaí maidir le nithe a bhfuil tionchar acu ar chúrsaí póilíneachta i gContae Cheatharlach.**

**Reáchtáil CCP Cheatharlach cruinniú amháin i rith 2024 agus ba iad seo a leanas na príomhréimsí oibre ar díríodh orthu:**

- Gadaíocht Mhiondíola
- Clár Garda Pobail
- Feachtas *Ask for Angela*
- Aiseolas maidir le Seachtain na nGiobal
- Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta ag Teacht Isteach
- Samhail Oibriúcháin an Gharda Síochána
- Scéim TCI Pobail, An Tulach

| |
|---|
| **Cathaoirleach:** |
| An Comhairleoir Michael Doran |
| **Baill na Comhairle:** |
| An Comhairleoir Fergal Browne, An Comhairleoir John Cassin, An Comhairleoir Andrea Dalton, An Comhairleoir Ken Murnane, An Comhairleoir Tom O'Neill, An Comhairleoir Fintan Phelan, An Comhairleoir John McDonald, An Comhairleoir John Murphy, An Comhairleoir Brian O'Donoghue, An Comhairleoir William Paton, An Comhairleoir John Pender, An Comhairleoir Arthur McDonald |
| **Baill den Oireachtas:** |
| Malcolm Noonan TD, Jennifer Murnane O'Connor TD |
| **Baill Feidhmiúcháin:** |
| Coilín O'Reilly, Príomhfheidhmeannach, Michael Rainey, Stiúrthóir Seirbhísí - Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch & Chorparáideach |
| **Ionadaithe Pobail LRP:** |
| Gemma Hughes, Caroline Dargan agus Michael Nolan |
| **Ionadaithe an Gharda Síochána:** |
| An tArd-Cheannfort Anthony Pettit, Port Láirge agus An Ceannfort Anthony Farrell, Ceatharlach |
| **Ionadaithe Pobail Eile:** |
| John Brophy, Comhlachas Tráchtála, Anton Scheele, Cúnamh do Mhná, Ceatharlach, Michael Lyons, LRP Céad Fhreagróirí Pobail Bhaile Cheatharlach, William Roche, Cumann Forbartha na Tulaí |



# Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ)

**Bunaíodh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Chomhairle Contae Cheatharlach in 2014 chun cur chuige comhleanúnach agus comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur chun feidhme i ndáil le forbairt áitiúil agus pobail sa Chontae.**

Páirteach sa CFPÁ bhí 19 mball, idir reachtúil agus neamhreachtúil, 4 bhall tofa san áireamh.

**Reáchtáil CFPÁ Cheatharlach 5 chruinniú i rith 2024**

| Leasanna Reachtúla | |
|---|---|
| An Comhairleoir Andrea Dalton | Ball Tofa |
| An Comhairleoir Thomas Kinsella | Ball Tofa |
| An Comhairleoir Tom O'Neill go dtí Meitheamh 2024<br>An Comhairleoir Fergal Browne ó Mheitheamh 2024 | Ball Tofa |
| An Comhairleoir Willie Quinn go dtí Meitheamh 2024<br>An Comhairleoir Andy Gladney ó Mheitheamh 2024 | Ball Tofa |
| Coilín O'Reilly | Príomhfheidhmeannach, CCC |
| Kieran Comerford | Ceannasaí Fiontraíochta, CCC |
| Aisling Dollard | Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Cheatharlach |
| Sarah Barron | Bord Oideachais & Oiliúna Chill Chainnigh/Cheatharlach<br>Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Joan-Ita Murphy | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **Leasanna Neamhreachtúla** | |
| Damian Howard | Muintir na Tíre Mhísil (LRP Pobail agus Deonach) |
| Padraig Dooley | Cumann Staire & Seandálaíochta Cheatharlach (LRP Pobail agus Deonach) |
| Lynda Stacey | Ionad Acmhainní Teaghlaigh Mhuine Bheag (LRP Ionchuimsiú Sóisialta) |
| Áine Gahan | Coiste Cúraim Leanaí Cheatharlach (LRP Ionchuimsiú Sóisialta) |
| Ian Sewell | Líonra Timpeallachta Cheatharlach (LRP Coláiste Timpeallachta) |
| Annette Fox | Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach CTR |
| Rowena Dooley | Comhlachas Cheatharlach (Fostóir Gnó) |
| George Hatton | Talmhaíocht/Feirmeoireacht |
| Agnita Kenny | Ealaíona & Cultúr - Sochaí Shibhialta |
| Eileen O'Rourke | Turasóireacht Cheatharlach |

# Seirbhísí Corparáideacha agus Rialachas

**2**
**Líon Iarratas Duine ar a S(h)onraí**

**70**
**Líon iarratas Saorála Faisnéise faighte**

**49,621**
**Líon na dToghthóirí atá cláraithe chun vótáil**

**Soláthraíonn Gnóthaí Corparáideacha seirbhís tacaíochta éifeachtach agus éifeachtúil don Chathaoirleach, do na Baill Tofa agus don Fhoireann Bainistíochta Shinsearach mar aon le seirbhísí ginearálta do bhaill den phobal. Monatóireacht agus athbhreithniú ar bheartais agus ar nósanna imeachta na Comhairle ar bhonn leanúnach. Tá sé freagrach freisin as soláthar agus bainistíocht raon leathan seirbhísí lena n-áirítear;**

- Bainistíocht na Comhairle, an Grúpa Beartais Chorparáidigh, Cruinnithe CB agus CCP Cheatharlach, Tinreamh Comhairleoirí ag Comhdhálacha
- Liúntais agus Costais Comhairleoirí a Íoc, Fáiltithe Cathartha, Nasc le Comhlachtaí Náisiúnta cosúil le CCÚÁ agus CCCA, agus Comhchoistí Póilíneachta
- Tuarascálacha Reachtúla a Ullmhú; Tuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh, Tuarascáil Bhliantúil, Plean Seachadta Seirbhíse, Plean Corparáideach
- Clár na dToghthóirí & Toghcháin Áitiúla
- Seirbhís do Chustaiméirí, Cumarsáid Chorparáideach – Preaseisiúintí
- Táscairí Feidhmíochta Seirbhís do Chustaiméirí a Chomhordú
- Cúirt Chróinéara, Bainistíocht Réadmhaoin na Comhairle
- Rialachas Corparáideach, Eitic & Clár Tabhartas
- Saoráil Faisnéise, Ombudsman, Cosaint Sonraí, Nochtuithe Cosanta, Seirbhísí Cartlainne
- Scéim Teanga, Plean do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Comhpháirtíocht Chlár Gnó na Scoileanna
- Comhordú Táscairí Seirbhíse
- Bainistíocht Móréigeandála – Cumarsáid. Idirchaidreamh leis an bpobal, leis na meáin agus le Comhairleoirí i rith dálaí adhaimsire

## Fáiltithe

Reáchtáladh Fáiltiú ar an 13 Bealtaine 2024 chun comóradh a dhéanamh ar 125 bliain ó bunaíodh Club Gailf Cheatharlach agus ar Rosemary Tully, Uasal, a bheith á toghadh mar Uachtarán ar Ghalf Éireann in 2024. Reáchtáladh an t-imeacht i Halla Baile Cheatharlach agus i láthair ar an lá bhí Baill Tofa, oifigigh, baill teaghlaigh agus cairde.

## Gradaim an Chathaoirligh & an Mhéara

Reáchtáil Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach, an Comhairleoir Andrea Dalton agus Méara Cheantar Bardasach Cheatharlach, an Comhairleoir Tom O'Neill agus baill de Chomhairle Contae Cheatharlach Fáiltiú comhpháirteach, chun aitheantas a thabhairt do ghrúpaí agus do dhaoine aonair áitiúla as a gcuid éachtaí suntasacha agus as an obair mhór a chuir siad i gcrích laistigh den phobal. Reáchtáladh an t-imeacht seo ar an 30 Meitheamh 2024 i Halla Baile Cheatharlach.

Bronnadh gradaim an Chathaoirligh ar an daoine seo a leanas:

- Cumann Lúthchleasaíochta Lorcán Ó Tuathail, saoráidí lúthchleasaíochta den chéad scoth a fhorbairt
- Amber O'Rourke, Tiomsú Airgid d'Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid an Teampaill
- Éist Carlow, ach tacaíocht iontach a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil ailse orthu
- Borris Lace, aitheantas as aird an phobail a tharraingt ar lásadóireacht
- Ollie Hennessey, aitheantas as cur le cúrsaí ceoil i gCeatharlach

Bronnadh gradaim an Mhéara ar an daoine seo a leanas:

- Jack Doyle, Éachtaí tiomsaithe airgid ar mhaithe le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann
- Club na Leon, Ceatharlach, cabhrú le Pobal Cheatharlach thar thréimhse 40 bliain
- Paul Flinter, as an nGrúpa Tacaíochta "Cloigne Cainte" a bhunú
- Walter Coleman, as cabhrú le pobal rothaíochta Cheatharlach

## Toghchán Uachtaránachta na Moldóive



Cúis áthais do Chomhairle Contae Cheatharlach iarratas a fháil ó Ambasadóir Moldóive na hÉireann, Larisa Miculet, feidhmiú mar cheann de líon teoranta ionad ar fud na tíre chun ionad comhairimh a eagrú do Thoghchán Uachtaránachta na Moldóive agus do Reifreann Bunreachtúil Poblachtach Moldóive maidir le Ballraíocht AE i bhfómhar na bliana 2024.

## Clár na dToghthóirí

Tá an Chomhairle freagrach as Clár na dToghthóirí do Chontae Cheatharlach a chur i dtoll a chéile. Faoi Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022, acht nua, reáchtáladh clár náisiúnta, 'Nuachóiriú Chlár na dToghthóirí', a raibh sé mar aidhm leis an bpróiseas clárúcháin toghcháin a leasú. Forálann sé do chlárú rollach, nó leanúnach, a bheidh mar bhonn leis an bpróiseas a chaighdeánú agus a shimpliú.

Chun tacú le breis rannpháirtíochta, foráladh freisin do roinnt gnéithe breise, lena n-áirítear clárú neamhaithnid a éascú do dhaoine a bhféadfadh a sábháilteacht a bheith i mbaol má fhoilsítear a n-ainmneacha sa chlár; forálacha chun cead a thabhairt do dhaoine atá 16 agus 17 mbliana d'aois a réamhchlárú; socruithe dóibh siúd nach bhfuil aon seoladh seasta acu; agus roghanna níos fearr agus níos solúbtha do dhaoine nach bhfuil in ann dul chomh fad le stáisiúin vótála chun vóta a chaitheamh mar gheall ar dheacrachtaí meabhairshláinte.

In 2024, bhí roinnt imeachtaí toghcháin mar bhonn le méadú ar líon na ndaoine a bhí san áireamh i gclár toghthóirí Cheatharlach. Bhí sé sin mar bhonn le líon na vótálaithe i gCeatharlach a mhéadú 7.33%. Bhí líon iomlán na vótálaithe cláraithe in 2024 cothrom le 49,621, 18,899 i dToghlimistéar Áitiúil Cheatharlach, 14,321 i Muine Bheag, agus 16,401 i gceantar na Tulaí.

| | |
|---|---|
| **Toghthóirí Uachtaránachta** | 46,436 |
| **Toghthóirí Dála** | 47,088 |
| **Toghthóirí Eorpacha** | 47,800 |
| **Toghthóirí Eorpacha Féideartha** | 71 |

Moltar do vótálaithe an clár a sheiceáil ag www. checktheregister.ie chun a chinntiú go bhfuil siad cláraithe, agus go bhfuil a gcuid sonraí ceart.

## Seirbhísí do Chustaiméirí

Tá an fhoireann ag an Deasc Seirbhísí do Chustaiméirí in Áras an Chontae ag leanúint ar aghaidh le seirbhísí túslíne a chur ar fáil don phobal, go pearsanta, trí ríomhphost nó ar an teileafón.

| | |
|---|---|
| **Cur i Láthair Seirbhísí do Chustaiméiri** | 8,881 |
| **Glaonna Teileafóin** | 16,544 |
| **Cuairteoirí ar an Suíomh Gréasáin** | 479,899 |

## Réadmhaoin Chorparáideach

Tá an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha freagrach as an Réadmhaoin Chorparáideach ar fad (Seachas Tithíocht Shóisialta agus Bóithre) agus as cothabháil agus cúram a dhéanamh dá leithéid. Cuireadh tacaíochtaí agus seirbhísí a bhain le réadmhaoin ar fáil lena n-áirítear, tíolacadh díolachán, ceannach agus léasanna réadmhaoine do agus ó pháirtithe eile, Alt 183, fiosrúcháin a bhaineann le talamh, árachas agus bainistíocht saoráidí.

## Gnó sa Phobal in Éirinn (GPÉ)

Tá Comhairle Contae Cheatharlach ag obair i gcomhpháirt le Gnó sa Phobal in Éirinn agus le Coláiste Tyndall, Ceatharlach chun an Clár I dTreo do Thodhchaí a sholáthar.

Soláthraíonn an clár náisiúnta seo deis do mhic léinn bualadh le hoifigigh ón Údarás Áitiúil chun foghlaim faoin áit oibre agus chun ullmhú do ról a aimsiú dóibh féin san áit oibre. Páirteach sa Chlár tá roinnt céimeanna lena n-áirítear Imeacht Fáiltithe, Forléargas ar an gClár; Lá den Saol, róil foirne & dualgais laethúla a roinnt; Cuairt(eanna) Láithreáin Údaráis Áitiúil; Ullmhú d'Agallamh agus athbhreithniú.

Chun críoch a chur leis an Seisiún/na Seisiúin Lá den Saol, gné lárnach den Chlár, thug Mic Léinn & Múinteoirí cuairt ar an Stáisiún Dóiteáin, Ceatharlach agus ar Sheomra na Comhairle, Áras an Chontae áit a raibh cur i láthair eagraithe faoi réimsí seirbhíse cosúil le hAthrú Aeráide; An Leabharlann; Comhpháirtíocht Spóirt & Rialachas Corparáideach.

## Cosaint Sonraí

Próiseálann Comhairle Contae Cheatharlach an fhaisnéis phearsanta ar fad de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, 2016 (RGCS) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 - 2018. Leagtar amach in RGCS níos mó oibleagáidí fairsinge maidir le rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí agus soláthraítear cosaintí agus cearta níos láidre do dhaoine is ábhar do na sonraí. Rinne an tOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) cúrsa oiliúna a bhain go sonrach leis an earnáil phoiblí in 2024 agus lean sé nó sí ar aghaidh ag obair go gníomhach le ranna chun Measúnuithe Tionchair Príobháideachta Sonraí a chur i gcrích mar aon le Comhaontuithe Próiseála Sonraí.

## Bainistíocht Taifead & Cartlann

Tá Seirbhísí Corparáideacha freagrach as Beartas Náisiúnta Coinneála i leith Thaifid na nÚdarás Áitiúil a chur chun feidhme. Aistríodh 450 bosca de thaifid neamhreatha chuig an Ionad Taifead in 2024. Cuireadh nósanna imeachta nua maidir le taifid a scriosadh ar an láthair chun feidhme. Ghlac an Cartlannaí páirt in An tSeachtain Oidhreachta, agus d'oibrigh sé nó sí leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus ar Scéim Íocaíochta na nÁras Máithreacha agus Naíonán.

## Cruinnithe na Comhairle

Tá **18** mBall Tofa ag Comhairle Contae Cheatharlach a dhéanann ionadaíocht ar **3** cheantar bhardasacha - Ceatharlach, An Tulach agus Muine Bheag. Bainistíonn Gnóthaí Corparáideacha Cruinnithe Comhairle CCC, Cruinnithe Cheantar Bardasach Cheatharlach, cruinnithe an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh agus Toscaireacht.

## Costais na mBall

| Ball | Costas |
|---|---|
| **Liúntas Costas / Tuarastal Bliantúil** | €535,671.71 |
| **Liúntas Ionadaíochta Áitiúil** | €81,168.88 |
| **Liúntas Taistil agus Cothaithe** | €61,700.93 |
| **Liúntas Tacaíochta Riaracháin Máithreachais** | - |
| **Liúntas Slándála** | €2,500 |
| **Liúntas an Chathaoirligh & an Leas-Chathaoirligh** | €29,897.42 |
| **Cathaoirligh an Choiste Pholaitiúil Shóisialta** | €23,917.92 |

## Tuarascáil Mhíosúil ar Dhul Chun Cinn an Phríomhfheidhmeannaigh don Chomhairle

Ullmhaíonn an Príomhfheidhmeannach tuarascáil mhíosúil (De réir Alt 51 d'Acht um Athchóiriú Rialtais, 2014) maidir le gach stiúrthóireacht/rannóg, ina ndéantar cur síos ar sheachadadh seirbhíse agus ar éachtaí tábhachtacha ar fud na heagraíochta i rith na míosa. Glactar leis an tuarascáil seo mar mhír ar an gclár oibre ag gach cruinniú míosúil de chuid na Comhairle agus glactar le ceisteanna ó bhaill maidir le haon ghné den tuarascáil.

Chomh maith leis sin, is ionann an tuarascáil seo agus meicníocht a úsáideann baill chun maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme an Phlean Chorparáidigh agus an Bhuiséid Bhliantúil.

## Ráiteas Príobháideachais

Tá Comhairle Contae Cheatharlach tiomanta do do phríobháideachas a chosaint agus a urramú. Tá eolas le fáil i Ráiteas Príobháideachais Chomhairle Contae Cheatharlach maidir leis an tslí a dtugaimid aire do do shonraí pearsanta. Tá eolas le fáil ann freisin maidir le do chuid oibleagáidí agus do chearta faoin dlí cosanta sonraí.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tá Comhairle Contae Cheatharlach ag leanúint ar aghaidh le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a chur chun feidhme agus tá sí tiomanta do gach gné de Scéim Teanga Chomhairle Contae Cheatharlach a chur i bhfeidhm. San áireamh anseo bhí oibriú le gach roinn chun cabhrú leo chun an reachtaíocht a chomhlíonadh agus tacú leis an nGaeilge i ngach gné de sheachadadh seirbhíse agus eolas a roinnt le baill foirne maidir le hoibleagáidí na Comhairle chomh fada is a bhaineann le Scéim Teanga Chomhairle Contae Cheatharlach.

## Saoráil Faisnéise

Tugann Acht um Shaoráil Faisnéise (SF), 2014, cearta dlí dóibh siúd atá ag iarraidh rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí atá clúdaithe ag an Acht.

*Tá miondealú le fáil thíos ar na cinntí a rinneadh maidir leis na hiarratais sin.*

| | |
|---|---|
| **Iarratais Faighte** | 70 |
| **Iarratais Ceadaithe** | 28 |
| **Iarratais Diúltaithe** | 31 |
| **Iarratais Pháirtcheadaithe** | 8 |
| **Iarratais Aistarraingthe** | 3 |
| **Tugtha Anonn 2023** | 23 |
| **Athbhreithnithe Inmheánacha** | 2 |
| **Achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise** | 1 |
| **Iriseoirí** | 19 |
| **Grúpaí Gnó/Sainleasa** | 6 |
| **Baill den Oireachtas/den Phobal** | 1 |
| **Baill Foirne** | 0 |
| **Cliaint** | 29 |
| **Eile** | 15 |

## Ombudsman

Bunaíodh Oifig an Ombudsman faoi Acht Ombudsman, 1980, chun scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ó bhaill den phobal a bhí den tuairim gur caitheadh go héagothrom leo nuair a bhí siad ag déileáil le comhlachtaí stáit, Údaráis Áitiúla san áireamh.

Ghlac Comhairle Contae Cheatharlach le 7 ngearán in 2024

| | |
|---|---|
| **Cásanna Dúnta** | 4 |
| **Cásanna Oscailte** | 7 |
| **Tugtha Anonn 2025** | 3 |

## Clár Eitice

Tá ról an Chláraitheora Eitice sonraithe i gCuid 15 d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus arna bhainistiú ag Gnóthaí Corparáideacha agus Rialachas. Fuarthas Dearbhuithe Bliantúla i gcomhair 2024 ó gach fostaí agus ball tofa ábhartha agus cuireadh ar fáil go poiblí iad laistigh den tréimhse reachtúil.

## An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999

De bhua an cheanglais seo, dearbhaíonn Comhairle Contae Cheatharlach leis seo nach raibh aon tabhartas nó caiteachas le tuairisciú i gcomhair 2024. Foilsíodh cóipeanna de dhearbhuithe a cuireadh ar fáil ar an suíomh gréasáin mar aon le gach íocaíocht a cuireadh ar fáil do Chomhairleoirí, lena n-áirítear an íocaíocht ionadaíochta, an liúntas agus na híocaíochtaí taistil agus cothaithe.

## Nochtuithe Cosanta

Ceanglaíonn Alt 22 d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, go bhfoilsítear tuarascáil bhliantúil a bhaineann leis na Nochtuithe Cosanta faighte. De bhua an cheanglais seo, dearbhaíonn Comhairle Contae Cheatharlach leis seo nach raibh aon tabhartas nó caiteachas le tuairisciú i gcomhair 2024



# Sláinte Agus Sábháilteacht

**In 2024, lean Comhairle Contae Cheatharlach ar aghaidh lena Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde a chur chun feidhme agus iarracht feabhas leanúnach a dhéanamh i ndáil le Sláinte agus Sábháilteacht.**

Mar thoradh ar bhéim leanúnach a leagan air seo cuireadh chun feidhme, ar bhealach suntasach, an aip rialaithe doiciméad sláinte agus sábháilteachta sa Roinn Bóithre & Iompair chun doiciméid agus foirmeacha sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú cosúil le PCSOnna, Pleananna bainistíochta tráchta, seiceálacha gléasra, feithicle agus trealaimh. Cuspóir atá sonraithe is ea go mbeadh an aip in úsáid i ranna eile freisin. Lena chois sin, úsáidtear an aip chun cigireachtaí sábháilteachta a dhéanamh de réir an sceidil cigireachta sábháilteachta leanúnaigh. Rinneadh **45** cigireacht sláinte & sábháilteachta san ionad oibre in 2024. Tá táibléid in úsáid chun comhlíonadh ceanglas sláinte agus sábháilteachta a sholáthar agus a thaifeadadh agus tá áis ar fáil chun teagmhais a thuairisciú go leictreonach. Tuairiscíodh **10** dteagmhas san áit oibre ar fad lena n-áirítear **1** theagmhas intuairiscithe IR1 agus **2** tharlú chontúirteacha IR3. Cinntíonn comhairliúchán agus cumarsáid le baill foirne i rith na bliana agus seiceáil réamhghníomhach leanúnach go bhfuiltear ag cloí le dea-chleachtas sábháilteachta, sláinte agus leasa. Sa dara cuid de 2024, thosaigh oifigeach cúnta sláinte & sábháilteachta nua ag obair san aonad sláinte agus sábháilteachta.



# Acmhainní Daonna

**402**
Líon foirne ag an 31/12/2024

Fostaíocht Lánaimseartha
**328.34**

**42**
Líon na nAgallamh Reáchtáilte

Miondealú Inscne
**213** Fir
**189** Mná

**63** Fostaithe nua,
**70** Fostaithe ag fágáil

**Tá baint ag an Rannóg Acmhainní Daonna (AD) le riar forálacha fostaíochta reachtúla, agus na beartais, nósanna imeachta agus scéimeanna foirne a nglacann an Fhoireann Bainistíochta leo.**

Lena chois sin, tá an Rannóg freagrach as Earcaíocht, Oiliúint agus Forbairt, Bainistíocht Ama & Tinrimh, Aoisliúntas, Rannpháirtíocht Fostaíochta éifeachtach, Caidreamh Tionsclaíoch, Comhionannas & Éagsúlacht, Cothromaíocht Oibre is Saoil, an tSeirbhís Folláine Foirne a sholáthar agus tacaíocht a chur ar fáil don eagraíocht.



# Pleanáil & Forbairt

**490**
Líon na nIarratas Pleanála Faighte

**349**
Líon na nIarratas Bailí

**141**
Líon na nIarratas Neamhbhailí

**4**
Líon na ngearán a fuarthas maidir le struchtúir dhainséaracha

**6**
Forbairtí tithíochta tógtha i gcúram i rith 2024

**7**
Fógraí Forfheidhmithe Seirbheáilte

**3**
Líon iomlán na ngearán a fuarthas i ndáil le sárú féideartha ar Rialacháin maidir le Ligin Ghearrthéarmacha

**16**
Líon Réadmhaoine ar Chlár na Láithreán Tréigthe

**Is é cuspóir foriomlán na Roinne Pleanála tacú le forbairt an Chontae ar bhealach a éascaíonn dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta inbhuanaithe. Clúdaíonn feidhmiú laethúil na roinne roinnt réimsí feidhme eadhon bainistíocht forbartha, forfheidhmiú pleanála, comhlíonadh, forbairtí cónaithe a thógáil i gcúram, láithreáin thréigthe, struchtúir dhainséaracha agus pleanáil chun cinn.**

## BAINISTÍOCHT FORBARTHA

### Iarratais Phleanála

Ghlac Comhairle Contae Cheatharlach le **490** iarratas pleanála i rith 2024. Tá miondealú le fáil thíos ar chinntí a rinne Comhairle Contae Cheatharlach i rith 2024:

| | |
|---|---|
| Líon na nIarratas Bailí Faighte | 349 |
| Líon na nIarratas Neamhbhailí Faighte | 141 |
| Líon na nIarratas Ceadaithe | 242 |
| Líon na nIarratas Diúltaithe | 20 |
| Líon na gComhairliúchán Réamhphleanála reáchtáilte | 82 |
| Líon na nIarratas Comhlíonta Próiseáilte | 183 |

### Achomhairc An Bord Pleanála

D'eisigh An Bord Pleanála cinntí maidir le 25 Achomharc Pleanála i Limistéar Riaracháin Chomhairle Contae Cheatharlach in 2024. Seasamh le cinneadh Chomhairle Contae Cheatharlach i ndáil le 19 gcás.

### Dearbhuithe, Díolúintí agus Ceadúnais

Phróiseáil Rannóg Bainistíochta Forbartha Chomhairle Contae Cheatharlach roinnt Iarratas ar Dhíolúintí agus ar Cheadúnais in 2024:

| | |
|---|---|
| Iarratais Forbartha Díolmhaithe Alt 5 | 71 |
| Iarratais ar Cheadúnas Troscáin Alt 254 | 0 |
| Iarratais ar Cheadúnas Scafalra Alt 254 | 17 |
| Iarratais ar Cheadúnas Leathanbhanda & Teileachumarsáide Alt 254 | 0 |
| Dearbhuithe maidir le Déanmhais Chosanta Alt 57 | 4 |
| Iarratais Díolúine Chuid V Alt 97 | 11 |
| Foraoiseacht – Ceadúnas Leagtha Crann | 19 |
| Foraoiseacht – Ceadúnas Ceadaithe Plandaithe | 7 |
| Foraoiseacht – Scéimeanna Bóthair Foraoise & Coillearnaí Dúchasaí | 10 |
| SI 75 Díolúintí Cónaithe | 7 |

### Tionscadail Réamhráiteach Cuid VIII, Cuid VIII & Alt 179A

Bhainistigh Rannóg Bainistíochta Forbartha Chomhairle Contae Cheatharlach an próiseas a bhain le roinnt tionscadal d'Fhéinfhorbairt Údaráis Áitiúil – Cuid VIII in 2024:

| | |
|---|---|
| Réamhráiteach Cuid VIII | 7 |
| Cuid VIII | 6 |
| Alt 179A (Tionscadail Tithíochta) | 2 |

### Ligin Ghearrthéarmacha

Thug Rialacháin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, (Forbairt Dhíolmhaithe) (Uimh. 2), 2019, éifeacht do reachtaíocht a bhaineann le Ligin Ghearrthéarmacha. Tháinig an reachtaíocht i bhfeidhm ar an 1 Iúil, 2019. Ar an 26 Meán Fómhair, 2019, ainmníodh Toghlimistéar Áitiúil Cheatharlach mar Chrios Brú Cíosa agus, dá bharr sin, bhí cead ag Comhairle Contae Cheatharlach rialacháin nua a bhain le Ligin Ghearrthéarmacha a fhorfheidhmiú i rith 2023.

| Gníomh Déanta | 2024 |
|---|---|
| Líon iomlán na réadmhaoine sainaitheanta i ndáil le sárú féideartha ar Rialacháin maidir le Ligin Ghearrthéarmacha | 3 |
| Líon na n-iniúchtaí críochnaithe | 1 |
| Litreacha rabhaidh eisithe | 0 |
| Líon na réadmhaoine i gCrios Brú Cíosa Cheatharlach a bhain tairbhe as díolúine phleanála (2020 go dáta) | 21 |

## PLEANÁIL CHUN CINN

### Plean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028 – Tuarascáil Dhá Bhliain ar Dhul Chun Cinn

De réir Alt 15(2) d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, (arna leasú), cuireadh tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le cuspóirí Phlean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028 i láthair Bhaill Tofa Chomhairle Contae Cheatharlach ag cruinniú Comhairle Speisialta ar an 30 Iúil 2024. Tá cóip den tuarascáil le fáil anseo Plean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028 | Tairseach Comhairliúcháin Ar Líne Chomhairle Contae Cheatharlach.

### Plean Ceantair Áitiúil Uirbeach Comhpháirteach Cheatharlach-na Gráige 2024-2030

Chuir Comhairle Contae Cheatharlach, i gcomhpháirt le Comhairle Contae Laoise athbhreithniú ar Phlean Ceantair Áitiúil Uirbeach Comhpháirteach Cheatharlach-na Gráige i gcrích. Bhí Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Uirbeach Comhpháirteach Cheatharlach-na Gráige a cuireadh i gcrích i Ráithe 4 de 2023, faoi réir comhairliúcháin phoiblí agus athruithe ábhartha in 2024 sular ghlac Comhairle Contae Cheatharlach leis go foirmiúil ar an 30 Iúil agus sular ghlac Comhairle Contae Laoise leis go foirmiúil

ar an 29 Iúil 2024. I bPlean Ceantair Áitiúil Uirbeach Comhpháirteach Cheatharlach-na Gráige 2024-2030, soláthraítear creat pleanála spásúla lena n-áirítear criosú talamhúsáide d'fhorbairt Cheantar Uirbeach Cheatharlach-na Gráige amach anseo.

## Pleananna Ceantair Áitiúil na Tulaí agus Mhuine Bheag/na Darach Ríoga

Tá tús curtha leis an athbhreithniú ar Phlean Ceantair Áitiúil Mhuine Bheag – na Darach Ríoga 2017-2023 (leagan sínte) agus Plean Ceantair Áitiúil na Tulaí 2017-2023 (leagan sínte).

Cuireadh Páipéar Saincheisteanna Phlean Ceantair Áitiúil Mhuine Bheag – na Darach Ríoga 2024-2030 ar taispeáint don phobal i gcomhair tréimhse 4 seachtaine. Ullmhaíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh agus cuireadh faoi bhráid na mBall Tofa í ar an 4 Aibreán 2024. Tá tús curtha le PCÁ a dhréachtú agus táthar ag súil go gcuirfear an Dréachtdoiciméad PCÁ ar taispeáint go poiblí i Ráithe 2 de 2025.

Foilsíodh an Páipéar Saincheisteanna do Phlean Ceantair Áitiúil na Tulaí 2024-2030 i mí Márta 2024 freisin. Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin seo, reáchtáladh seisiún faisnéise do bhaill den phobal ar an 27 Márta, i Leabharlann na Tulaí. I ndiaidh na tréimhse comhairliúcháin seo, ullmhaíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh agus cuireadh faoi bhráid na mBall Tofa í ar an 15 Bealtaine 2024. Táthar ag súil go bhfoilseofar an Dréacht-PCÁ thart ar Ráithe 3 de 2025.

## Cáin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe (CTCC)

Sainaithníodh go sonrach i nGníomh 15.2 de Thithíocht do Chách cáin nua a bhunú chun talamh folamh a ghníomhachtú chun críocha cónaithe. Cáin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe a thugtar ar an gcáin seo agus tháinig sí in ionad an tobhaigh láithreáin fholaimh. Is é príomhchuspóir na cánach ar thalamh chriosaithe chónaithe gníomhachtú tráthúil talamh forbartha cónaithe criosaithe agus seirbhísithe do thithíocht a spreagadh. Is é an aidhm atá leis an mbeart molta ceadanna agus criosú pleanála reatha a ghníomhachtú áit a bhfuil tithíocht ceadaithe agus sa chás go bhfuil an talamh nasctha le, nó go bhfuil rochtain aige ar sheirbhísí, ach go bhfuil sé fós neamhfhorbartha. Foilsíodh an Dréachtléarscáil CTCC Bhliantúil (Bliain Dliteanais 2025) ar an 30 Eanáir 2024 agus tá sí faoi réir comhairliúcháin phoiblí. Rinneadh measúnú ar na haighneachtaí a fuarthas i ndáil le cuimsiú nó eisiamh talún sa CTCC agus cuireadh tuarascálacha cinnidh i gcrích de réir mar is cuí. Lena chois sin, rinneadh measúnú ar gach aighneacht/iarratas athchriosaithe talún a fuair an tÚdarás Pleanála i rith na dtréimhsí comhairliúcháin phoiblí CTCC agus cuireadh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir leis na hiarratais athchriosaithe sin i gcrích i mí Iúil 2024. Táthar ag obair ar leagan éagsúil den Phlean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028 maidir le haighneachtaí athchriosaithe in 2024 agus tá sé beartaithe é seo a chur i gcrích i Ráithe 1 de 2025.

Ullmhaíodh an Dréachtléarscáil Bhliantúil i gcomhair 2026 chun críche talamh a shainaithint a shásaíonn na critéir ábhartha agus tá sé le cur faoi réir na cánach ar thalamh chriosaithe chónaithe agus tá aighneachtaí á lorg suas go dtí an 1 Aibreán 2025.

Is é an chéad dáta dliteanais don cháin an 1 Feabhra 2025 agus beidh an cháin á riar ag na Coimisinéirí Ioncaim.

## FORFHEIDHMIÚ

| | |
|---|---|
| **Líon na nGearán Forfheidhmithe** | 73 |
| **Líon na nGearán maidir le Láithreáin Thréigthe** | 5 |
| **Líon na nGearán maidir le Struchtúir Chontúirteacha** | 4 |
| **Líon na bhFógraí Forfheidhmithe Seirbheáilte** | 7 |
| **Líon na bhFógraí maidir le Láithreáin Thréigthe Eisithe** | 12 |
| **Líon na Sáruithe Féideartha ar Rialacháin maidir le Ligin Ghearrthéarmacha** | 1 |

Tá an Roinn Pleanála, de réir Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), ag iarraidh a chinntiú go gcomhlíontar ceadanna pleanála.

Déantar imscrúdú ar ghearáin scríofa maidir le forbairt neamhúdaraithe, sa chás gur dócha go bhfuil údar maith leo. I ndiaidh iniúchadh a dhéanamh ar ghearán bone fide, tionscnaítear tús a chur leis na céimeanna forfheidhmithe trí Litir Rabhaidh a eisiúint agus ina dhiaidh sin ba cheart Fógra

Forfheidhmithe a eisiúint mura mbíonn an cheist réitithe go sásúil i ndiaidh Litir Rabhaidh a eisiúint.

Sa chás nach gcomhlíontar an Fógra Forfheidhmithe, tionscnaítear imeachtaí dlí.

Fuarthas 73 gearán ar fad i rith 2024.

| | |
|---|---|
| **Litreacha Rabhaidh Eisithe** | 47 |
| **Fógraí Forfheidhmithe seirbheáilte** | 7 |
| **Imeachtaí dlí tionscanta** | 2 |
| **Cásanna Dúnta** | 96 |
| **Imeachtaí cúirte leanúnacha** | 8 |

## Eastáit a Thógáil i gCúram

Is féidir leis an bhForbróir nó le tromlach na n-úinéirí atá ina gcónaí san fhorbairt iarratas chun Eastáit a Thógáil i gCúram Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, (arna leasú) a dhéanamh chun eastáit a thógáil i gcúram. Ceadaíonn Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2010, don Údarás Áitiúil cuid d'eastát a thógáil i gcúram.

In 2024, rinneadh dul chun cinn suntasach i ndáil le heastáit tithíochta a thógáil i gcúram. Tógadh 6 eastát i gcúram, agus fógraíodh rún na Comhairle 3 eastát bhreise a thógáil i gcúram roimh dheireadh na bliana. Lena chois sin, fuarthas 5 iarratas nua ar TIC in 2024. Tá an Chomhairle ag obair go gníomhach le Uisce Éireann chun déileáil le saincheisteanna uisce agus fuíolluisce in eastáit neamhchríochnaithe ar fud an Chontae.

Seo a leanas na forbairtí tithíochta a tógadh i gcúram i rith 2024:

| Líon | EASTÁT | SUÍOMH | CEANTAR CB |
|---|---|---|---|
| 1 | **Ard Bhaile** | Ráth Bhile, Co. Cheatharlach | An Tulach |
| 2 | **Friar's Green** | Bóthar na Tulaí, Ceatharlach | Ceatharlach |
| 3 | **De Lacey Abbey (Céim 2)** | Ráth Bhile, Co. Cheatharlach | An Tulach |
| 4 | **Cois Dara (1-93)** | Bóthar na Tulaí, Ceatharlach | Ceatharlach |
| 5 | **Brownshill Rise (1-59)** | Bóthar Brownshill, Ceatharlach | Ceatharlach |
| 6 | **Coill Brownshill (1-128)** | Bóthar Brownshill, Ceatharlach | Ceatharlach |

## Láithreáin Thréigthe

Déileáiltear le láithreáin thréigthe de réir Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990. Tá 16 réadmhaoin liostaithe ar an gClár. I rith 2024, cuireadh 2 réadmhaoin leis an gclár agus seirbheáladh fógraí, baineadh 5 réadmhaoin den liosta.

## Struchtúir Chontúirteacha

Cuireann an Roinn Pleanála an tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964, i bhfeidhm i ndáil le Struchtúir & Áiteanna Contúirteacha. Comhoibríonn an roinn le gach páirtí leasmhar agus foinse saineolais chun aon riosca féideartha a íoslaghdú. Fuarthas 4 ghearán ar fad i rith 2024.



# Athghiniúint

**Tá achoimre le fáil thíos ar fheidhmeanna na hOifige Athghiniúna –**

- Tús Áite do Lár an Bhaile
- Pleananna Tús Áite do Lár an Bhaile
- Déileáil le Folúntas & Dearóiliú
- Suirbhéanna Folúntais Sonraí a Dhéanamh
- Clár Gníomhachtaithe OCÉ
- Croí Cónaithe – Deontas Athchóirithe Maoin Fholamh & Scéim Réidh le Tógáil
- An Ciste Forbartha um Athghiniúint Uirbeach – Gairm 3
- Neamhchiste CFAU
- An Ciste Forbartha um Athghiniúint Tuaithe
- Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte
- Iarratas ar Shruthanna Maoinithe éagsúla

## TÚS ÁITE DO LÁR AN BHAILE

*"Tá sé mar aidhm leis an mbeartas Tús Áite do Lár an Bhaile lár bailte a chruthú atá ag feidhmiú mar shuíomhanna inmharthana, bríomhara agus mealltacha do dhaoine chun cónaí iontu, oibriú iontu agus cuairt a thabhairt orthu, agus ag an am céanna feidhmiú mar mhol seirbhíse, sóisialta, cultúrtha agus áineasa don phobal áitiúil".*

### Plean Thús Áite do Lár an Bhaile Mhuine Bheag

Chuir Comhairle Contae Cheatharlach, le tacaíocht ó Thacar Tacaíochta RFTP 2024 – Beart 3 agus an Clár "Ár dTodhchaí Tuaithe", tús le Plean Thús Áite do Lár an Bhaile do Mhuine Bheag a fhorbairt. Tá Foireann Baile, a bhfuil 12 bhall den phobal páirteach inti, atá ag déanamh ionadaíocht ar pháirtithe leasmhara éagsúla, bunaithe chun an próiseas a threorú. Ar mhaithe le rannpháirtíocht agus le comhoibriú le pobal Mhuine Bheag, tá sraith gníomhaíochtaí reáchtáilte, lena n-áirítear seisiún faisnéise poiblí, ceardlann agus suirbhéanna, chun ionchur a bhailiú d'fhorbairt an phlean.
Tá anailís LLDB déanta ar an mbaile, agus bunófar téamaí an phlean ar thorthaí na hanailíse seo. Chomh maith leis sin, tá Foireann Baile Mhuine Bheag ag comhoibriú le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), áit a bhfuil grúpa de mhic léinn idirnáisiúnta, mar chuid dá gcuraclam, i mbun Seiceáil Sláinte a dhéanamh ar an mbaile.


COLMAC



*Páirc Baile na Gráige*

## Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte (SABS)

Tá an SABS deartha chun tacú le hathbheochan cheantar tuaithe na hÉireann trí bhéim athnuaite a leagan ar théarnamh agus ar athghiniúint eacnamaíoch agus shóisialta lár an bhaile. Déanfar an méid sin trí thionscadail atá dírithe ar athghiniúint lár an bhaile, ár Sráid-dreacha a fheabhsú agus foirgnimh fholmha agus thréigthe a úsáid mar spásanna ilchuspóireacha pobail trí athchóiriú. Ceadaíodh 4 iarratas in 2024 le haghaidh na suíomhanna agus méideanna seo a leanas agus tá tús curtha le hoibreacha agus tá oibreacha ag leanúint ar aghaidh –

| | |
|---|---|
| **Baile Haicéid** | €274,000 |
| **An Tulach** | €406,600 |
| **Cluain na nGall** | €110,240 |
| **An Charraig Dhubh** | €277,770 |
| **St. Mullins** | €130,000 |

Cuireadh tionscadail i gcrích ag na suíomhanna seo a leanas i rith 2024

| | |
|---|---|
| **Fionnmhach** | €107,077 |
| **Páirc Baile na Gráige** | €285,672 |
| **Páirc Baile na Tulaí (PBT)** | €50,000 |



*Dealbh de Mhac Tíre, Fionnmhach*



## An Ciste Forbartha um Athghiniúint Tuaithe (CFAT)

I mí na Bealtaine 2024, ceadaíodh maoiniú Ghairm 5 CFAT Chatagóir 1 chun seanfhoirgneamh scoile a athfhorbairt i gcroílár Ráth Bhile agus chun mol pobail ilchuspóireach a fhorbairt. Tabharfaidh an tionscadal seo beocht isteach i lár an bhaile, soláthróidh sé saoráidí pobail riachtanacha, agus cabhróidh sé chun braistint phobail athnuaite a chothabháil. Meastar go gcosnóidh an tionscadal €2.7 milliún.

## Tacar Tacaíochtaí RFTP 2024 – Beart 3

Fuair tionscadal atá dírithe ar Pháirc 1798 in An Tulach a fheabhsú, lena n-áirítear limistéar súgartha inrochtana nua a chruthú, maoiniú luach €45,718.00 faoin Tacar Tacaíochtaí seo chun tacú le gníomhaíochtaí réamhfhorbartha agus chun an tionscadal a fhorbairt chomh fada leis an gcéim phleanála. San áireamh sa tionscadal beidh oibreacha comhshaoil chun fásra rófhada ar bhruach na habhann a bhainistiú, mar aon le huasghráduithe ar phlandú, pábháil, trealamh súgartha agus suíochánra ar fud na páirce. Ina theannta sin, tabharfaidh an tionscadal líon na spásanna páirceála chun rialtachta agus méadóidh sé iad. Meastar go gcosnóidh an tionscadal €285,000, agus is cuid de Phlean Thús Áite do Lár an Bhaile na Tulaí atá ann.

## An Ciste Forbartha um Athghiniúint Uirbeach – Gairm 3

Tá cead faighte ag Comhairle Contae Cheatharlach do chlár de 14 réadmhaoin faoin sruth maoinithe thuasluaite luach €1.5m. Feidhmíonn an tacaíocht mhaoinithe seo mar chiste imrothlach tiomanta atá deartha chun déileáil leis an mbacainn agus riosca airgeadais atá os comhair Chomhairle



*Togra dearaidh chun Páirc 1798, An Tulach, a fheabhsú*

Contae Cheatharlach fad is atá iarracht á déanamh aici déileáil le réadmhaoin fholamh agus thréigthe go fadtéarmach i mBaile Cheatharlach. Tá an maoiniú seo á chur ar fáil chun réadmhaoin fholamh nó thréigthe go fadtéarmach a shealbhú le díol ar aghaidh nó le hathúsáid. Déantar Ciste Imrothlach CFAU a athsholáthar ó na fáltais a fhaightear mar thoradh ar dhíol nó ar athúsáid réadmhaoine agus suíomhanna, chun cead a thabhairt d'údarás áitiúil clár rollach éadálacha a bhunú chun dul i ngleic le folúntas agus dearóiliú fadtéarmach.

Ghníomhachtaigh an fhoireann Athghiniúna na 14 réadmhaoin agus d'oibrigh siad leis na húinéirí chun cabhrú leo an réadmhaoin a úsáid arís iad féin, nó má bhí sé riachtanach, sa chás go bhfuil a leithéid de réadmhaoin neamhchláraithe nó nach féidir oibriú leis an úinéir, chun an réadmhaoin a fháil go héigeantach.

Níltear ag díriú ar a leithéid seo de réadmhaoin chun iad a choinneáil mar stoc de chuid an Údaráis Áitiúil le húsáid mar Thithíocht Shóisialta, táthar ag díriú orthu díreach chun iad a dhíol ar aghaidh.

| | |
|---|---|
| **Réadmhaoin ceadaithe ag an Roinn** | 14 |
| **Dílsithe** | 4 |
| **Sealbhaithe go Deonach** | 1 |
| **Díolta ar an margadh oscailte** | 2 |

Le cois na réadmhaoine laistigh den cheantar CFAU, cuireadh scéim phíolótach i gcrích laistigh den Údarás Áitiúil chun réadmhaoin lasmuigh de cheantar CFAU a shainaithint a d'fhéadfaí a chur ar an margadh oscailte le díol. Go dtí seo, sainaithníodh réadmhaoin amháin, cuireadh OCÉ i gcrích agus tá sí díolta.





*Réadmhaoin dílsithe*

## Clár Gníomhachtaithe OCÉ

I bhfianaise éileamh suntasach a bheith ar thithíocht, tá sé riachtanach go mbainfí úsáid iomlán as tithe agus réadmhaoin atá ar fáil cheana féin. Ainneoin go bhféadfadh na cúiseanna atá le folúntais a bheith casta, d'fhéadfadh athghiniúint agus athúsáid réadmhaoin fholamh inár mbailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe, tithíocht riachtanach a chur ar fáil agus ag an am céanna na ceantair seo a athbheochan agus dul chun tairbhe na bpobal atá ina gcónaí ansin.

Seoladh Clár Gníomhachtaithe OCÉ i mí Aibreáin 2023, agus bhí ról lárnach ag Comhairle Contae Cheatharlach i ngníomhachtú agus in úsáid a bheith á baint as an réadmhaoin arís. Déantar amhlaidh trí rannpháirtíocht le húinéirí réadmhaoine agus trí chun chun feidhme scéimeanna agus beart éagsúil atá ar fáil. Ceann de na huirlisí atá ar fáil do Chomhairle Contae Cheatharlach é fáil éigeantach, go háirithe sa chás nár éirigh le hiarrachtaí eile chun oibriú le húinéirí réadmhaoin fholamh agus thréigthe.

| | |
|---|---|
| **OCÉ Tosaithe** | 31 |
| **OCÉ Aistarraingthe** | 5 |
| **OCÉ Atreoraithe chuig An Bord Pleanála** | 3 |
| **Réadmhaoin Dílsithe** | 15 |

## Ciste Croí Cónaithe (Bailte)

Is príomhthionscnamh é ciste Croí Cónaithe (Bailte) atá mar bhonn leis an mbeartas agus leis na cuspóirí atá leagtha amach i gConair 4 den chlár Tithíocht do Chách.

## Deontas Athchóirithe Maoin Fholamh

Seoladh an Scéim seo i mí Iúil 2022. Is ionann an Scéim seo agus ceann de na bearta a cuireadh chun feidhme chun déileáil le folúntas agus chun úsáid a bhaint as réadmhaoin arís. Téann an Scéim seo chun tairbhe daoine ar mian leo teach nó foirgneamh a bhí folamh roimhe seo (de réir na scéime sonraithe) a fhorbairt mar phríomháit chónaithe phríobháideach nó a leithéid a chur ar fáil le ligean ar cíos. Tá deontas uasta de suas le €50,000 ar fáil chun réadmhaoin fholamh a athchóiriú. Ina theannta sin, tá méid deontais breisithe uasta de suas le €20,000 ar fáil sa chás go ndeimhníonn an t-iarratasóir nach bhfuil struchtúr an fhoirgnimh sábháilte nó go bhfuil sé contúirteach, nó, má tá an réadmhaoin liostaithe cheana féin ar Clár Láithreán Tréigthe an údaráis áitiúil. Nuair a bheidh cead i bprionsabal faighte ag iarratasóir don deontas, is féidir leis nó léi leanúint ar aghaidh agus a t(h)ionscadal a chríochnú. Nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe, íostarraingítear an deontas agus íoctar é go díreach leis an iarratasóir.

Staidreamh 2024 –

| | |
|---|---|
| **Iarratais Faighte** | 46 |
| **Iarratais Ceadaithe** | 28 |
| **Oibreacha Críochnaithe ar feitheamh íocaíochta** | 2 lena mbaineann luach €100,000 |
| **Deontais Íoctha** | 15 lena mbaineann luach €759,733 |



*Réadmhaoin dílsithe*



*Roimh*



*I ndiaidh*

## Scéim Réidh le Tógáil

Tairgeoidh Comhairle Contae Cheatharlach láithreáin seirbhísithe i mbailte agus i sráidbhailte a bhfuil dóthain seirbhísí agus taitneamhachtaí acu, agus rochtain dhíreach ar bhonneagar riachtanach. Beidh na láithreáin seo ar fáil ag praghas lascainithe, le luach de suas le €30,000.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle láithreáin atá á rialú aige faoi láthair a fhorbairt nó láithreáin nua a cheannach chun forbairt a éascú trí sheirbhísí agus rochtain riachtanach ar na suíomhanna sin a sholáthar.

Tá an scéim ar fáil go heisiach do dhaoine aonair nó do theaghlaigh a bhfuil sé beartaithe acu a bpríomháit chónaithe phríobháideach a thógáil ar an láithreán ceannaithe.

Sainaithníodh 15 láithreán fhéideartha

# Oifig Fiontair Áitiúil, Forbairt Eacnamaíoch & Forbairt Tionscadal Speisialta

**34**
Pacáistí Tacaíochta Airgeadais

**17**
Dearbháin do Ghnó Barainneach

**46**
Dearbháin do Ghnóthaí Glasa

**37**
Dearbháin Trádála Ar Líne

**1791**
Oiliúint Iomlán

**146**
Rannpháirtithe in Do Ghnó Féin a Chur ar Bun

**193**
Cliaint Bhainistíochta Forbartha

**1452**
Oiliúint & Líonrú Ginearálta

**486**
Tascanna Meantóireachta

**8**
Cliaint Forbartha Easpórtála

**13**
Dearbháin do Ghnó Digiteach

**10**
Deontais Éifeachtúlachta Fuinnimh

## Fiontraíocht Éireann - Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse

Seo a leanas an t-aschur i gcomhair 2024 i ndáil leis an gComhaontú ar Leibhéal Seirbhíse le Fiontraíocht Éireann i ndáil le feidhmiú na hOifige Fiontair Áitiúil:

| DEONTAS CEADAITHE | Líon | € |
|---|---|---|
| Cúnamh Airgeadais do Chuideachtaí Déantúsaíochta & Seirbhísí Idirnáisiúnta | | |
| Deontais um Leathnú Gnó | 12 | €371,918 |
| Deontais Phríméala | 4 | €110,250 |
| Deontais Féidearthachta | 5 | €60,200 |
| Dearbháin Trádála Ar Líne | 37 | €75,357 |
| Deontais um Chúnamh Teicniúil do Mhioneaspórtálaithe | 12 | €23,332 |
| Dearbháin do Ghnó Barainneach | 17 | €38,000 |
| Dearbháin do Ghnóthaí Glasa | 46 | €80,354 |
| Dearbháin do Ghnó Digiteach | 13 | €39,600 |
| Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh | 10 | €49,198 |
| Cabhair Thosaigh do Chéimithe | 1 | €30,000 |






D'fhoilsigh an Oifig Fiontair Áitiúil 'Athbhreithniú 10 mBliana' i mí Aibreáin 2024 chun comóradh a dhéanamh ar 10 mbliana ó bunaíodh Oifigí Fiontair Áitiúil

## Oirdheisceart na hÉireann

Chuir Comhairle Contae Cheatharlach maoiniú ar fáil d'Oifig Oirdheisceart na hÉireann chun roinnt gníomhaíochtaí a chomhordú a bhain le forbairt eacnamaíoch agus tacaíocht ghnó.

## Turasóireacht Cheatharlach

Thacaigh Comhairle Contae Cheatharlach leis an bPlean Bliantúil do Thurasóireacht Cheatharlach faoin MT le Turasóireacht Cheatharlach agus faoi chreat straitéiseach chun tacú leis an Earnáil Turasóireachta i gContae Cheatharlach amach anseo.

## Féile Sráide

Sraith imeachtaí siamsaíochta agus ceardaíochta ba ea an Fhéile Sráide a reáchtáladh ar Shráid na Tulaí Íochtair thar 6 dheireadh seachtaine idir Aibreán agus Meitheamh. Ba ionann é agus tionscadal píolótach do theorannú do choisithe féideartha Shráid na Tulaí Íochtair, agus é mar aidhm an t-eispéireas siopadóireachta a fheabhsú agus atmaisféar dodhearmadta a chruthú.

## Margaíocht Eacnamaíoch

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Cheatharlach foilseachán éagsúil i gcomhar leis *The Sunday Business Post*, KCLR agus *The Nationalist* i rith 2024 chun aird a tharraingt ar Cheatharlach ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta.

## Grúpa Cumarsáide & Rannphháirtíochta

Éascaíonn Comhairle Contae Cheatharlach grúpa Cumarsáide & Rannphháirtíochta de ghníomhaireachtaí san earnáil gnó agus de chomhlachtaí tacaíochta chun cur chuige comhordaithe maidir le rannpháirtíocht leis an bpobal gnó a chinntiú. D'óstáil an grúpa Lá Gnó Bliantúil Cheatharlach i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus bhí breis is 200 duine i láthair.

## Deis 2024

D'fhoilsigh Comhairle Contae Cheatharlach 'Deis 2024', staidéar ceannródaíoch ar chomaitéirí, a dearadh chun aird a tharraingt ar scileanna agus ar eispéiris fhoireann oibre Cheatharlach agus chun deiseanna fáis a shainaithint.

## Forbairt Spás Fiontraíochta

D'oibrigh an Chomhairle hIonaid Fiontraíochta Pobail Cheatharlach CTR chun sraith tionscadal a fhorbairt chun Spás Fiontraíochta a chur ar fáil sa Chontae. Tá Fiontraíocht Éireann agus an Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte ag tacú leis na tionscadail seo. Bhí an obair thógála beagnach curtha i gcrích sa Teach Stáisiúin – Mol Pobail & Fiontair i mBaile Haicéid agus bhí réamhfhorbairt curtha i gcrích a bhain leis an Tionscadal Catalyst i mBaile Cheatharlach agus i dTeach Shiúracha na Toirbhirte i Muine Bheag.

## Maoiniú Forbartha & AE

Bhí Comhairle Contae Cheatharlach ag feidhmiú mar chomhpháirtí in iarratas rathúil do thionscadal AE nua, Ardán Ceardaíochta Nua Eorpach – Craftwork 4.0 All, tionscnamh uaillmhianach atá á mhaoiniú ag Clár Eoraip na Cruthaitheachta faoin nGairm ar Ardáin Eorpacha chun Tacú le hEalaíontóirí Nua. Seolfar an clár seo in 2025

Leanadh ar aghaidh le InnoCom, tionscadal a bhaineann le rannpháirtíocht ghnó atá á mhaoiniú faoi Interreg na hEorpa. D'óstáil Comhairle Contae Cheatharlach cruinniú idirnáisiúnta de chomhpháirtithe agus de pháirtithe leasmhara tionscadail i mí Mheán Fómhair 2024.

## Clár Nollag 2024

Chuir Comhairle Contae Cheatharlach feabhas ar an Chlár na Nollag trí shraith gníomhaíochtaí a fhorbairt faoi na brandaí Féile na Soilse agus Siopadóireacht Áitiúil, Siopadóireacht i gCeatharlach. D'fhreastail os cionn 10,000 duine ar na himeachtaí.








# An Timpeallacht & An Gníomhú ar son na hAeráide

**Tá Roinn Comhshaoil Chomhairle Contae Cheatharlach freagrach as raon leathan feidhmeanna atá ag dul i méid gach bliain de réir a thugtar isteach reachtaíocht nua, mar a thagann tosaíochtaí náisiúnta nua chun cinn agus mar a athraíonn cleachtais oibre laistigh den eagraíocht. Seo thíos liosta neamh-uileghabhálach d'fheidhmeanna: -**

- Bainistíocht Dramhaíola – Forfheidhmiú & Ceadúnú
- Feidhmiú Ionad Fóntas Poiblí agus Ionad Fág Anseo



- An tAthrú Aeráide
- Bithéagsúlacht
- An Geilleagar Ciorclach



- Bainistíocht Gearán faoin Timpeallacht
- Cosc & Rialú Bruscair
- Oideachas & Feasacht Timpeallachta



- Bainistíocht Fuinnimh & Spriocanna



- Aerthruailliú
- Truailliú ó Thorann



- Pleanáil Chomhshaoil
- Truailliú Uisce/An Chreat-treoir Uisce
- Uisce Tuaithe/Soláthairtí Príobháideacha Beaga
- Cigireacht Feirme agus Bainistíocht Cothaitheach



- Reiligí



- Rialú Madraí
- Ionaid Phórúcháin Madraí
- Seirbhís Maorachta Madraí



## Gearáin 2024

| An Cineál Gearáin | Gearáin | Iniúchta | Gníomhach | Réitithe |
|---|---|---|---|---|
| **Aer/Boladh** | 35 | 35 | 1 | 34 |
| **Bruscar** | 339 | 339 | 1 | 338 |
| **Torann** | 28 | 28 | 1 | 27 |
| **Dramhaíl T&S** | 46 | 46 | 2 | 44 |
| **Dramhaíl Neamh-T&S** | 360 | 360 | 0 | 360 |
| **Uisce/Fuíolluisce** | 28 | 28 | 1 | 27 |
| **Eile** | 80 | 80 | 1 | 79 |
| **Iomlán** | **916** | **916** | **7** | **909** |

## Forfheidhmiú 2024

| Reachtaíocht | Litir Chomhairleach | Litir Rabhaidh | Fógra | Fíneálacha eisithe |
|---|---|---|---|---|
| **Acht Bruscair** | | 58 | 42 | |
| **An tAcht um Thruailliú Aeir** | | 17 | 1 | |
| **An tAcht um Thruailliú Uisce** | 3 | 17 | | |
| **An tAcht um Bainistiú Dramhaíola** | 3 | 21 | 58 | 3 |
| **An tAcht um Chosaint Chomhshaoil** | | | | |
| **Iomlán** | **6** | **113** | **101** | **3** |

## Pleanáil Chomhshaoil

| Cigireachtaí Pleanála Comhshaoil (Gnáthchigireachtaí) | Líon |
|---|---|
| Cigireachtaí (comhshaoil) ar cheadanna pleanála reatha | 28 |
| Cigireachtaí (comhshaol) roimh chead pleanála a cheadú/a dhiúltú | 344 |
| Cigireachtaí Cairéil (e.g. a bhaineann le torann, deannach, astaíochtaí dromchla/screamhuisce, tonnchrith etc.) | 2 |
| Cigireachtaí pleanála eile a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil | 41 |
| **Fo-iomlán na gCigireachtaí Pleanála (Gnáthchigireachtaí)** | **415** |

## Deontais Uisce Tuaithe 2024

| Deontais | Faighte | Ceadaithe | Iomlán Íoctha |
|---|---|---|---|
| Deontais do Thoibreacha Baile | 74 | 70 | €170,000 |
| Deontais do Dhabhcha Séarachais Baile | 5 | 5 | €17,000 |
| Deontais Feabhsúcháin Luaidhe Bhaile | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **79** | **75** | **€187,000** |

## Cigireachtaí Dramhaíola 2024

| Cigireachtaí Dramhaíola | Líon |
|---|---|
| Saoráidí Ceadaithe Dramhaíola | 9 |
| Cigireachtaí comhpháirteacha le ONST | 1 |
| Cigireachtaí ar láithreáin Deimhnithe Clárúcháin (príobháideach) | 8 |
| Cigireachtaí ar láithreáin Deimhnithe Clárúcháin ÚÁ e.g. ionaid fág anseo agus bainc bhuidéal | 674 |
| Cigireachtaí ilghníomhaireachta, lena n-áirítear cigireachtaí feithicle agus cigireachtaí láithreáin ilghníomhaireachta | 13 |
| Cigireachtaí earnálacha ar dhramhaíl ghuaiseach (e.g. FAD, garáistí, mionsaotharlanna, cúram sláinte tionsclaíoch, TOManna & eile): | 5 |
| Cigireachtaí a bhaineann le scaradh, aisghabháil agus diúscairt dramhaíl láimhseála T&S ag láithreáin tógála/forbartha lena n-áirítear mórthionscadail phoiblí (e.g. Pleananna Bainistíochta Dramhaíola, láimhseáil Ghipsim, etc) | 55 |
| Suirbhéanna ar Dhramhaíl Tí | 183 |
| Cigireachtaí a bhaineann le bailiú dramhaíola tí & tráchtála c/b (lena n-áirítear an Bosca Bruscair Donn) | 50 |
| Cigireachtaí eile ar shealbhóirí ceadúnais bailithe dramhaíola lena n-áirítear eg iniúchtaí bailíochtaithe, nach bhfuil curtha san áireamh thuas | 33 |
| Cigireachtaí Dramhaíola Bia Tráchtála - tairgeoirí dramhaíola bunaidh (óstáin, tithe altranais, bialanna etc) | 14 |
| Cigireachtaí a bhaineann le saoráidí FRC (SCÚnna) údaraithe le béim ar cheanglais inrianaitheachta (IR 320 de 2014) | 8 |
| Gnáthchigireachtaí eile (níl san áireamh sna figiúirí thuas) - sonraigh le do thoil (e.g. FRCanna neamhúdaraithe) | 11 |
| Iniúchtaí imscrúdaitheacha ar dhiúscairt mhídhleathach nó ar dhumpáil mhídhleathach, seachas T&S, FRCanna & Boinn neamhúdaraithe | 3 |
| Iniúchtaí Imscrúdaitheacha a bhaineann le láithreáin T&S neamhúdaraithe (láithreáin nach bhfuil ceadúnas acu) | 4 |
| Cigireachtaí a bhaineann le Láithreáin dramhaíola neamhúdaraithe seachas an méid thuasluaite agus AACanna & cigireachtaí ar fheithiclí tuairteáilte etc. | 7 |
| Cigireachtaí i ndáil le Ceadanna Saoráidí Dramhaíola a bheith ag leanúint ar aghaidh ag feidhmiú i ndiaidh don chead a bheith imithe in éag | 2 |
| Cigireachtaí i ndáil le tionscail eastóscacha | 2 |
| Dramhaíl Tí/Cigireachtaí ar chur i láthair dramhaíola ag eascairt as gearáin, dó clóis san áireamh | 3 |
| Cigireachtaí ar láithreáin arna bhfógairt faoi Airteagal 27 | 6 |
| Cigireachtaí neamhghnáthaimh eile (níl san áireamh sna figiúirí thuasluaite) | 11 |
| **IOMLÁN** | **1102** |

## Cigireachtaí Uisce & Fuíolluisce 2024

| Cigireachtaí Uisce & Fuíolluisce | Cigireachtaí críochnaithe in 2024 |
|---|---|
| Ceadúnas doirte san uisce (Alt 4) | 16 |
| Iniúchtaí ar sholáthairtí uisce príobháideacha | 5 |
| Cigireachtaí Feirme faoi Rialacháin DCT déanta ag ÚÁ (níl cigireachtaí feirme déanta ag RTFM) | 133 |
| Cigireachtaí Feirme Eile e.g. Gnáthchigireacht feirme ach ní cigireachtaí DCT BITHSHOLAID | 34 |
| Samplaí monatóireachta imscrúdaitheacha CTU agus anailís á déanamh ag Údaráis Áitiúla | 388 |
| Uiscí Snámha | 22 |
| Cigireachtaí CCFUT faoi Phlean Cigireachta Náisiúnta do Dhabhcha Séarachais | 25 |
| Gníomhaíochtaí Rannpháirtíochta CCFUT | 32 |
| Cigireachtaí Cosanta Uisce Dromchla & Screamhuisce Eile [e.g. foinse uisce óil a chosaint, monatóireacht cm, etc] | 4 |
| Suirbhéanna Mícheangail | 8 |
| Cigireachtaí a bhaineann le teagmhais/gearáin truaillithe uisce, níl cigireachtaí feirme neamhghnáthaimh sna áireamh | 6 |
| Cigireachtaí feirme neamhghnáthaimh, eg de bhua teagmhais nó gearáin maidir le truailliú | 6 |
| Doirteadh Neamhúdaraithe Iniúchta | 15 |
| Cigireachtaí i ndáil le hiarratais ar Cheadúnas Truaillithe Uisce | 7 |
| Cigireachtaí Iomlána sna catagóirí thuas | 701 |

## Staidreamh Bliantúil faoi Mhadraí 2024

| | |
|---|---|
| Madraí Seachráin | 168 |
| Madraí Tugtha Suas | 18 |
| Madraí Faighte Ar Ais | 38 |
| Úinéirí Nua Faighte ag Dídean Ainmhithe | 49 |
| Atreoraithe chuig Ionad Tarrthála | 102 |
| Cuir Síos (sonraigh an chúis) – Leas an Mhadra | 1 |

## Spotsolas ar Bhithéagsúlacht

Ceapadh Oifigeach Bithéagsúlachta Cheatharlach ar an 6 Eanáir 2024, agus fuarthas maoiniú deontais luach €101,689 faoin gCiste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil (NPWS), agus maoiniú deontais luach €20,000 faoi Chiste an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil (An Chomhairle Oidhreachta), chun dlús a chur le cur chun feidhme Gníomhaíochtaí faoi Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Cheatharlach 2023-2025.

Ina measc bhí:

- Suirbhé ar Bhogaigh Cheatharlach – chun eolas a bhailiú faoin ngnáthóg bhogaigh atá le fáil i gCeatharlach.
- Tionscadal Hare's Corner Cheatharlach – chun cabhrú le húinéirí talún spás don dúlra a chruthú trí linn fiadhúlra a shuiteáil, nó úllord oidhreachta nó mionchoillearnach a chur.
- Rialú Speiceas Ionrach Cheatharlach – gnáthóg bhruachánach a athchóiriú trí róslabhras agus labhras silíní a rialú.
- Suirbhé Dobharcheantar Fálta Sceach Cheatharlach – measúnú a dhéanamh ar fhálta sceach a bhfuil feidhm cháilíochta uisce acu, i.e. comhthreomhar le haibhneacha, agus ag íochtar talún atá ar fána, agus le bonnstruchtúr maith.
- Suirbhé Dobharchúnna Cheatharlach – léarscáil a chruthú chun a ndáileadh ar an mBoirinn, Abhainn an tSléibhe, agus codanna uirbeacha de An Bhearú, a léiriú.
- Suirbhé Bearnaí & Ilroinnt Gnáthóige Bruachánaí na Boirne – réimsí tosaíochtaí feadh na habhann a mhapáil chun críche idirghabhála athchóirithe.
- Athchóiriú Abhann & Bruachánach an Abhalloirt – oibreacha athchóirithe chun gairbhéal sceathraí a athbhunú agus chun an crios bruachánach a neartú.
- Suirbhé ar Fhlóra Cosanta agus Neamhchoitianta Cheatharlach – measúnú a dhéanamh ar stádas reatha na dtaifead flóra neamhchoitianta.
- Tionscadal Taifeadta Chuil Bhealtaine Cheatharlach (cuid d'iarratas le 27 Údarás Áitiúil eile agus CUÚÁ)
- Suirbhé Gráinneog Cheatharlach – suirbhé eolaíochta saoránach chun eolas a bhailiú faoin daonra i gCeatharlach.
- Suirbhé Crann Suntasach Cheatharlach – chun suirbhé a rinneadh in 2004 ar bhreis is 600 crann suntasach a nuashonrú.

## Clár Foghlama Feidhmeach do Phobail Tírdhreacha Ardluacha Dúlra

Ba é an aidhm a bhí leis an tionscadal seo teacht ar thuiscint níos fearr ar bhainistíocht tírdhreacha bunaithe ar thorthaí i measc phobal níos ginearálta na Carraige Duibhe, caidreamh feirmeoireachta agus neamhfheirmeoireachta a spreagadh, agus an bhonnchloch do mhaoirseacht pobail amach anseo a threisiú.

Bhí seachadadh an tionscadail bunaithe ar chúig phríomhghné:

1 Díriú ar úinéirí talún neamhfheirmeoireachta i gceantar na Carraige Duibhe chun "Pleananna don Dúlra" a ullmhú (cuid de thionscnamh Hare's Corner chun spás don dúlra a chruthú) – 13 Phlean críochnaithe

2 Ceardlann Coimeádaithe Oidhreachta ar an láthair a reáchtáil do ghrúpaí pobail agus sainleasa áitiúla, agus cuireadh maoiniú ar fáil do shé thionscadal gníomhaíochta áitiúla, lena n-áirítear measúnú seandálaíochta ar Na Naoi gCloch, agus tacar taispeána de bhonneagar fiadhúlra (i.e. boscaí éan agus ainmhithe).

3 Comhdháil Pobail, "*Na Tírdhreacha a Nascann ár bPobail Feirmeoireachta agus Neamhfheirmeoireachta*", le cabhair ó Ambasadóirí Áitiúla Feirmeoireacht don Dúlra agus comhordaitheoirí an Chláir Agra-Chomhshaoil (bhí breis is 60 duine i láthair).

4 Siúlóidí Feirme Treoraithe do rannpháirtithe sna himeachtaí thuasluaite, lena n-áirítear mic léinn Eolaíochta Talmhaíochta agus Scoileanna Glasa ó Choláiste na Buiríse

5 An Charraig Dhubh a thuiscint trí fhoilseachán Ealaíne - *"Landscapes of Inspiration & Imagination: Musings from the Blackstairs Mountains"* curtha i dtoll a chéile ag mic léinn agus ag baill foirne ó Choláiste na Buiríse.



*Owen Carton i mbun ceardlainne*




*An tAire Noonan ag Comhdháil Pobail*



*Rannpháirtithe i gCoimeádaithe Oidhreachta*

## Spotsolas ar Bhainistíocht Dramhaíola

### Toradh Phlean na Cigireachta Comhshaoil 2022

Shonraigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide na Tosaíochtaí Forfheidhmithe Náisiúnta (TFNanna) gach bliain. Ní mór do gach údarás áitiúil a phlean cigireachta a chur ar fáil don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ina phlean cigireachta chun freagairt do na TFNanna mar aon le tuairisceán mionsonraithe le haghaidh cigireachtaí agus torthaí don bhliain roimhe sin (ar a dtugtar Plean ÍCMCC).

Chinn an GCC gur Tosaíochtaí i gcomhair 2023 é meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na nÚdarás Áitiúil uile. Cúis áthais do Chomhairle Contae Cheatharlach ní hamháin gur chomhlíon sí an caighdeán sonraithe ach gur éirigh léi 85% a bhaint amach, figiúr a sháraigh an meán náisiúnta atá cothrom le 70%.

### Plean Bainistíochta Bruscair 2024-2026

De réir Alt 10 – 13 d'Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, arna leasú, rinne Comhairle Contae Cheatharlach athbhreithniú ar a Plean Bainistíochta Bruscair 2021-2023, agus d'ullmhaigh sí Plean Bainistíochta Bruscair i gcomhair 2024-2026.

Is é an aidhm atá le Plean Bainistíochta Bruscair an Údaráis Áitiúil déileáil le saincheisteanna bruscair i gContae Cheatharlach trí thairbhe a bhaint as cur chuige struchtúrtha agus straitéiseach.

Déantar cur síos sa phlean ar an staid reatha bruscair ar fud an chontae, ar reachtaíocht ábhartha maidir le bruscar a rialú, seirbhísí a thairgeann Comhairle Contae Cheatharlach, mar aon le tionscnaimh atá dírithe ar oideachas, feasacht agus rannpháirtíocht leis an bpobal agus le gnóthaí.



## Feasacht Chomhshaoil

### Féile Scannán Bruscair

Bhí an tionscadal seo á mhaoiniú trí leithdháileadh Cheatharlach faoin Scéim Náisiúnta Frithbhruscair & Frithghraifítí. San áireamh bhí cur i láthair faoin gcomhshaol, bailiú bruscair agus ceardlanna eagraithe ag an bhFoireann Comhshaoil agus ag ionadaithe áitiúla na mBailte Slachtmhara i sé mheánscoil. Ina dhiaidh sin, reáchtáil Create School ceardlanna agus sholáthair sí tacaíocht i ndáil le Príomhscileanna don Chéad Ghlúin Eile, cuireadh ar chumas mac léinn gearrscannáin a fhorbairt ina dtarraingítear aird ar shaincheisteanna domhanda agus áitiúla a bhaineann le dramhaíl, truailliú agus an tionchar atá acu ar an gcontae agus ar an bpláinéad.

Is mian linn comhghairdeas a dhéanamh le Coláiste na Toirbhirte, Ceatharlach, ar bronnadh an Dara Duais orthu don "Scannán is Fearr" ag an gCraobhchomórtas Náisiúnta dá scannán dar teideal *Out of Sight, Out of Mind*, Coláiste Aindriú, Muine Bheag, a tháinig sa Dara hÁit sa chomórtas réigiúnach dá scannán dar teideal *Something Fishy*, Gairmscoil na Buiríse, a bhuaigh an Duais Réigiúnach don Phóstaer is fearr dar teideal *Don't Ruin It*.

### Ag Obair lenár Scoileanna

Clár na scoileanna. Bronnadh bratacha ar 9 Scoil in 2024.

Roghnaíodh feachtas *Voice Ireland Picker Palls* chun oibriú le 14 Bhunscoil ar fud an Chontae chun tacú le breis feasachta maidir le bruscar agus chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí chun bruscar a chosc.

### Spotsolas ar an Athrú Aeráide


Arna ghlacadh ag na Baill Tofa i mí Eanáir 2024, is creat cuimsitheach é Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Cheatharlach 2024-2029 a bhfuil sé mar aidhm leis na spriocanna atá sonraithe in Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, a chomhlíonadh. Soláthraíonn an tacar de 73 gníomh atá le fáil sa phlean cosán struchtúrtha chun astaíochtaí a laghdú, athléimneacht aeráide a fheabhsú agus tacú le haistriú cóir do phobal ginearálta Cheatharlach.

Ag an 31 Nollaig 2024

- tá 36 gníomh críochnaithe.
- táthar ag obair ar 20 gníomh.
- níl tús curtha le 17 ngníomh.

### CO2 agus Fuinneamh: Monatóireacht & Tuairisciú 2024.

Tá tuarascáil bhliantúil Mhonatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) sainordaithe faoi rialacháin Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), a cheanglaíonn ar chomhlachtaí earnála poiblí a bhfeidhmíocht fuinnimh a thuairisciú go díreach do SEAI – de réir IR 426 de 2014.



Dírítear i dtuarascáil M&T ar na príomhphointí seo a leanas: anailís ar ídiú fuinnimh agus astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa; comparáid le spriocanna éifeachtúlachta agus astaíochtaí i gcomhair 2030; sonraí curtha i láthair ag Údarás Áitiúil Cheatharlach; dul chun cinn a rianú i ndáil le spriocanna 2030; béim ar chuspóirí éifeachtúlachta fuinnimh a chomhlíonadh; feabhsuithe agus nuálaíocht.


Cuirtear tuairisciú bliantúil ar fáil bunaithe ar mhoill bliana agus ullmhaítear a leithéid i gcomhpháirt lenár gcomhpháirtithe fuinnimh, Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt, agus tá na sonraí tuairiscithe M&T i gcomhair 2023 ar fáil anois ar shuíomh gréasáin Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).

In 2023, thairg Údaráis Áitiúla Cheatharlach 1,785,037 Kg de CO2, sin laghdú foriomlán de 1,023,632 Kg CO2 i gcomparáid leis an bhfigiúr bonnlíne a bhí cothrom le 2,808,669 Kg de CO2.


De bhrí go bhfuil sprioc 2030 socraithe ag 832,670 Kg de CO2, ní mór don Údarás Áitiúil laghdú eile de 952,367 Kg de CO2 a bhaint amach roimh 2030.

- Teirmeach: Tá astaíochtaí ag laghdú ó 2019 ach tá siad fós go maith os cionn sprioc 2030, fianaise go bhfuil gá le straitéisí laghdaithe níos láidre.
- Iompar: Tá na hastaíochtaí athraithe ach níl ach méadú beag i gcomparáid leis an mbonnlíne tugtha faoi deara. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Údarás Áitiúil Cheatharlach sa réimse seo in 2024.

**Sprioc iomlán $CO_2$**




**Sprioc éifeachtúlachta fuinnimh**






*Seoladh Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide Cheatharlach*

| Eagraíocht | Méid Maoinithe | Cur Síos ar an Tionscadal |
|---|---|---|
| **Páirc Thigh an Réileáin** | €20,000 | Uasghrádú soilsithe phoiblí go dtí roghanna atá tíosach ar fhuinneamh |
| **Gaeil Mhuine Bheag** | €38,690 | Feabhsuithe comhordaithe a raibh baint ag Gaeil Mhuine Bheag, AFC Mhuine Bheag agus an Gairdín Pobail leo. |
| **CLG Naomh Pádraig, An Tulach** | €39,707 | Grianphainéil agus córais cadhnraí a shuiteáil. |
| **Club Iománaíochta Bhaile Cheatharlach** | €50,000 | Grianphainéil agus uasghráduithe fuinnimh a chur chun feidhme, lena n-áirítear córais téimh uisce agus fuinneoga atá tíosach ar fhuinneamh. |
| **Seid na bhFear, An Tulach** | €25,596 | Feabhsuithe foirgnimh cosúil le hinsliú, fuinneoga agus doirse nua, soilsiú braiteora, grianphainéil agus córais téimh atá tíosach ar fhuinneamh. |
| **Portach an Droimín** | €93,648 | Athfhliuchadh Phortach an Droimín agus siúlbhealach a shuiteáil (faoi réir cead pleanála a fháil). |
| **AFC Naomh Pádraig, An Ghráig** | €50,930 | Suiteáladh córas uisce the atá tíosach ar fhuinneamh, tuilsoilse nua le leaganacha atá tíosach ar fhuinneamh, insliú foirgnimh, stáisiún athlíonta uisce agus plandaí bithéagsúlachta. |
| **Ionad Pobail Mhísil** | €53,319 | Insliú agus fuinneoga nua, mar aon le seastáin rothar a shuiteáil. |

## Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Cheatharlach 2024.

Reáchtáladh chéad Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Cheatharlach idir an 14 agus an 20 Deireadh Fómhair 2024. Tríd is tríd, reáchtáladh 35 imeacht i rith na seachtaine. Imeachtaí saor in aisce ba ea 21 imeacht a bhí eagraithe/á stiúradh ar bhonn idir-roinne i gcomhpháirt leis an bhFoireann Aeráide.

D'eagraigh faighteoirí an Chiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide 9 n-imeacht phobalbhunaithe, agus eagraíodh 5 imeacht i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara lena n-áirítear, Teagasc, SETU, Coláiste Cheatharlach, Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus LRP Cheatharlach. Tríd is tríd, d'fhreastail thart ar 1,300 duine ar an 35 imeacht, a reáchtáladh ar an láthair agus ar líne.

## Oiliúint sa Litearthacht Aeráide

Cuireadh tús le cúrsa oiliúna sé seachtaine do dhaoine atá os cionn 60 bliain d'aois ar an 6 Samhain in An Gairdín Beo. Ba é an aidhm a bhí leis an gclár oideachas um ghníomhú ar son na haeráide rannpháirtithe a fheabhsú, cabhrú leo teacht ar thuiscint ar an gcaoi a gcuireann a gcuid gníomhaíochtaí laethúla le hastaíochtaí carbóin agus, dá réir sin, leis an athrú aeráide. Chabhraigh sé leo freisin chun plean a chruthú chun a lorg carbóin pearsanta a laghdú. Ghlac 24 duine ar fad páirt sa chúrsa.

Ghlac Scoileanna i mBaile Cheatharlach páirt i gclár litearthachta aeráide a chur Oideachas ar mhaithe le hinbhuanaitheacht ar fáil. I rith an chúrsa 10 seachtaine, dhírigh rannpháirtithe ar an mbearna idir eolas agus gníomhaíochtaí trí threochlár gníomhaíochtbhunaithe d'eolas, uirlisí agus scileanna a bhí deartha chun cur ar a gcumas maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe trí litearthacht aeráide a fheabhsú, a chur ar fáil do mhúinteoirí, príomhoidí agus mic léinn.

## Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA.

Mar iar-Sheaimpíní SFI, tá Comhairle Contae Cheatharlach ag feidhmiú mar Ambasadóirí SFI i láthair na huaire.

I rith sheachtain SFI 2024, dhear agus sholáthair Oifigeach Feasachta Comhshaoil Cheatharlach seimineár gréasáin dar teideal "na Buntáistí Sláinte agus Folláine a bhaineann le Bia Áitiúil a Fhás agus a Aimsiú" a chruthaigh nasc díreach idir na SFInna seo a leanas agus táirgeadh bia áitiúil.

- SFI Uimhir 1: Díothú na Bochtaineachta
- SFI Uimhir 2: Díothú an Ocrais
- SFI Uimhir 3: Sláinte Mhaith agus Dea-bhail
- SFI Uimhir 4: Oideachas ar Ardchaighdeán
- SFI Uimhir 6: Uisce Glan & Sláintíocht
- SFI Uimhir 10: Neamhionannais Laghdaithe
- SFI Uimhir 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe
- SFI Uimhir 12: Tomhaltas agus Táirgeacht Fhreagrach
- SFI Uimhir 13: Gníomhú ar son na hAeráide
- SFI Uimhir 15: Beathra ar Talamh

Cuireadh an cheardlann seo ar fáil i gcomhpháirt le LRP Cheatharlach agus cuireadh samplaí ar fáil maidir leis an tábhacht agus na buntáistí a bhaineann le tacú le córais bhia áitiúla agus an tslí a gcruthaíonn siad nasc idir daoine agus pobail ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

# Seirbhísí Éigeandála & Rialú Foirgníochta

**186**
Fógraí um Thosach Feidhme

**88**
Cigireachtaí um Rialú Foirgníochta

**37**
Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán

**28**
Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

**46**
Cigireachtaí Bliantúla ar Cheadúnú Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

**Tá Briogáidí Dóiteáin ag Comhairle Contae Cheatharlach i gceithre Stáisiún Dóiteáin atá suite i mBaile Cheatharlach, Muine Bheag, An Tulach agus Baile Haicéid. Chomh maith leis sin, tá Ionad Oiliúna & Forbartha Seirbhísí Dóiteáin, An Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistíochta Dóiteáin & Éigeandála, Óglaigh na hÉireann agus Aerchór na hÉireann lonnaithe i Stáisiún Dóiteáin Bhaile Haicéid freisin.**

Cinntíonn na criúnna tiomanta, mar aon le feithiclí agus trealamh nua-aimseartha, go soláthraítear seirbhís phras, éifeachtúil agus éifeachtach a d'fhreagair do 535 teagmhas éigeandála ar leithligh agus 696 freagairt ó Bhriogáidí Dóiteáin Chontae Cheatharlach in 2024. Ba ionann é sin agus laghdú dearfach 6% ar fhreastal ar theagmhais éigeandála i gcomparáid leis an bhfigiúr iomlán i gcomhair 2023. Níor taifeadadh aon bhás mar thoradh ar thine i gCo. Cheatharlach in 2024. Ag tacú leis an bhfreagairt oibriúcháin tá Ionad Rialaithe Réigiúnach an Oirthir atá lonnaithe i gCeanncheathrú Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ar Shráid Chnoc na Lobhar, a ghlacann le glaonna ón pobal tríd an tseirbhís 999/112 agus a sholáthraíonn na hacmhainní seirbhísí dóiteáin oiriúnacha i gContae Cheatharlach. Soláthraítear seirbhísí cosúil le riarachán, gníomhaíochtaí chun dóiteán a chosc, Rialú Foirgníochta, Bainistíocht Móréigeandála etc. ó Cheanncheathrú na Seirbhíse Dóiteáin ag Green Lane, Baile Cheatharlach.

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

Tarraingíodh aird i dTuarascáil Príomhtháscairí Feidhmíochta an Údaráis Áitiúil 2023, a chuir CNMI (An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta) i gcrích agus a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2024, aird ar an bpointe go raibh costas per capita de €46.71 do gach duine den daonra ag Údarás Dóiteáin Cheatharlach. Tá sé sin ag teacht leis an meán náisiúnta - €45.96 per capita chun na Stáisiúin Dóiteáin ar Áirithíocht a fheidhmiú. Tarraingíodh aird i dtuarascáil CNMI freisin ar an bpointe, i gcás 87% de na freagairtí, go raibh criú ó Sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Cheatharlach ag láthair teagmhais éigeandála laistigh de 20 nóiméad ó iarratas a fháil.

## Seirbhísí Éigeandála & Rialú Foirgníochta

Sonraítear sa Chód Cleachtais chun Foirgnimh agus Oibreacha a Iniúchadh agus a Dheimhniú i ndáil le cigireachtaí ar fhoirgnimh nua, a bhfuil fógraí bailí um thosach feidhme faighte lena n-aghaidh, ceanglas íosta de 12 – 15%. Bhí an ráta cigireachta a bhí luaite le hÚdarás Rialaithe Foirgníochta Chontae Cheatharlach cothrom le 22%. Ceadaíodh iarratais Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán laistigh den tréimhse reachtúil 2 mhí in 74% de na cásanna, figiúr a bhí os cionn an mheáin náisiúnta atá cothrom le 52%.

## Sábháilteacht, Sláinte & Leas & Córais Bhainistíochta Cáilíochta

I mí na Nollag 2023, dheimhnigh Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann Córas Bainistíochta Sábháilteachta Sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Cheatharlach ag caighdeán ISO 45001. Is deimhniú é sin go bhfuil dea-chleachtas idirnáisiúnta á chomhlíonad ag an gcóras bainistíochta sábháilteachta atá in úsáid ag Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Cheatharlach agus aitheantas ar an obair agus ar an díograis atá á léiriú i ngach rannóg agus leibhéal den tseirbhís atá riachtanach chun an caighdeán seo a chomhlíonadh. Ciallaíonn bronnadh ISO 45001 go bhfuil an eagraíocht aitheanta go hidirnáisiúnta i gcatagóir éilíte gnóthaí, ceann amháin de líon beag seirbhísí dóiteáin a bhfuil an caighdeán seo bainte amach aige in Éirinn. In 2024, chloígh Seirbhís Dóiteáin an Chontae lena tiomantas don chaighdeán seo agus rinne sí iniúchadh inmheánach chun ullmhú don iniúchadh athchreidiúnaithe 2 lá a rinne Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann i Ráithe 1 de 2025.

HEALTH & SAFETY
ISO 45001:2018
NSAI Certified

Chomh maith leis sin, rinne Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Cheatharlach iarratas ar chlárú do chaighdeán Chóras Bainistíochta Cáilíochta ISO 9001 a leag amach na ceanglais riachtanacha do chóras bainistíochta cáilíochta (CBC) praiticiúil agus éifeachtach arb éard atá ann i ndáiríre córas chun riosca a íoslaghdú agus deiseanna a uasmhéadú. Is é an caighdeán an chéad rud a lorgaíonn beagnach gach eagraíocht, mór nó beag, poiblí nó príobháideach, a chinneann a nósanna imeachtaí bainistíochta a threisiú, a shruthlíniú nó a athbhreithniú. Is féidir an caighdeán a úsáid chun díriú ar fheidhmíocht a fheabhsú i roinn, monarcha nó láithreán ar leith. Ghlacfaí leis mar dheimhniú go bhfuil dea-chleachtas idirnáisiúnta á chomhlíonadh ag an gCóras Bainistíochta Sábháilteachta atá in úsáid ag Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Cheatharlach agus aitheantas ar an obair agus ar an díograis atá á léiriú i ngach rannóg agus leibhéal den tseirbhís atá riachtanach chun an caighdeán seo a chomhlíonadh. Chun an caighdeán seo a bhaint amach, rinneadh iniúchadh inmheánach ar Sheirbhís Dóiteáin an Chontae in 2024 chun ullmhú d'iniúchadh clárúcháin 2 lá a bheadh á dhéanamh ag Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann i Ráithe 1 de 2025. Sa chás go n-éireoidh le Seirbhís Dóiteáin an Chontae an creidiúnú seo a fháil glacfar léi mar cheann de líon beag seirbhísí a bhfuil caighdeán ISO 45001 & ISO 9001 bronnta uirthi.

## Maoiniú Caipitil

D'fhógair an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien TD, maoiniú luach €20.8 milliún chun 40 fearas dóiteáin nua 'Aicme B' a chur ar fáil, a leithdháilfear ar fud an 27 Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Údaráis Áitiúil atá le fáil ar fud na tíre. Fuair Seirbhís Dóiteáin Chontae Cheatharlach leithdháileadh d'Fhearas Aicme B nua amháin mar chuid den fhógra seo agus tá sé beartaithe go mbeidh an fearas seo ar fáil i Ráithe 1 2026. Fuair Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Cheatharlach cead chun tairiscint a eisiúint do sheirbhísí dearaidh agus innealtóireachta d'athchóiriú agus d'uasghrádú Stáisiún Dóiteáin Mhuine Bheag a chuirfidh feabhas suntasach ar choinníollacha oibre na gcomhraiceoirí dóiteáin sa stáisiún. Fuair Seirbhís Dóiteáin Chontae Cheatharlach maoiniú ón Stiúrthóireacht Náisiúnta do roinnt Tionscadal Caipitil in 2024 lena n-áirítear:

| | |
|---|---|
| **3 Veain Phainéil Nua a Cheannach** | €197,000 |
| **3 Jíp 4x4 Nua a Cheannach** | €190,000 |
| **2 Fhearas Dóiteáin 2009 a cheannach don Fhlít Athléimneach** | €140,000 |
| **Trealamh Comhraicthe Dóiteáin don Timpeallacht Thógtha Nua-aimseartha** | €55,000 |
| **Trealamh Freagartha Tuilte & Uisce/Tarrthála** | €45,000 |
| **Fearas Dóiteáin Aicme B (Táthar ag súil go mbeidh sé ar fáil i Ráithe 1 2026)** | €465,000 |



Cuireadh oibreacha caipitil suntasacha i gcrích in Ionad Oiliúna & Forbartha Bhaile Haicéid i rith 2024. I measc na n-oibreacha bhí aonaid oiliúna dóiteáin bheo nua a chur ar fáil sna saoráidí Gaireas Análaithe agus Iompair Dóiteáin Urrainne agus Gaireas Análaithe agus meaisín dí-éillithe TCP a shuiteáil.

I measc na n-oibreacha eile a cuireadh i gcrích bhí foirgneamh stórála forcardaitheora a thógáil, áiteanna feabhsaithe chun athraithe do mhic léinn agus do theagascóirí agus saoráidí feabhsaithe seomra ranga. Fuarthas cead i bprionsabal do mhaoiniú chun oibreacha feabhais breise a dhéanamh san ionad lena n-áirítear túr oiliúna speisialta dóibh siúd a bhíonn ag obair in áiteanna arda a thógáil, foirgneamh neachtlainne nua do TCP, foirgnimh chun feithiclí a stóráil agus roinnt saoráidí athraithe nua.

## Oiliúint

Cuireadh raon Cúrsaí Oiliúna speisialaithe ar fáil do chomhraiceoirí dóiteáin oibriúcháin i rith 2024. Cuireadh Cúrsaí Oiliúna Oifigeach mar aon le hoibriú Caidéal agus cúrsaí maidir le Cúr Aeir Chomhbhrúite, Gaireas Análaithe, Iompar Dóiteáin Urrainne, Ag Obair in Áiteanna Arda, Castainní, Roithleáin Scríobacha, Tiomáint Feithiclí na Seirbhísí Éigeandála, Céad Fhreagróir Éigeandála agus Céad Fhreagróir Cairdiach ar fáil do na criúnna ar fad. Chomh maith leis sin, d’infheistigh Seirbhís Dóiteáin an Chontae i gcúrsaí oiliúna nua Garchabhrach Meabhairshláinte agus idirghabhála i dtaca le Féinmharú don fhoireann ar fad. Méadaíodh líon na dTacadóirí Piaraí Stáisiúin Bainistíochta Struis Teagmhais Chriticiúil go dtí beirt i ngach stáisiún agus cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil do Thacadóirí Piaraí nua in 2024. Oileadh Teagascóirí Nua a bhí ag díriú ar Láimhsiú, Gaireas Análaithe, Iompar Dóiteáin Urrainne agus Imbhuailtí Tráchta Bóthair in 2024 rud a chiallaigh go raibh an tacar scileanna agus an athléimneacht laistigh de Sheirbhís Dóiteáin an Chontae á bhforbairt tuilleadh. Chuir Comhraiceoirí Dóiteáin Earcaigh bunchúrsa oiliúna earcaigh tosaigh i gcrích mar aon le cúrsa oiliúna maidir le conas Gaireas Análaithe a úsáid agus Iompar Dóiteáin Urrainne. Chuir Comhraiceoirí Dóiteáin Cheatharlach an clár oiliúna bliantúil i gcrích i raon disciplíní oiliúna i rith 2024.





## Oibríochtaí

D'fhreastail criúnna as ar fud Chontae Cheatharlach ar 535 teagmhas éigeandála ar leithligh a bhí mar bhonn le Briogáidí Dóiteáin Cheatharlach a bheith i láthair ag 696 teagmhas in 2024. Ba ionann é sin agus laghdú dearfach 6% ar fhreastal ar theagmhais éigeandála i gcomparáid leis an bhfigiúr iomlán i gcomhair 2023.

Níor taifeadadh aon bhás mar thoradh ar thine i gCo. Cheatharlach in 2024. Tugadh méadú beag, 4%, faoi deara ar líon na nImbhuailtí Tráchta Bóthair ar freastalaíodh orthu in 2024 i gcomparáid le 2023. Tá gníomhachtú taismeach aláram dóiteáin a bhfuil monatóireacht á déanamh orthu in áitreabh tráchtála agus cónaithe ag cruthú fadhbanna leanúnacha don tseirbhís dóiteáin, ach tugadh laghdú dearfach 8% faoi deara in 2024 i gcomparáid le 2023. Tá Seirbhís Dóiteáin an Chontae ag leanúint ar aghaidh le tionscnaimh a fhorbairt mar iarracht a leithéid a laghdú.

Chuir triúr comhraiceoirí dóiteáin earcaigh nua tús lena ndualgas oibriúcháin le Briogáid Dóiteáin na Tulaí, lena n-áirítear an chéad bhanchomhraiceoirí dóiteáin atá páirteach sa Bhriogáid seo. Thosaigh triúr comhraiceoirí dóiteáin nua ag obair do Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Haicéid freisin. Ba í Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Cheatharlach an chéad Údarás Dóiteáin in Éirinn ina raibh an líon iomlán, 12 chomhraiceoir dóiteáin, i ngach stáisiún de réir an chomhaontaithe WRC a rinneadh le déanaí. Líonadh gach post ardaithe céime in 2024 freisin. I láthair na huaire tá 49 comhraiceoir dóiteáin oibriúcháin i mbun oibre lena n-áirítear Tiománaí/Meicneoirí, Fo-oifigigh agus Oifigigh Stáisiúin agus tá 3 Oifigeach Dóiteáin Shinsearacha fostaithe i Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Cheatharlach.

## Sábháilteacht ó Dhóiteán & Cosc Dóiteáin sa Phobal

Le cois a gníomhaíochtaí oibriúcháin, bhí Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Cheatharlach an-ghníomhach freisin chomh fada is a bhain le sábháilteacht ó dhóiteán a chur chun cinn agus tá sí ag leanúint ar aghaidh le cigireacht a dhéanamh ar fhoirgnimh tionóil phoiblí mar iarracht oibleagáidí faoi Acht Seirbhísí Dóiteáin, 1981 & 2003, a chomhlíonadh. Bhí ról níos réamhghníomhaí ag Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Cheatharlach i ndáil le tacú le Sábháilteacht ó Dhóiteán i measc an Phobail go háirithe i rith na Seachtaine um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh a reáchtáladh idir an 30 Meán Fómhair agus an 6 Deireadh Fómhair 2024, agus tugadh cuireadh do bhaill den phobal cuairt a thabhairt ar Stáisiúin chun féachaint ar threalamh agus ar ghairis, labhairt le hOifigigh um Chosc Dóiteáin agus féachaint ar léirithe agus ar thaispeántais maidir le sábháilteacht ó dhóiteán. Foilsíodh teachtaireachtaí laethúla maidir le Sábháilteacht ó Dhóiteán ar leathanaigh meán sóisialta agus rinneadh agallaimh raidió le KCLR agus Beat FM. Lean Seirbhís Dóiteáin Chontae Cheatharlach ar aghaidh leis an tionscnamh dar teideal Seiceáil Sábháilteachta ó Dhóiteán sa Bhaile i rith 2024. Tugann comhraiceoirí dóiteáin cuairt ar dhaoine scothaosta sa bhaile, déanann siad seiceáil sábháilteachta ó dhóiteán sa bhaile, cuireann siad comhairle ar úinéirí tí maidir le sábháilteacht ó dhóiteán agus suiteálann siad brathadóirí deataigh nuair is gá. Chuir Comhraiceoirí Dóiteáin an Chontae breis is 150 Seiceáil Sábháilteachta ó Dhóiteán sa Bhaile i gcrích in 2024.








Cuireadh an ceadúnú bliantúil agus an chigireacht ar áitreabh i gcrích i mí Mheán Fómhair agus tá iarratais athnuachana ceadúnais tábhairneoirí, damhsa agus bialainne os comhair na gCúirteanna. Rinneadh cigireacht ar 46 áitreabh ar fad roimh dháta na Cúirte ag deireadh mhí Mheán Fómhair. Cuireadh méid mór oibre i gcrích chun forálacha an Achta Seirbhísí Dóiteáin a chomhlíonadh mar aon leis na dualgais riaracháin a bhaineann le deimhnithe, litreacha agus coinníollacha ceadúnais a eisiúint. Cuireadh roinnt forfheidhmithe i bhfeidhm in áitribh phoiblí agus eisíodh litreacha rabhaidh chuig úinéirí agus áititheoirí áitribh i ndiaidh cigireachtaí a dhéanamh de bhua gearán a fháil ó bhaill den phobal agus saincheisteanna ar tarraingíodh aird orthu i ndiaidh teagmhais a d'fhéadfadh a bheith luaite leis na hOifigigh Dóiteáin.

## Rialú Foirgníochta

Déanann an rannóg Rialaithe Foirgníochta bainistíocht ghníomhach ar an gCóras Bainistíochta Rialaithe Foirgníochta agus déanann sí cigireachtaí gnáthaimh ar thionscadail tógála chun a chinntiú go bhfuil gach cuid, A - M de na Rialacháin Foirgníochta á gcomhlíonadh, i rith na céime tógála, chun Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a bhailíochtú agus a scrúdú go teicniúil mar aon le comhairle a chur ar bhaill den phobal maidir leis an gcóras. Tá gach Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán agus Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas á gcur ar fáil anois tríd an gCóras Bainistíochta Rialaithe Foirgníochta. D'oibrigh an Rannóg Rialaithe Foirgníochta i ndlúthpháirt leis an Oifig Náisiúnta um Fhaireachas Margaidh a dhéanann monatóireacht ar cháilíocht agus ar chaighdeán na dtáirgí tógála a chuirtear ar

fáil le díol laistigh de Chontae Cheatharlach. Rinneadh cigireachtaí neamhfhógartha agus leantacha ar roinnt áitreabh a thairgeann táirgí tógála le díol laistigh de Chontae Cheatharlach.

## Ionad Oiliúna & Forbartha Bhaile Haicéid

Glactar le hIonad Oiliúna & Forbartha Bhaile Haicéid mar phríomhshaoráid agus príomhchuid den bhonneagar straitéiseach in Éirinn chomh fada is a bhaineann le cúrsaí oiliúna a chur ar fáil do chomhraiceoirí dóiteáin oibriúcháin agus d'oifigigh dóiteáin. Ag an tsaoráid seo soláthraítear Cúrsaí Oiliúna do Chomhraiceoirí Dóiteáin Earcaigh, Oiliúint maidir le Gaireas Análaithe, Oiliúint maidir le hIompar Dóiteáin Urrainne, Oiliúint maidir le hImbhuailtí Tráchta Bóthair, Oiliúint Leighis agus Oiliúint do Dhaoine a bhíonn ag Obair in Áiteanna Arda. Lena chois sin, reáchtáladh Cúrsa Oiliúna Teagascóra Iompair Dóiteáin Urrainne Dóiteáin & Éigeandála na Stiúrthóireachta Náisiúnta in 2024 cúrsa a chabhraigh chun na teagascóirí is nuaí sa tacar scileanna seo don Tír a fhorbairt. Gné uathúil a bhaineann leis an Ionad Oiliúna is ea gur féidir leis dhá chúrsa, trí chúrsa uaireanta, a reáchtáil ag an am céanna. Reáchtáladh cúrsaí sa tsaoráid do chomhraiceoirí dóiteáin as na Seirbhísí Dóiteáin seo a leanas - Ceatharlach, An Clár, Cathair Chorcaí, Contae Chorcaí, Ciarraí, Cill Chainnigh, Laois, Luimneach, Lú, An Mhí, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann, Port Láirge, An Iarmhí, Loch Garman agus Cill Mhantáin, agus d'Aerchór na hÉireann agus d'Óglaigh na hÉireann freisin. Reáchtálann GONSÚÁ (Grúpa Oiliúna Náisiúnta Seirbhísí Údaráis Áitiúil) Cúrsaí Oiliúna creidiúnaithe QQI go rialta dírithe ar Scileanna Comhraicthe Dóiteáin, Gaireas Análaithe agus Iompar Dóiteáin Urrainne san Ionad Oiliúna. Ar an iomlán, reáchtáil Ionad Oiliúna & Forbartha Bhaile Haicéid cúrsaí oiliúna ar 308 lá i rith 2024 do bhreis is 500 comhraiceoir dóiteáin. Méadóidh líon na gcúrsaí oiliúna a bheidh á reáchtáil i mBaile Haicéid in 2025 de bhrí gur earcaíodh 400 comhraiceoir dóiteáin ar áirithíocht breise go náisiúnta mar thoradh ar Mholadh a rinne WRC le déanaí.

## Eagraíocht Tarrthála Éireann

Lean foireann na hEagraíochta Tarrthála le cúrsaí oiliúna i rith 2024 agus ghlac sí páirt sa chomórtas náisiúnta. Tá iarracht déanta ag an bhfoireann baill nua a aimsiú as laistigh de Sheirbhís Dóiteáin an Chontae i rith na bliana.

## Bainistíocht Móréigeandála

D'oibrigh Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Cheatharlach i gcomhpháirt lena Gníomhaireachtaí Freagartha Comhpháirtíochta laistigh de Réigiún an Oirdheiscirt chun a chinntiú go raibh ar chumas na Comhairle a cuid feidhmeanna a chur i gcrích dá mbeadh aon Mhóréigeandáil le fógairt. Bhí ról gníomhach ag foireann Sheirbhís Dóiteáin an Chontae agus Chomhairle Contae Cheatharlach i meithleacha réigiúnacha i rith 2024. Oileadh Oifigigh idirchaidrimh leis na meáin nua sa Chomhairle, agus nuashonraíodh Plean Móréigeandála na Comhairle in 2024.

Bhí Seirbhís Dóiteáin an Chontae freagrach as an gcleachtadh móréigeandála réigiúnach is mó le deich mbliana anuas i dteannta le Gníomhaireachtaí Freagartha Comhpháirteacha tráth ar eagraíodh tuairt aerárthaigh tráchtála ionsamhlaithe ar Stua Laighean ar an 2 Deireadh Fómhair 2024. Páirteach sa chleachtadh seo bhí breis is 150 ball foirne ón tseirbhís éigeandála as ar fud na bPríomhsheirbhísí Éigeandála, Seirbhísí Éigeandála Deonacha agus bainisteoirí straitéiseacha as na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha. Mar chuid den ionsamhlú seo cuireadh Plean Móréigeandála Chomhairle Contae Cheatharlach i bhfeidhm, Plean a nuashonraíodh in 2024. Úsáidfear píosaí scannánaíochta ón gcleachtadh chun ábhair oiliúna Mhóréigeandála nua a fhorbairt a bheidh le húsáid ar fud na Tíre.



## Gníomhú ar son na hAeráide

Tá Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Cheatharlach ag leanúint ar aghaidh ag tacú le Plean um Ghníomhú ar son na

hAeráide Chomhairle Contae Cheatharlach agus é mar aidhm an sprioc - laghdú 51% d'aschur carbóin - a chomhlíonadh faoin mbliain 2030. Bhunaigh Seirbhís Dóiteáin an Chontae tuilleadh beart um Ghníomhú ar son na hAeráide i rith 2024, rinne gach ball foirne cúrsa oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide GONSÚÁ, cuireadh trealamh a raibh cadhnraí in úsáid ann ar fáil seachas Trealamh Fuascailte Imbhuailtí Tráchta Bóthair agus Feananna Aeraithe Brú Dhearfaigh, rud a chabhraigh le tuilleadh dícharbónaithe a dhéanamh ar threalamh na Seirbhísí Dóiteáin agus chun an t-aschur carbóin a laghdú.

Tá bainistíocht leanúnach á déanamh ar Ionad Oiliúna & Forbartha Bhaile Haicéid chomh fada is a bhaineann le bláthanna fiáine, bithéagsúlacht agus tá coirceoga suiteáilte i limistéar na mbláthanna fiáine áit a bhfuil cónaí ar roinnt saithí anois. Táthar ag súil go bhfeabhsóidh an beart seo bithéagsúlacht i gceantar Bhaile Haicéid. In 2024 ghlac Seirbhís Dóiteáin an Chontae agus thosaigh sí ag baint úsáid as an chéad Éiceafhearas Dóiteáin Aicme B in Éirinn. Baineann an Gaireas Dóiteáin seo úsáid as Plandola Hidreachóireáilte seachas díosal mar aon le grianphainéil agus bogearraí feithicle a luchtaíonn cadhnraí cúnta chun trealamh ina bhfuil cadhnraí a chumhachtú mar aon le soilse gorma éigeandála a úsáid ag láthair teagmhas. Ceadaíonn sé sin don Fhearas Dóiteáin tairbhe a bhaint as mód fuireachais nuair a bhíonn sé stoptha le haghaidh tréimhsí fada ama rud a chiallaíonn go bhfuil an t-aschur carbóin á laghdú. Chomh maith leis sin, tá Seirbhís Dóiteáin an Chontae ag forbairt réiteach teicniúil nuálach nua breise chun an t-aschur carbóin ó fheithiclí agus trealamh seirbhísí dóiteáin oibriúcháin a laghdú amach anseo.

## Flít Athléimneachta Náisiúnta na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin & Éigeandála

Tá Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Cheatharlach ag leanúint ar aghaidh ag tacú le hobair na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin & Éigeandála trí fhlít na Stiúrthóireachta a bhainistiú, flít de 13 Fhearas Dóiteáin Athléimneachta agus Oiliúna. Tá na 13 fhearas dóiteáin seo á mbainistiú agus á gcothabháil trí Sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Cheatharlach agus tá siad in úsáid ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta chun Clár Oiliúna Náisiúnta na Seirbhísí Dóiteáin a chur ar fáil ar fud na hÉireann d'oifigigh dóiteáin atá ag feidhmiú ag gach grád, idir Earcaigh agus Oifigigh Dóiteáin Shinsearacha.

# Bóithre & Iompar Inbhuanaithe

**1,329km**
Gréasán bóithre laistigh de Chontae Cheatharlach

**32**
Éilimh aisghabhála maoinithe luach €10,678,527

**131**
Orduithe an Phríomhfheidhmeannaigh/an Stiúrthóra Seirbhísí

**54**
Tosaíocht 1 Cóireálacha Seirbhísí Geimhridh -úsáideadh 252 tona salainn

**25**
Tosaíocht 2 Cóireálacha Seirbhísí Geimhridh -úsáideadh 640 tona salainn

**559**
Líon na gCeadúnas Oscailte Bóithre

**77**
Iarratas Ualaigh Neamhghnách próiseáilte

**€437,086**
Caiteachas ar Oibreacha Cothabhála ar Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád

**€4,476,239**
Caiteachas Iomlán ar Oibreacha Feabhsaithe ar Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád

**€10,628,969**
Caiteachas ar Fheabhsuithe ar Bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla

**4,219**
Líon na Soilse Poiblí LED sa Chontae

**€2,585,800**
Caiteachas ar Chothabháil ar Bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla

**€296,286**
Caiteachas ar Chothabháil agus ar Fheabhsú ar Dhroichead Bóthair Réigiúnach & Áitiúil

**€1,320,933**
Caiteachas ar Dhraenáil Bóthair Réigiúnach & Áitiúil, Oibreacha Sábháilteachta ar Bhóithre & Oibreacha Eile

**6,733**
Líon na Soilse Poiblí sa Chontae

**1,568**
Líon na nOibreacha Deisiúcháin ar Shoilse Poiblí curtha i gcrích

**€518,904 & €2,556,824**
Costais Feabhsaithe Fuinnimh Soilsithe Phoiblí & TÉFSP

**Tá tábhacht ag baint le gréasáin bóithre agus iarnróid maith chun rathúnas eacnamaíoch contae a chinntiú. Tá sé riachtanach go mbeadh rochtain mhaith ar an bpríomhchathair, ar na calafoirt agus ar na bailte móra sa réigiún. Chun críocha eacnamaíocha, sóisialta agus áineasa, tá sé riachtanach freisin go bhfuil an bonn sócmhainní bóithre réigiúnacha agus áitiúla á chothabháil ag na caighdeáin is airde agus is féidir comhsheasmhach leis an maoiniú atá ar fáil.**

Is é beartas na Comhairle bóithre atá tógtha cheana féin a chothabháil, a fhorbairt agus a fheabhsú, agus bóithre nua a fhorbairt ag brath ar acmhainní airgeadais. Tá an gréasán bóithre i gceantar riaracháin Cheatharlach cothrom le 1,329 km (ina gcuimsítear 24km de Mhótarbhealach 54 km de Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád, 186km de bhóithre réigiúnacha agus 1,078km de bhóithre Áitiúla).

## An Gréasán Mótarbhealaí

Bainistíonn agus soláthraíonn Bonneagar Iompair Éireann (TII) maoiniú do gach scéim mótarbhealaí.

## Gréasán na mBóithre Náisiúnta den Dara Grád

Soláthraíonn Bonneagar Iompair Éireann (TII) maoiniú do bhóithre náisiúnta. In 2024, fuair Ceatharlach leithdháileadh luach €2,180,268 d'oibreacha cothabhála agus feabhsaithe ar dhroichid agus carrbhealaí, chun íoc as na costais a bhaineann le maoirseacht, soilsiú poiblí agus cothabháil ghinearálta an ghréasáin bóithre náisiúnta. San áireamh sna tionscadail sainaitheanta tá;

| Catagóir Maoinithe | Tionscadal | Leithdháileadh |
|---|---|---|
| **Scéim Feabhsúcháin Cosáin**<br>Suíomhanna aitheanta bunaithe ar shuirbhé cuimsitheach ar an ngréasán bóithre náisiúnta.<br>• *TABHAIR FAOI DEARA – Tionscadail measúnaithe & deartha in 2022/2023, agus oibreacha ar siúl nó críochnaithe in 2024.* | N80 - Ráth Corróg/ Ceatharlach<br>N80 - Cloch Mhic Sheoinín/Baile Uí Chaollaí<br>N81 - An Bhothach /Teorainneacha an Chontae | €1,708,462<br>€1,590,489<br>€744,820 |
| **Scéim Feabhsúcháin Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre**<br>Leithdháileadh chun dlús a chur le Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta trí Chéimeanna 1-7 TBT | Scéim Feabhsúcháin an N80 - Cora Bhaile Beag na Leamhach | €50,000 |


Ina dhiaidh sin, rinne Comhairle Contae Cheatharlach iarratas ar agus bronnadh maoiniú breise uirthi le haghaidh scéimeanna cothabhála agus feabhsúcháin ar na Bóithre Náisiúnta, maoiniú luach €186,500.

## An Gréasán Bóithre Réigiúnach & Áitiúil

Soláthraíonn an Roinn Iompair maoiniú d'oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla. In 2024, fuair Ceatharlach leithdháileadh luach €7,935,450 d'oibreacha feabhsúcháin agus do chothabháil ghinearálta an ghréasáin bóithre neamhnáisiúnta. Tá an clár seo spriocdhírithe ar bhearta ceartaitheacha a bhfuil géarghá leo ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla sa chontae bunaithe ar an méid seo a leanas:

| Catagóir Maoinithe | Stádas | Leithdháileadh |
|---|---|---|
| **Feabhsúchán Athchóirithe.** Tá an clár seo dírithe ar fheabhsuithe ar shláine struchtúrtha Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla. | Cuireadh 39 tionscadal i gcrích | €3,980,000 |
| **Feabhsúchán Athchóirithe Forlíontach.** Ar an 31 Bealtaine, fuair Comhairle Contae Cheatharlach fógra maidir le maoiniú breise chun díriú ar fheabhsuithe ar shláine struchtúrtha Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla. | Cuireadh 6 thionscadal i gcrích | €394,000 |
| **Cothabháil Athchóirithe.** Tá an clár seo dírithe ar fheabhsuithe ar dhromchlaí Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla. | Cuireadh 20 thionscadal i gcrích | €544,500 |

| Catagóir Maoinithe | Stádas | Leithdháileadh |
|---|---|---|
| **Cothabháil Athchóirithe Forlíontach.** Tá an clár seo dírithe ar fheabhsuithe ar dhromchlaí Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla. | Cuireadh 18 dtionscadal i gcrích | €476,000 |
| **Deontas Lánroghnach.** Cabhraíonn an Deontas seo le costais a bhaineann le maoirseacht, soilsiú poiblí, cothabháil gheimhridh & ghinearálta, suiteálacha comharthaíochta, marcanna bóthair, feabhsúchán /deisiúchán cosáin ar an ngréasán bóithre neamhnáisiúnta | Cuireadh 20 dtionscadal shonracha i gcrích, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ginearálta cothabhála & cothabhála geimhridh | €1,065,000 |
| **Athshlánú droichead.** Tá an clár seo dírithe ar dheisiúchán ar dhroichid atá le fáil ar Bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla ar fud an chontae. | Cuireadh 8 dtionscadal i gcrích | €269,600 |
| **Deontas Feabhsúcháin Sonrach.** Tá sé mar aidhm leis an Scéim Deontais Feabhsúcháin Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla Sonracha, lena mbaineann costas tionscadail mheasta de suas le €5 mhilliún, cabhrú leis na measúnuithe riachtanacha a dhéanamh chun dlús a chur leis an tionscadal. | -R448 - Acomhal na Darach Ríoga - Moilliú Tráchta (Tuarascáil Roghanna & Féidearthachta curtha i gcrích, rún tús a chur le hAlt 38 in 2025)<br>-R418-R725 - Bóthar Ceangail na Tulaí (ar fionraí ar feitheamh athbhreithnithe atá á dhéanamh ag an RI) | €125,000 |
| **Deontas Feabhsúcháin Straitéiseach.** Tá sé mar aidhm leis an Scéim Deontais Feabhsúcháin Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla Straitéiseacha, lena mbaineann costas tionscadail mheasta de suas le €5 mhilliún, cabhrú leis na measúnuithe riachtanacha a dhéanamh chun dlús a chur leis an tionscadal. | Bóthar Faoisimh an Deiscirt Cheatharlach (Comórtas curtha i gcrích chun Seirbhísí Comhairleoireachta Teicniúla a cheapadh do na Céimeanna Dearaidh & Pleanála) | €100,000 |
| **Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta.** Tá an clár seo dírithe ar fheabhsuithe ar shaincheisteanna sábháilteachta sainaitheanta go sonrach a bhaineann le Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla. | Cuireadh 9 dtionscadal i gcrích | €228,500 |
| **Oibreacha Draenála.** Tá an clár seo dírithe ar fheabhsuithe ar dhraenáil uisce dromchla Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla. | Cuireadh 15 thionscadal i gcrích | €240,500 |
| **Iarbhóthar Náisiúnta.** Tá an clár seo dírithe ar fheabhsuithe ar shláine struchtúrtha Iarbhóithre Náisiúnta sa chontae. | -R448 - Baile an Phaoraigh go dtí An tAbhallort<br>-Athdhromchlú– Tionscadal críochnaithe | €450,000 |
| **Oibreacha um Oiriúnú don Athrú Aeráide & Athléimneachta.** Tá sé mar aidhm leis an Deontas seo tabhairt faoi chlár spriocdhírithe d'oibreacha feabhsúcháin ar Bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla | Cuireadh 9 dtionscadal i gcrích | €221,500 |
| **Scéim Rannpháirtíochta Pobail.** Tá an clár seo dírithe ar fheabhsuithe ar shláine struchtúrtha & ar dhromchlaí Bóithre Áitiúla den Tríú Grád sa chontae i gcomhar leis na húinéirí réadmhaoine gaolmhara. | Cuireadh 8 dtionscadal i gcrích | €180,450 |



*Oibríocht Cóirithe Dromchla*



*Ceartú Draenála Uisce Dromchla*

## Bóthar Náisiúnta - Scéimeanna Feabhsúcháin Cosáin

I ndiaidh suirbhé cuimsitheach a dhéanamh ar an ngréasán bóithre náisiúnta ar fud an chontae, sainaithníodh roinnt suíomhanna ina raibh gá le gníomh ceartaitheach suntasach. Déantar measúnú & dearadh ar na tionscadail mhóra seo, a mbíonn sa bhreis ar €200,000 luaite leo, chun bonn eolais a chur ar fáil don Tuarascáil Deisiúcháin & Athnuachana Sócmhainní Cosáin ina leagtar amach scóip na scéimeanna chun críche maoinithe, tairisceana agus críochnaithe. I measc na scéimeanna a cuireadh i gcrích in 2024 bhí:

- Críochnaíodh Scéim an N80 - Ráth Corróg go dtí Scéim an M9, thart ar 3.2km
- Críochnaíodh Scéim an N80 - Cloch Mhic Sheoinín go dtí Baile Uí Chaollaí, thart ar 3.9km
- Scéim an N81 - An Bhothach go dtí Teorainneacha an Chontae, thart ar 2.8km

## Scéim an N80 - Cora Bhaile Beag na Leamhach


Tá Comhairle Contae Cheatharlach tiomanta don bhonneagar bóithre agus d'fheabhsuithe sábháilteachta agus tá obair déanta i gcaitheamh na mblianta ar chodanna áirithe den ghréasáin náisiúnta chun é a fheabhsú. Sainaithníodh stráice 3km de N80 a bhí le hathailíniú idir baile fearainn Ghráig na Spideog agus baile fearainn Bhaile an Chaisleáin, ag dul trí bhailte fearainn Bhaile Beag nó Leamhach, Chill Bhealach Aoidh agus Choill Chúil i gContae Cheatharlach, lena n-áirítear na hoibreacha coimhdeacha gaolmhara ar fad. I ndiaidh suirbhé, dearadh agus comhairliúchán suntasach a dhéanamh ar an Máirt, an 3 Nollaig, chuir Comhairle Contae Cheatharlach Iarratas Pleanála Alt 177AE agus Ordú Ceannaigh Éigeantaigh faoi bhráid an Bhoird Pleanála chun críche breithniúcháin.

## Tionscadal Feabhsúcháin Sonrach - R448 @ Achomharc Bhóthar na Darach Ríoga

I ndiaidh staidéar a chur i gcrích ag an acomhal idir an Bóthar Réigiúnach, an R-448, agus an Bóthar Réigiúnach, an R-724, ar a dtugtar Acomhal 4 na Darach Ríoga go háitiúil, forbraíodh roghanna féideartha chun an tAcomhal a fheabhsú. Chomhaontaigh baill Cheantar Bardasach Mhuine Bheag leanúint ar aghaidh le hiarratas Alt 38 do Rogha 1: Teannadh Acomhail agus Moilliú Tráchta ag an gcruinniú a reáchtáladh i mí na Nollag 2024. Mar thoradh ar an scéim seo bunaítear bearta chun sruthanna tráchta a bhainistiú, cuirtear feabhsuithe i gcrích ar shaoráidí do choisithe & do rothaithe ar fud an cheantair. (Fíor 3.1 ceangailte)

## Tionscadal Feabhsúcháin Straitéiseach - Bóthar Faoisimh Dheisceart Cheatharlach

I mí Lúnasa 2021, chuir Comhairle Contae Cheatharlach Tuarascáil Mheasúnaithe Straitéiseach ar Bhóthar Faoisimh Dheisceart Cheatharlach faoi bhráid na Roinne Iompair lena breithniú agus ar an 1 Nollaig 2021 fuarthas cead chun leanúint ar aghaidh le Réamhchás Gnó a fhorbairt. Ó ceapadh Bainisteoir Tionscadail i mí na Nollag 2023, tá dul chun cinn iontach déanta. Tá an próiseas tairisceana curtha i gcrích chun Seirbhísí Comhairleoireachta Teicniúla a aimsiú do Bhóthar Faoisimh Dheisceart Cheatharlach - Céim 1-4, mar atá leagtha amach i dTreoirlínte Bainistíochta Tionscadail TII.







*Grianghraif den Bhealach Isteach chuig na Gairdíní Báistí ag an acomhal idir Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath/ Bóthar an Iarnróid – Gradaim an Uachtaráin 2024 agus Gradaim CCÚÁ 2025*

## Scéim Feabhsúcháin Áitiúil

D'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, maoiniú do Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla (SFÁ) chun tabhairt faoi chlár d'fheabhsuithe spriocdhírithe ar shláine struchtúrtha agus ar dhromchlaí príobháideacha sa chontae i gcomhpháirt leis na húinéirí réadmhaoine gaolmhara, ar cuireadh an méid seo a leanas ar fáil do Chomhairle Contae Cheatharlach lena aghaidh:

| Fógra | Leithdháileadh | Stádas |
|---|---|---|
| SFÁ - 2024 | €626,561 | Cuireadh 19 dtionscadal i gcrích |

## Limistéir Bhithchoinneála (Gairdíní Báistí)

Cuireadh na gairdíní bithchoinneála ag an acomhal idir Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath/Bóthar an Iarnróid san áireamh i gcomórtas Eorpach cáiliúil a bhfuil sé mar aidhm leis ceiliúradh a dhéanamh ar bharr feabhais comhshaoil ag leibhéal áitiúil. Is comórtas Eorpach atá ann atá dírithe ar shráidbhailte, ar bhailte agus ar chathracha ina dtarraingíonn pobail agus comhlachtaí poiblí aird ar thábhacht na timpeallachta glaise chun caighdeán saoil daoine a fheabhsú. Bronnadh Duais Óir ar thionscnamh Chomhairle Contae Cheatharlach, Duais an Uachtaráin do ghairdín báistí an bhaile agus Duais Saintréithe Speisialta do Ghairdín Céadfaí Delta. Chomh maith leis sin, cuireadh ar an ngearrliosta é do Ghradaim CCÚÁ 2025 i gCatagóir na dTionscnamh Comhshaoil / Éiceolaíoch is fearr.

## Plean Gníomhaíochta Torainn 2024-2029

Rinne Comhairle Contae Cheatharlach, an tÚdarás Pleanála Gníomhaíochta ainmnithe faoi na rialacháin maidir le Torann Timpeallachta athbhreithniú ar a plean reatha agus d'ullmhaigh sí plean gníomhaíochta torainn nua a bhfuil sé mar aidhm leis bainistíocht fhadtéarmach straitéiseach a dhéanamh ar thorann timpeallachta ó phríomhbhóithre (níos mó ná 3 mhilliún feithicil sa bhliain). Níl torann ó ghníomhaíochtaí baile, torann comharsanachta, torann in áiteanna oibre nó torann laistigh de mhodhanna iompair i gceist. Tá Plean Gníomhaíochta Torainn 2024-2028 Chomhairle Contae Cheatharlach, le tacaíocht ó Noise Consultants Limited, le haghaidh stráicí de phríomhbhóithre i gContae Cheatharlach, a cuireadh i dtoll a chéile ar an 18 Nollaig 2024, agus cóip den Phlean Gníomhaíochta Torainn agus de na doiciméid ghaolmhara lena n-áirítear nasc chuig mapáil Bhabhta 4 ar fáil ar Shuíomh Gréasáin na Comhairle Plean Gníomhaíochta Torainn | Comhairle Contae Cheatharlach.

Ag tacú leis an bPlean Gníomhaíochta Torainn seo tá clár feidhmithe ceithre bliana (2024-2028), agus tá dul chun cinn á thuairisciú chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar bhonn bliantúil. Mar bhonn leis an bPlean tá tacar de phrionsabail uileghabhálacha an bheartais torainn a bhfuil cur síos déanta air sa Ráiteas Beartais Torainn. Ag tacú leis na prionsabail beartais torainn seo tá sraith Aidhmeanna Freagracha chun saincheisteanna torainn a bhainistiú laistigh de Chontae Cheatharlach.

## Luasteorainn Tuaithe Réamhshocraithe

San áireamh san athbhreithniú luasteorann náisiúnta a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2023, bhí 28 moladh, lena n-áirítear an luasteorainn tuaithe réamhshocraithe a athrú ó 80km/u go dtí 60km/u. Chomhaontaigh baill de Chomhairle Contae Cheatharlach ag an gcruinniú a reáchtáladh i mí Iúil 2024 an luasteorainn tuaithe réamhshocraithe a chur

chun feidhme ar gach bóthar áitiúil i gContae Cheatharlach. Ar an 6 Samhain 2024, shínigh an tAire Iompair an Treoir Reachtúil chun Alt 7 d'Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2024, a chur chun feidhme, rud a chuireann bonn dleathach faoin luas réamhshocraithe ar bhóithre tuaithe áitiúla ar an 7 Feabhra 2024.

## Tionscadal Éifeachtúlachta Fuinnimh Soilsithe Phoiblí (TÉFSP)

Tá gach údarás áitiúil ag obair ar a soilsiú poiblí a athrú go dtí fearais solais LED. Beidh an t-athrú teicneolaíochta seo mar bhonn le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, costais a ghearradh agus astaíochtaí CO2 a laghdú. Go dtí seo, tá 4,219 de 6,733 Solas poiblí i gContae Cheatharlach athraithe go dtí fearais solais LED.

## Taisteal Gníomhach

Is éard atá i gceist le Taisteal Gníomhach "taisteal agus é mar aidhm agat do chuid fuinnimh féin a úsáid". Go ginearálta, ciallaíonn sé sin siúl nó rothaíocht mar chuid d'aistear a bhfuil cuspóir leis agus d'fhéadfadh scútair gan inneall a bheith i gceist, modh iompair a bhfuil níos mó úsáide á baint as chun críche iompair uirbigh, go háirithe i measc leanaí scoile. Dá bhrí sin, glactar le siúl mar chuid de chomaitéireacht chun na hoibre, rothaíocht chuig an siopa nó taisteal ar scútar chun na scoile mar shamplaí de thaisteal gníomhach, ach ní ghlactar le siúl ná le rothaíocht mar chaitheamh aimsire mar shampla de thaisteal gníomhach.

Is gníomh dearfach ar son na haeráide é Taisteal Gníomhach agus glactar leis mar phríomhghné de Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide na hÉireann. Cuirfidh seachadadh tionscadal Taistil Ghníomhaigh leis na hiarrachtaí déileáil leis an athrú aeráide trí dheis a sholáthar chun roghanna iompair "glasa" agus inbhuanaithe a úsáid. Is bealach iontach é siúl nó rothar nó scútar a úsáid seachas carr chun ár dtionchar ar an aeráid a laghdú.

I mí na Nollag 2023 d'fháiltigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) roimh iarratais ó Chomhairle Contae Cheatharlach (CCC) le haghaidh scéimeanna atá le cur san áireamh chun críche maoinithe faoi Chlár Infheistíochta Taistil Ghníomhaigh 2024. I mí Feabhra 2024, leithdháil an ÚNI cistí sa bhreis ar €290M ar údaráis áitiúla na hÉireann chun bonneagar siúil agus rothaíochta a sholáthar. Cuireadh leithdháileadh de thart ar €3M ar fáil do CCC chun tionscadail a sholáthar ar fud an chontae. Tá eolas le fáil sa tábla thíos faoin méid a caitheadh ar gach tionscadal Taistil Ghníomhaigh in 2024.

| Scéim | Méid (€) |
|---|---|
| Pathfinder Taistil Ghníomhaigh - Scéim Coisithe & Rothaíochta Cheatharlach go dtí SETU | 349,976 |
| Scéim Coisithe agus Rothaíochta Bhóthar na Tulaí, Ceatharlach | 1,199,054 |
| Scéim Coisithe agus Rothaíochta Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Ceatharlach | 199,804 |
| Plean Iompair Áitiúil Cheatharlach / na Gráige | 35,827 |
| Teannadh Acomhail, An Bóthar Glas, Ceatharlach | 79,024 |
| Cuarscéim Coisithe & Rothaíochta Bhaile na Tulaí – Céim 3 | 29,975 |
| Scéim Cosáin, Bóthar Fhionnmhach, An Bhuiríos | 22,600 |
| An Droichead Nua, Bearta Taistil Ghníomhaigh | 100,983 |
| Scéim Cosáin Bhaile Eilín | 99,710 |
| Bealaí Sábháilte chun na Scoile (BSCS) - Scoil Náisiúnta Bríd, Muine Bheag | 350,645 |
| BSCS - Queen of the Universe, Muine Bheag | 29,153 |
| BSCS - Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Ráth Bhile | 80,188 |
| BSCS – Scoil Náisiúnta an Teaghlaigh Naofa do Chailíní agus do Bhuachaillí, An Easca | 115,687 |






# Tionscadail Speisialta

Páirteach i Rannán Tionscadal Speisialta Chomhairle Contae Cheatharlach tá dhá fhoireann ar leith - Oibreacha Caipitil agus Tionscadal CFAU Bhaile Cheatharlach.

Tá na foirne ag díriú ar raon éagsúil tionscnamh, lena n-áirítear tionscadail mhóra, ar fiú na milliúin euro iad atá á maoiniú ag an **gCiste Forbartha um Athghiniúint Uirbeach (CFAU)** agus tionscadail níos lú atá á maoiniú ag an **gCiste Forbartha um Athghiniúint Tuaithe (CFAT)**, an S**céim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte**, agus acmhainní de chuid CCC.

## Oibreacha Caipitil

I mí Mheán Fómhair 2023, athbhunaíodh Foireann na nOibreacha Caipitil agus bhainistigh sí roinnt tionscadal oibreacha caipitil trí na céimeanna forbartha éagsúla.

- **Teach Cúirte na Tulaí - €200K**
  - ➜ Bainistíocht na céime tógála chun díon, fuinneoga agus doirse sa déanmhas cosanta seo a athchóiriú, obair a bhí páirtmhaoinithe ag Ciste na nDéanmhas Stairiúil (CDS).
- **Carrchlós Áras an Chontae - €700K**
  - ➜ 90 spás a chur ar fáil.
  - ➜ Dearadh agus soláthraíodh an próiseas tógála agus cuireadh seachadadh an tionscadail ar an láithreán i gcrích.
- **Buiséad Feabhsuithe Ríocht Phoiblí Mhuine Bheag - €500K**
  - ➜ Feabhsú na Ríochta Poiblí ag Cearnóg an Mhargaidh.
  - ➜ Dearadh déanta go hinmheánach agus Cuid 8 curtha isteach i mí na Nollag.
  - ➜ Tús curtha le soláthar na céime tógála.
- **Deisiú Dhíon & Shimléar na Leabharlainne - €500K**
  - ➜ Soláthar na céime tógála.
  - ➜ Conraitheoir ceaptha.
  - ➜ Tús le cur le hoibreacha i Ráithe 1 2024, páirtmhaoinithe le Deontas CDS.
- **Feabhsuithe Ríocht Phoiblí VISUAL - €500K**
  - ➜ Oibreacha Feabhsaithe ar an Ríocht Phoiblí ag VISUAL.
  - ➜ Páirtmhaoinithe ag Fáilte Éireann, Soláthar agus Bainistíocht na céime tógála.
- **Treochomharthaíocht Oidhreachta & Conaire - €250K**
  - ➜ Comharthaí léirmhíniúcháin agus treochomharthaíochta i mBaile Cheatharlach.
  - ➜ Páirtmhaoinithe ag Fáilte Éireann.
  - ➜ Comharthaí deartha, soláthartha agus conraitheoir ceaptha chun iad a shuiteáil.

Lena chois sin, chabhraigh an fhoireann le treoir agus le maoirseacht theicniúil le rannóga eile lena n-áirítear an tionscadal 'Lochanna Spéire' i dteannta leis an Oifig Ealaíon i bPáirc Bhaile Cheatharlach agus forbairt Ionad Fiontar ag Baile Haicéid, Muine Bheag agus Ceatharlach i dteannta leis an oifig OFÁ.



## Ciste Forbartha um Athghiniúint Uirbeach (CFAU) Bhaile Cheatharlach

Tá sé mar aidhm le CFAU Bhaile Cheatharlach an baile a athbheochan agus a athnuachan, lárionad uirbeach a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ar ardaidhmeanna an phobail.

Tá luach iomlán thionscadail CFAU Bhaile Cheatharlach cothrom le €22.78M, agus bheadh 75% den fhigiúr sin á chur ar fáil trí chúnamh deontais tríd an gciste CFAU.

Tá an ciste seo dírithe ar na tionscadail seo a leanas, rud a chruthóidh croílár níos dlúithe, níos inbhuanaithe agus níos bríomhaire:

| Scéimeanna | Méid |
|---|---|
| Nasc Iarnróid agus Feabhsú na Ríochta Poiblí idir Coláiste Cheatharlach agus Lár an Bhaile | €2.9m |
| Feabhsú na Ríochta Poiblí idir Sráid na Tulaí agus Sráid Bhaile Átha Cliath | €2m |
| Feabhsú na Ríochta Poiblí ag Margadh na bPrátaí | €8.5m |
| Feabhsú na Ríochta Poiblí agus nasc nua idir Margadh na bPrátaí agus Sráid na Beairice trí Ionad Siopadóireachta Cheatharlach | €3.3m |
| Sráid na Beairice lena n-áirítear Cearnóg na Seamróige & Cúinne Mhic Thomáis/Páirc na mBusanna | €4.1m |
| Feabhsú na Ríochta Poiblí ag Ascaill Uí Chinnéide | €1.9m |

Cuirfear na tionscadail i gcrích in dhá chuid.

Sa chéad chuid beidh Tionscadal Naisc Iarnróid, a mbeidh Foireann Dearaidh inmheánach Chomhairle Contae Cheatharlach freagrach as. Sa dara cuid, Tionscadal Lár na Cathrach, cuimseofar an chuid eile de na tionscadail CFAU mhaoinithe.

I mí an Mheithimh 2024, chuir Comhairle Contae Cheatharlach Cuid 8 den phróiseas pleanála i gcrích. I láthair na huaire, tá críoch á cur leis an tairiscint tógála atá beartaithe a fhoilsiú i lár 2025. Tá sé beartaithe an tionscadal seo a chríochnú in 2026.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'fhógair Comhairle Contae Cheatharlach go raibh Urban Agency ceaptha mar fhoireann dearaidh sheachtrach do Thionscadal Lár Bhaile Cheatharlach, garsprioc thábhachtach in athrú agus i bhfeabhsú Bhaile Cheatharlach.

Tá Urban Agency freagrach as togra dearaidh cuimsitheach a fhorbairt ina gcuimsítear dearadh ailtireachta, dearadh tírdhreacha, pleanáil uirbeach agus comhtháthú cleachtas inbhuanaithe.

Eagraíodh comhairliúchán poiblí suntasach ag gach céim de phróiseas an tionscadail, ón tús nuair a díríodh ar "Ceatharlach 2040", i rith an phróisis dearaidh trí "Do Cheatharlach" agus trí phróiseas pleanála reachtúil Chuid 8.

Tá sé beartaithe próiseas Chuid 8 a chur i gcrích i Ráithe 2 2025.

Lena chois sin, cabhraíonn an fhoireann le treoir agus le treo teicniúil le rannóga eile lena n-áirítear tionscadal na "mBailte Cinn Scríbe" leis an oifig OFÁ, comhairle chaomhantais leis an bhfoireann Taistil Ghníomhaigh, iarratas THRIVE leis an bhfoireann athghiniúna, mar aon le dul i gcomhairle leis na pleanálaithe maidir le roinnt iarratas pleanála i lár an bhaile.



# Cosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach

**Is í Comhairle Contae Cheatharlach an tÚdarás Cosanta Sibhialta do limistéar riaracháin Chontae Cheatharlach. Leagtar amach in Acht um Chosaint Shibhialta, 2003, roinnt ról don Chosaint Shibhialta. I measc na ról sin tá seirbhís chúltaca a chur ar fáil do na Príomhsheirbhísí Éigeandála; Seirbhís Pobail; Oiliúint maidir le Taismigh; Cumarsáid Raidió; Tarrtháil; Leas; Comhrac Dóiteáin agus Scileanna Bádóireachta (cuardach agus tarrtháil). Chomh maith leis sin, soláthraíonn an Chosaint Shibhialta seirbhís don Údarás Áitiúil, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus don Gharda Síochána sa chás go mbíonn coinníollacha adhaimsire ann cosúil le tuilte agus sneachta. Lena chois sin, soláthraíonn Cosaint Shibhialta Monatóireacht Radaíochta i gcásanna éigeandála.**

Leagtar amach róil agus freagrachtaí don Chosaint Shibhialta i ndoiciméad an Chreata Bainistíochta Móréigeandála freisin sa chás go dtarlaíonn éigeandálaí, cosúil le hIonad Leasa a bhunú, Taismigh a Chlárú, freagracht i dteannta le FSS as iompar chuig Ospidéil éagsúla agus cúltaca Tánaisteach i dteannta leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha.

Is oibrithe deonacha iad baill uile Chosaint Shibhialta Cheatharlach seachas an tOifigeach Cosanta Sibhialta atá fostaithe mar OCS ag Comhairle Contae Cheatharlach ar bhonn páirtaimseartha. I láthair na huaire tá breis is 34 ball deonach ag cabhrú linn atá lonnaithe i suíomhanna cosúil le baile Cheatharlach, Muine Bheag, An Bhuiríos agus Ráth Ana. Déantar cúrsaí oiliúna seachtainiúla maidir le hábhair cosúil le Garchabhair chuig leibhéal ACS, Freagróir Garchabhrach, Céad Fhreagróirí Éigeandála, Teicneoir Éigeandála Leighis, Scileanna Comhraicthe Dóiteáin, Teicnící Tarrthála Bánuisce, Tarrtháil Theicniúil, Scileanna Cuardaigh, Leas etc., a theagasc agus a chleachtadh. Mar chuid de sceideal oiliúna an deireadh seachtaine cleachtar scileanna a theagasctar agus baintear tairbhe as na scileanna a fhoghlaimítear i gcomórtas le contaetha eile in ionaid éagsúla.

Lena chois sin, úsáidtear ár gcúrsaí oiliúna i rith laethanta spóirt chun cuardach a dhéanamh i gceantar oscailte, imeachtaí comhraicthe dóiteáin AFS, agus oiliúint Scileanna Cuardaigh ar thalamh agus le báid ar an mBearú agus ar an tSláine. Tá lánúsáid á baint as Ceanncheathrú na Cosanta Sibhialta, a cuireadh i gcrích i mí Mheán Fómhair 2009, rud a chiallaíonn go bhfuil oibríochtaí Cheatharlach níos éifeachtúla agus go bhfuil freagairt éifeachtach agus thapa á cur ar fáil.

In 2014, bhí Cosaint Shibhialta Cheatharlach freagrach as Cúrsa Oiliúna Scileanna Cuardaigh nua a rolladh amach dá cuid oibrithe deonacha. Bhí an cúrsa nua á theagasc i gColáiste an Gharda Síochána agus bhí oibrithe deonacha as Ceatharlach i measc an chéad ghrúpa a bhain tairbhe as an ngníomhaíocht seo agus bronnadh stádas leibhéal Teagascóra orainn. Ó lár 2014, tá stádas Teagascóra bronnta orainn i ndáil le Feasacht Uisce agus Bánuisce freisin

Soláthraíonn aonaid Bháid Cosanta Sibhialta cúnamh cúltaca (PGFanna) don tseirbhís Dóiteáin agus Gardaí i gcásanna Cuardaigh agus Tarrthála Abhann (CTS). Cuirtear oiliúint ar oibrithe deonacha i Scileanna bádóireachta, teicnící cuardaigh agus tarrthála Abhann agus talamh do chásanna cúltaca don Gharda Síochána. Reáchtáiltear cúrsaí Feasachta uisce agus Mearfhreagartha Tuilte Uisce i rith na bliana.

Bhí baint ag Cosaint Shibhialta Cheatharlach le Bunú Ionad Scíthe do dhaoine Easáitithe ón Úcráin mar thoradh ar an gCogadh agus leanfaidh sí ar aghaidh le cabhair a chur ar fáil i rith 2022 de réir mar is gá agus tá sí ar fáil le cabhrú i gcás aon éigeandála.

In 2020, ceapadh Oifigeach Cosanta Sibhialta Cúnta (Páirtaimseartha) freisin chun cabhrú le

gach dualgas agus glaoch amach nua.

Rolladh amach córas clárúcháin ríomhaireachta nua, Córas Bainistíochta Éigeandála Deonach, CBÉD, chun oibrithe deonacha atá i mbun cúrsaí oiliúna a bhainistiú mar aon le Trealamh agus Feithiclí, agus gach oibríocht a bhainistiú.

## Oibríochtaí Dróin

Baineann Cosaint Shibhialta Cheatharlach úsáid as dróin sa Chatagóir Oscailte faoi eagraíocht chláraithe IAA dar teideal 'Comhairle Contae Cheatharlach'.

I láthair na huaire tá trí dhrón dhifriúla in úsáid ag Cosaint Shibhialta Cheatharlach atá déanta ag DJI. Tá na trí dhrón méideanna éagsúla agus tá róil dhifriúla acu. Tá teicneolaíocht dróin ag athrú agus ag feabhsú i gcónaí agus tá súil á coinneáil againn ar an méid sin trínár ndróin agus trealamh a uasghrádú. In 2024 cuireadh aonad luchtaithe móibíleach nua lenár dtrealamh agus in 2025 tá sé beartaithe ag Coláiste na Cosanta Sibhialta drón nua, DJI Matrice M30T, a cheannach in áit an dróin is sine. Cosnóidh an drón nua thart ar €15,000. I láthair na huaire, tá triúr píolótaí oilte ag cabhrú le Cosaint Shibhialta Cheatharlach agus tá roinnt ball foirne tacaíochta oilte ar fáil freisin.

Tá liosta le fáil thíos de chuid de na gníomhaíochtaí a raibh baint ag Cosaint Shibhialta Cheatharlach leo in 2024:

| Dáta | Gníomhaíocht | Ionad |
|---|---|---|
| 28/01/2024 | Imeacht pobail, rás bóthair 5km, Páirc na Darach, Ceatharlach | Páirc na Darach, Ceatharlach |
| 17/02/2024 | Cuardach do dhuine a bhí ar iarraidh | Ceantar na Bearú de An Ghráig |
| 22/02/2024 | Oiliúint maidir le Strus Teagmhais Chriticiúil | Ros Cré, Co. Thiobraid Árann |
| 23/02/2024 | Glaoch amach maidir le bean a bhí ar iarraidh ó theach altranais | Ceantar Bhaile Cheatharlach agus an ceantar mórthimpeall |
| 17/03/2024 | Bainistíocht Sábháilteachta agus Tráchta ag 2 Pharáid Lá Fhéile Pádraig – Muine Bheag agus Baile Cheatharlach | Bainistíocht Tráchta ar Bhóithre agus cúnamh Garchabhrach – Muine Bheag agus Ceatharlach |
| 11/04/2024 | Oiliúint Bainistíochta Sábháilteachta do Réigiún an Oirdheiscirt | Óstán Dolmen agus oiliúint ar an láthair |
| 14/04/2024 | Sábháilteacht ar Bháid agus oiliúint Garchabhrach do Réigiún an Oirdheiscirt | An Bhearú, ceantar Bhaile Cheatharlach |
| 28/04/2024 | Oiliúint maidir le Dróin | Ceantar Bhaile Cheatharlach |
| 18/05/2024 | Sábháilteacht ag Seoladh Railí Carranna Cheatharlach 2024 | Ceantar Bhaile Cheatharlach agus Mhargadh an Fhéir |
| 19/05/2024 | Rásaíocht Bád Dragain, An Bhearú | An Bhearú Baile Cheatharlach |
| 02 & 03/06/2024 | Oibríocht Sábháilteachta do Ghealltа Bád ar an mBearú. | An Bhearú, Baile Cheatharlach |
| 09/06/2024 | Oibríochtaí Bád Sábháilteachta d'oibríocht Bád Dragain ar an mBearú | Baile Cheatharlach |
| 15/06/2024 | Oibríochtaí sábháilteachta ar an mBearú d'Fhéile Bróid Cheatharlach, Muine Bheag | Muine Bheaga – suíomhanna difriúla |
| 14/07/2024 | Bád Sábháilteachta ar mBearú d'Fhéile Bróid Cheatharlach | Ceantar Bhaile Cheatharlach |
| 01/08/2024 | Bád Sábháilteachta ar an mBearú, Muine Bheag do Shnámh Bliantúil Pobail 1 Mhíle | Muine Bheag |
| 15/08/2024 | Sábháilteacht ag Aonach Bliantúil na Buiríse | Baile na Buiríse, Ceatharlach |



*Oiliúint Bád*



# Roinn Tithíochta

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2,129** Stoc tithíochta iomlán | **566** ÍCT Iomlán | **276** SCC Iomlán | **850** Iarratais Tithíochta |
| **93** Réadmhaoin Léasa Fhadtéarmaigh | **33** Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe | **486** Cur i Láthair maidir le hEaspa Dídine | **93** Iarratais Aistrithe |
| **339** Líon Iomlán i gCóiríocht Éigeandála | **186** Tithe Leithdháilte | **94** Aonaid Nuathógtha | **€1,867,300** Luach na níostarraingtí Morgáiste |
| **41** Athligean | **15.96 seachtain** Meán-am Athligin | **164** Gearáin maidir le hIompar Frithshóisialta | **€2,905,419** Luach Deontais |
| **3003** Líon na nIarratas Cothabhála | **€8,029,968** Cíosanna Bailithe | **€2,532,746** Caiteachas ar Iarfheistiú Fuinnimh | **78** Iarfheistithe Fuinnimh |
| **15** Morgáistí Ceadaithe i bPrionsabal | **246** Deontais Ceadaithe faoi Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta | **7** Deontais Ceadaithe faoi Scéim Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta | **72** Deontais Oiriúnaithe Tithíochta Ceadaithe |
| **58** Ceannach Tithe ÚÁ | **33** Ceannach Tithe SCC / CCT | **20** Líon Iomlán Ceannach Tionónta in Situ | |

## Clár Aonad Nuathógtha 2024

Cuireadh obair i gcrích ar 94 aonad nuathógtha nua in 2024. San áireamh ann bhí meascán d'aonaid nuathógtha Chuid V, Aonaid Lándéanta CCT, Tógáil Údaráis Áitiúil agus Ceannaigh agus Athnuaigh (Tiontú Aonad Folamh/Tréigthe). Bhí an sprioc thógála faoi Thithíocht do Chách cothrom le 92.

## Fálacha/Ceannach Tionónta in Situ

In 2024, ceannaíodh 58 réadmhaoin ar fud Chontae Cheatharlach. Fuarthas 20 réadmhaoin faoin scéim tionónta in situ, rud a chabhraigh chun cosc a chur le dísheabhú. I measc na bhfálacha eile bhí START, Tithíocht ar dTús, Cláir Chasta agus Iarchúraim Fhadtéarmacha, agus tithíocht atá ainmnithe do Chóiríocht don Lucht Siúil, do Dhaoine faoi Mhíchumas agus do Dhaoine Scothaosta.

## Deontais Phríobháideacha

Leithdháileadh €2,905,419.00 faoi Scéimeanna Deontas Príobháideach, lena n-áirítear Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta agus Deontais Oiriúnaithe Tithíochta. Is ionann é sin agus 325 iarratas deontais ceadaithe, rud a chinntigh go bhféadfaí uasghráduithe agus oibreacha deisiúcháin riachtanacha a dhéanamh, rud a cheadaigh do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas fanacht ina n-áiteanna cónaithe níos faide.

## Clár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh (CIÉF)

Is í sprioc Chomhairle Comhairle Contae Cheatharlach go mbeadh 490 réadmhaoin feistithe faoin mbliain 2030. In 2024, cuireadh oibreacha i gcrích ar 78 réadmhaoin. Infheistíodh €2,532,746, móide CBL, sin €32,471.10, móide CBL, ar an meán i ngach aonad. I measc na n-oibreacha a rinneadh bhí oibreacha inslithe, fuinneoga/doirse nua, uasghrádú ar chóras téimh agus feabhsuithe fuinnimh eile, agus é mar aidhm Rátáil RFF B2 a bhaint amach.

## Folúntais Ócáideacha/Athligean

In 2024, cuireadh 41 aonad folamh ar ais sa stoc. Thóg an próiseas thart ar 15.96 seachtain ar an meán, rud a chinntigh go raibh caighdeáin chíosa phríobháidigh á gcomhlíonadh ag réadmhaoin sular ath-leithdháileadh í.



## Stoc Tithíochta

Chuir an Chomhairle 102 aonad leis an stoc tithíochta in 2024, rud a chiallaigh go raibh 2,129 aonad ar fad ar fáil. Ina measc bhí aonaid nuathógtha, fálacha agus cláir feabhsaithe, agus cuireadh 4 réadmhaoin as an áireamh mar gheall ar dhíolacháin, cláir a bheith imithe in éag nó díchoimisiúnú.

## Iarratais/Aistrithe Tithíochta

Rinneadh 417 iarratas nua ar thacaíochtaí tithíochta in 2024, mar aon le 93 iarratas aistrithe. Lean an Roinn Tithíochta ar aghaidh le hiarratais bhailí a phróiseáil laistigh de 12 sheachtain.

## An Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)/An Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC)

Ag an 31/12/2024 2024 bhí líon na dtionóntachtaí ÍCT gníomhacha cothrom le 566, sin laghdú de 46 tionóntacht ghníomhach ó 31/12/ 2023. Laghdaigh líon na réadmhaoine SCC go dtí 276 sa tréimhse chéanna in 2023.

## Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean

Glactar le Comhairle Contae Cheatharlach mar chuid de Réigiún Daoine Gan Dídean an Oirdheiscirt, agus cuireadh chun feidhme Plean do Dhaoine Gan Dídean 2022–2026. In 2024, déileáladh le 486 cás de dhaoine gan dídean, sin méadú ó 146 ó 2023. Chabhraigh iarrachtaí chun easpa dídine a chosc le 339 cás, agus cabhraíodh le daoine fanacht amach as cóiríocht éigeandála. Tugadh méadú de 51 duine fásta agus 13 leanbh faoi deara i socrúcháin éigeandála, rud a chiallaigh go raibh 144 duine fásta agus 38C duine aonair ag baint tairbhe as cúram agus cásbhainistíocht iomlán.

## Idirchaidreamh le Tionóntaí & Iompar Frithshóisialta

In 2024, fuarthas 164 gearán maidir le hiompar frithshóisialta, agus bhí 8 gcás mar bhonn le caingne dlí nó imeachtaí díshealbhaithe. Méadaíodh an Fhoireann um Idirchaidreamh le Tionóntaí, agus díríodh ar bhainistíocht tionóntachta réamhghníomhach agus ar chláir ratha tionóntachta nua.

## Seirbhísí Morgáiste

Ghlac an Roinn Tithíochta le 34 iarratas ar iasachtaí tithíochta údaráis áitiúil in 2024, agus ceadaíodh 15 iarratas i bprionsabal. Aistarraingíodh €1,867,300.00 ar fad i rith na bliana.



# Tacaíocht Lánpháirtíochta

## Foireann Lánpháirtíochta an Údaráis Áitiúil

Bunaíodh Foireann Lánpháirtíochta an Údaráis Áitiúil i mí Bealtaine 2024 agus ba é ról na Foirne Lánpháirtíochta comhairle, treoir agus faisnéis a chur ar fáil chun Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus Tairbhithe Cosanta Sealadaí Úcránacha a chumhachtú chun saol neamhspleách a bheith acu laistigh de Chontae Cheatharlach. Bunaíodh Foireann Lánpháirtíochta an Údaráis Áitiúil i mí Bealtaine 2024 agus ba é ról na Foirne Lánpháirtíochta comhairle, treoir agus faisnéis a chur ar fáil chun Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus Tairbhithe Cosanta Sealadaí Úcránacha a chumhachtú chun saol neamhspleách a bheith acu laistigh de Chontae Cheatharlach. Oibríonn an Fhoireann Lánpháirtíochta i gcomhpháirt agus i gcomhar le gníomhaireachtaí éagsúla lena n-áirítear ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit, ENRanna agus Grúpaí Oibrithe Deonacha chun an ról lánpháirtíochta a chomhlíonadh.

Chun tacú le Daoine Nuathagtha, eagraíonn an Fhoireann Lánpháirtíochta clinicí faisnéise i ngach ionad cóiríochta ar fud an Chontae agus reáchtáladh 29 clinic in 2024.

Reáchtáladh roinnt imeachtaí i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile i rith 2024 mar seo a leanas:

- Club Suipéir Ilchultúrtha chun deis a thabhairt do dhaoine nuathagtha bia, ceol agus damhsa ó chultúir eile a bhlaiseadh.
- Is clár do leanaí idir 3 agus 6 bliana d'aois é Fan agus Bí ag Spraoi a thugann deis do leanaí taitneamh a bhaint as amhráin, rithim agus damhsa.
- Pictiúrlann na Nollag.

## Fóram Lánpháirtíochta Pobail

Bunaíodh an Fóram Lánpháirtíochta Pobail in 2024 chun ceannaireacht straitéiseach a sholáthar i ndáil le tacaíochtaí agus seirbhísí a chomhordú go háitiúil d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus do Thairbhithe Cosanta Sealadaí nua i gContae Cheatharlach. Páirteach san Fhóram Lánpháirtíochta Pobail tá ionadaithe ó ghníomhaireachtaí Pobail, Reachtúla agus Deonacha atá ag obair i gcomhpháirt chun príomhthacaíochtaí lánpháirtíochta a chur ar fáil. Reáchtáladh 9 gcruinniú den Fhóram i rith 2024.

Bunaíodh dhá fhoghrúpa den Fhóram Lánpháirtíochta Pobail i rith 2024, eadhon foghrúpa meabhairshláinte agus foghrúpa Oibrithe Tacaíochta Lánpháirtíochta. Reáchtáladh 9 gcruinniú ar fad i rith 2024.



## An Ciste Aitheantais Pobail

Is scéim atá á maoiniú ag an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe é an Ciste Aitheantais Pobail a bunaíodh chun tacú le forbairt saoráidí pobail i mbailte agus i sráidbhailte ina bhfuil tromlach na ndaoine nuathagtha. Is chun tairbhe bhaill uile an phobail iad na tionscadail a ceadaíodh faoin scéim seo. Tá eolas le fáil thíos maidir leis na tionscadal ar cuireadh maoiniú ar fáil dóibh i rith 2024:

| Baile/Sráidbhaile | Tionscadal Ceadaithe |
|---|---|
| Ceatharlach | *The Exchange*, Ceatharlach – Féile Fiontar & Trealamh Imeachta |
| Muine Bheag | Linn Snámha Mhuine Bheag – Oibreacha uasghrádaithe agus feabhsaithe i gcarrchlós an chlub |

## An Scéim Tairg Réadmhaoin

Is tionscnamh rialtais é an Scéim Tairg Réadmhaoin, á stiúradh ag údaráis áitiúla, a thugann deis d'úinéirí réadmhaoine tithe folmha, árasáin fholmha agus tithe saoire a thairiscint don Údarás Áitiúil chun freastal ar Thairbhithe Cosanta Sealadaí Úcránacha. I rith 2024, sholáthair an scéim seo cóiríocht do 145 Úcránach i gContae Cheatharlach.

## Ionad Scíthe

Bhí Comhairle Contae Cheatharlach freagrach as Ionad Scíthe chun saoráidí cóiríochta sealadaí a chur ar fáil do Thairbhithe Cosanta Sealadaí Úcránacha a bhí ag teacht isteach go hÉirinn idir Aibreán 2022 go dtí gur dúnadh an tIonad Scíthe i Márta 2024. Cuireadh cóiríocht ar fáil do 772 Úcránach ar fad san Ionad Scíthe i rith na tréimhse sin.



# Pobal, Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht

**122**
Deontais Bronnta (Scéim Timpeallachta/ Taitneamhachta 2024- €65,080 ar fad)

Iarratais Mórtais Ceantair
**143**

289 Deontas Bronnta (Cistí Lánroghnacha CCC)
**€147,102.18**

**€89,537**
Maoiniú Faighte faoi Scéim CLÁR 2024

**€894,500**
Buiséad CISGP i gcomhair 2024

**2690**
Líon na nDaoine a bhí páirteach i gcláir, oiliúint & imeachtaí Cheatharlach Sláintiúil in 2024

Líon na nGrúpaí Ball Gníomhach le Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) Cheatharlach
**358**

**356**
Líon na rannpháirtithe i gCeardlanna Mhuine Bheag faoi Bhláth

## Mórtas Ceantair Cheatharlach

Seoladh comórtas Mhórtas Ceantair Cheatharlach 2024 i dTeach Bhaile Uí Chaollaí le Ceardlann le Gary Graham. I measc na gcainteoirí a bhí i láthair ag an gceardlann bhí Laura Kelly, Oifigeach Forbartha Pobail; Shane Casey, Oifigeach Feasachta Comhshaoil; Aine Byrne, Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Fuarthas 143 iarratas ar fad i gcatagóirí éagsúla, agus díríodh ar an gcúram moltóireachta, cúram dúshlánach ach taitneamhach, i rith an tsamhraidh.

Reáchtáladh oíche gradam an Mhórtais Ceantair ar an 5 Nollaig 2024, agus bhí an t-ionad lán go doras. Moladh agus gabhadh buíochas le pobail ar fud Chontae Cheatharlach as a gcuid iarrachtaí. Bronnadh neart duaiseanna ar na grúpaí díograiseacha, agus bronnadh an phríomhdhuais sa chatagóir Bailte agus Sráidbhailte ar phobal Ráth Ana, agus bronnadh an phríomhdhuais sa chatagóir Eastát ar Chumann Cónaitheoirí na Darach Nua. Bunaíodh catagóir nua, Gradam do Thionscadal Pobail, mar chuid de chomórtas 2024 chun aitheantas a thabhairt do thionscadail agus d'iarrachtaí nuálacha laistigh de phobail nár bhain leis na catagóirí daonra a bhí bunaithe cheana féin. Ba ar An Gairdín Beo, Ceatharlach, a bronnadh Príomhdhuais an Chontae.

Bronnadh Corn Cáiliúil Michael Deering ar Ghairdín Bithéagsúlachta Bhaile Haicéid, agus bronnadh an Duais Aonair ar Pat Mealay ó An Charraig Dhubh mar aitheantas ar an obair mhór a rinne sé agus ar an díograis a léirigh sé le blianta fada anuas. Bhronn an Chomhairle breis is 60 duais, ar ghrúpaí pobail ar fud an chontae. I measc na gcatagóirí duaiseanna tá Bailte & Sráidbhailte, Cumainn Cónaitheoirí, Duais do Thionscadal Pobail, Gairdín Tosaigh, Áitreabh Tráchtála, Gradaim Aonair agus do Dhaoine Óga.









## Mórtas Ceantair IPB Ireland

Ar an Satharn, an 2 Samhain, 2024, reáchtáladh Mórshearmanas Mórtais Ceantair IPB in Óstán an Hillgrove i Muineacháin, an 22ú bliain a ndearnadh ceiliúradh ar phobal agus ar athléimneacht ar fud na hÉireann

Tugann comórtas Mhórtas Ceantair IPB aitheantas do phobail a dhéanann obair mhór chun an saol laethúil a fheabhsú do chónaitheoirí agus chun comharsanachtaí níos láidre, níos athléimní a fhorbairt. Gach bliain, tugann pobail as ar fud na hÉireann léargas ar a gcuid tionscnamh, agus roinneann siad eolas maidir leis an tslí ar tháinig siad le chéile chun athrú dearfach a dhéanamh.

D'fhorbair Club Gairdín Bláthanna Troim Cheatharlach, a ainmníodh i gcatagóir na bPobal Aoisbhách, spás uirbeach eisceachtúil ar a tugadh 'Seoid cheilte' atá dírithe ní hamháin ar chúrsaí oideachais ach atá inbhuanaithe agus inrochtana, agus arb ionann é agus áis agus spás suaimhneach sóisialta do chónaitheoirí níos sine. Bronnadh gradam speisialta ar an tionscadal de bhrí go raibh na moltóirí an-tógtha leis an úsáid nuálach a baineadh as spás.

Ainmníodh Grúpa Forbartha Pobail Cheantar Mhuine Bheag i gcatagóir na bPobal Cruthaitheach, agus thug siad léargas ar 'Muine Bheag faoi Bhláth', tionscnamh pobail iontach a tharraing aird ar oidhreacht shaibhir Mhuine Bheag agus a thacaigh le cur chuige pobail chun daoine a spreagadh chun páirt a ghlacadh.

## Scéim Deontais Timpeallachta/ Taitneamhachta 2024

Bronnadh 122 deontas ar ghrúpaí pobail, cumainn cónaitheoirí agus scoileanna ar fud an chontae. I measc na dtionscadal ar cuireadh maoiniú ar fáil lena n-aghaidh bhí:

- Tírdhreachú agus forbairt spásanna oscailte,
- Forbairt taitneamhachta feadh bhruacha abhann agus srutháin,
- Cosaint agus feabhsú na timpeallachta, lena n-áirítear bithéagsúlacht a chur chun cinn, athchúrsáil, íoslaghdú dramhaíola agus bailiú uisce.

In 2024, dáileadh maoiniú deontais luach €65,080.

## Maoiniú Lánroghnach 2024

Bhronn Baill Tofa 289 deontas óna gCistí Lánroghnacha ar Chumainn Cónaitheoirí, Grúpaí Bailte Slachtmhara, eagraíochtaí Pobail agus Deonacha, scoileanna agus eagraíochtaí spóirt, deontais a raibh luach iomlán de €147,102.18 luaite leo.

## Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Cheatharlach

Páirteach sa CFPÁ bhí 19 mball, idir reachtúil agus neamhreachtúil, ceathrar ball tofa san áireamh. Is í Lynda Stacey, Uasal, an Cathaoirleach.

I ndiaidh na dToghchán Áitiúil a reáchtáladh i mí an Mheithimh 2024, ceapadh an Comhairleoir Fergal Browne agus an Comhairleoir Any Gladney in áit an Comhairleoir William Quinn agus an Comhairleoir Tom O'Neill.

Tá an CFPÁ/GÁG i mbun maoirseachta cláir agus bainistíochta cláir i ndáil leis na cláir/na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- An Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (CISGP) 2024 - 2028
- Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2023 - 2029
- Ceatharlach Sláintiúil
- Clár Feabhsaithe Pobail 2024 inar cuireadh maoiniú caipitil luach €142,867,38 ar fáil chun tacú le grúpaí pobail.

## Plean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail (PÁEP) 2023 – 2029

Ag cruinniú de chuid na Comhairle a reáchtáladh ar an Luan, 13 Samhain 2023, ceadaíodh go foirmiúil Creatdoiciméad PÁEP Cheatharlach 2023–2029, mar aon le Plean Feidhmithe 2 bhliain.

Cuirfear an PÁEP i bhfeidhm mar chuid de thrí chéim chur chun feidhme 2 bhliain i ndiaidh a chéile. Is éard atá sa chéad chéim, Plean Feidhmithe PÁEP Cheatharlach 2023-2025, straitéis mhionsonraithe chun tacú le forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch agus pobail i gContae Cheatharlach. Tá an plean seo bunaithe ar shé Chuspóir Ardleibhéil (CALanna), a bhfuil gach ceann acu dírithe ar réimsí criticiúla cosúil le hinbhuanaitheacht, cumhachtú pobail, uileghabhálacht, oideachas, athléimneacht eacnamaíoch agus forbairt bonneagair.

## Clár Forbartha Tuaithe 2014-2020 (LEADER) agus Clár LEADER 2023 -2027

Tá an maoiniú a leithdháileadh ar Chontae Cheatharlach faoi chlár LEADER 2023-2027 cothrom le €4,968,715, faoi na téamaí seo a leanas:

- Téama 1: Forbairt Eacnamaíoch agus Cruthú Poist;
- Téama 2: Bonneagar Tuaithe agus Ionchuimsiú Sóisialta;
- Téama 3: Forbairt Inbhuanaithe na Timpeallachta Tuaithe agus Maolú agus Oiriúnú don Athrú Aeráide

Sheol an Comhpháirtí Feidhmithe, Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach CTR, an Clár LEADER go hoifigiúil ar an 3 Meán Fómhair, 2024, agus bhí slua mór i láthair ag an imeacht. I measc na gcainteoirí a bhí i láthair ar an oíche bhí an Comhairleoir Fergal Browne, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach, Eileen Doyle, Cathaoirleach Chomhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach CTR, agus iarfhaighteoirí chúnamh deontais LEADER – PL Curran ó Chlub Lúthchleasaíochta Naomh Lorcán Ó Tuathail agus Mary White ó Éiceachonairí na Staighrí Dubha.

D'fháiltigh Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach CTR roimh ghairmeacha i gcomhair 2025 faoi na téamaí seo a leanas - Forbairt Eacnamaíoch, Cruthú Poist, Bonneagar Tuaithe agus Ionchuimsiú Sóisialta, Forbairt Inbhuanaithe na Timpeallachta Tuaithe, agus Maolú agus Oiriúnú don Athrú Aeráide

## An Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (CISGP)

Ba é an Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (CISGP) a bunaíodh i ndiaidh an Chláir Forbartha Pobail Áitiúil. Is tionscnamh sóisialta áitiúil é CISGP a bhfuil sé mar aidhm leis tacú leis na grúpaí is imeallaithe i sochaí na hÉireann.

Ba í 2024 an chéad bhliain den Chlár CISGP don tréimhse idir 2024-2028, i ndiaidh an Chláir CISGP roimhe sin (2018-2023). Feidhmíonn an CFPÁ mar údarás conarthach, agus feidhmíonn Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach mar Fheidhmitheoir Cláir. Don chlár seo, tá Contae Cheatharlach rangaithe i Lota amháin chun críche an chláir seo. Bhí an buiséad in 2024 cothrom le €700,184.00. Fuarthas maoiniú breise luach €194,316.00 in 2024 do Dhaoine Nuathagtha.

## Clár Feabhsaithe Áitiúil 2024

Chuir Clár Feabhsaithe Áitiúil (CFÁ) 2024 na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú caipitil ar fáil chun cabhrú le grúpaí pobail ar fud na hÉireann. Bhí sé mar aidhm ag an maoiniú seo tacú le grúpaí, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste, chun oibreacha deisiúcháin agus feabhsuithe riachtanacha a dhéanamh ag a gcuid saoráidí, chun trealamh a cheannach cosúil le táblaí, cathaoireacha, uirlisí, comharthaíocht, ríomhairí glúine, printéirí, lomairí faiche, forscáthanna, trealamh oiliúna, agus neart eile. Cuireann an maoiniú ar chumas pobal, grúpaí pobail agus coistí leanúint ar aghaidh le seirbhísí luachmhara a chur ar fáil do chónaitheoirí áitiúla agus naisc phobail a threisiú. Lena chois sin, tá sé mar aidhm leis an gclár tacú le tosaíochtaí straitéiseacha áitiúla trí ailíniú le Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail (PÁEPanna).

San áireamh sa mhaoiniú ar fad a cuireadh ar fáil do Chontae Cheatharlach bhí:

- €119,056.15 i maoiniú caipitil don Chlár Feabhsaithe Áitiúil, atá le húsáid le haghaidh oibreacha deisiúcháin, feabhsuithe saoráidí, tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh, ceannach trealaimh, agus neart eile.
- €23,811.23 i maoiniú caipitil a bhí ainmnithe go sonrach do Ghrúpaí Ban.

Cheadaigh CFPÁ Cheatharlach, de réir threoirlínte na Roinne, an Ciste Caipitil a roinnt - 70% de mhaoiniú spriocdhírithe tríd an bhFóram um Ionchuimsiú Sóisialta agus 30% de mhaoiniú do dheontais a bhí cothrom le €1,000 nó níos lú.

Tríd is tríd, fuair 83 grúpa/eagraíocht pobail maoiniú sna trí Cheantar Bhardasacha.

## Forbairt Pobail

Chomhoibrigh an tOifigeach Forbartha Pobail le grúpaí pobail, cumainn cónaitheoirí agus eagraíochtaí i rith 2024.

Ba í Laura Kelly, Oifigeach Forbartha Pobail, a bhunaigh an tionscnamh dar teideal

**Clár Fréamhacha Pobail** in 2024. Is clár Ceannaireachta Óige é seo atá á reáchtáil i gcomhar le Rannóg Pobail Chomhairle Contae Cheatharlach, Seirbhís Óige Réigiúnach Cheatharlach, Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach agus Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach. Mar chuid de cheardlann a reáchtáladh don chontae i nGairdín Pobail Mhuine Bheag, seoladh an clár i mí Dheireadh Fómhair mar chuid den tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide. Reáchtáladh cláir sheachtainiúla in An Tulach agus in Muine Bheag chun tacú le forbairt foirne agus le hoiliúint cheannaireachta i measc na n-óg. Chuir 20 Duine óg cúrsaí oiliúna Garchabhrach, Láimhsithe agus Feasachta Cosanta Leanaí i gcrích. Bhí deis ag daoine óga obair dheonach a dhéanamh ina bpobal áitiúil mar chuid de na gradaim Mhórtais Ceantair agus chomh maith leis sin, d'oibrigh siad le grúpaí pobail áitiúla, seid na bhfear, an Garda Síochána agus baill tofa.

Reáchtáladh **Muine Bheag faoi Bhláth** i mí Meithimh 2024, imeacht bríomhar pobalbhunaithe eagraithe ag Grúpa Forbartha Pobail Cheantar Mhuine Bheag. Tugann léargas ar raon leathan gníomhaíochtaí, ceardlanna agus siamsaíocht, a bhí oiriúnach do gach aoisghrúpa agus do gach réimse spéise. Soláthraíonn BOOCCC, Comhairle Contae Cheatharlach agus Comhpháirtíocht Forbartha Cheatharlach maoiniú agus tacaíocht do na himeachtaí sin atá á mbainistiú agus á soláthar ag Grúpa Forbartha Pobail Cheantar Mhuine Bheag. Tarraingíodh aird ar Mhuine Bheag faoi Bhláth ag Féile Bloom Bhord Bia agus ar an Raidió Áitiúil mar chuid d'fheachtas Chumainn Mheabhairshláinte Cheatharlach, *Hello Carlow How Are You?* Chuir an t-imeacht sin go suntasach leis an spiorad pobail, mheall sé cuairteoirí chomh fada le Muine Bheag agus sholáthair sé ardán d'ealaíontóirí áitiúla, do leanaí agus do theaghlaigh chun léargas a thabhairt ar a gcuid buanna agus iarrachtaí. Trí cheardlanna agus gníomhaíochtaí éagsúla, tacaíonn Muine Bheag faoi Bhláth le cruthaitheacht, gníomhaíocht fhisiciúil agus comhoibriú pobail, rud a chiallaíonn gur buaicphointe atá ann i bhféilire bliantúil an bhaile.






*An Slua a bhí i Láthair ag an Taispeántas 'Saol Maith' i dteannta le hAmbasadóir Cheatharlach Aoisbhách, Faith Amond*

I mí Aibreáin 2024, d'fhreastail 275 leanbh agus a dteaghlaigh ar **Thóraíocht Uibeacha Cásca Pobail** ar Dhomhnach na Cásca agus ar Luan Cásca i dTeach Feirme Chopanaí, An Tulach agus Tigh Moling, Ceatharlach, faoi seach. Deis ba ea an dá imeacht do theaghlaigh chun páirt a ghlacadh i dtóraíocht taisce pobalbhunaithe a bhí eagraithe ag grúpaí pobail áitiúla agus a raibh an rannóg pobail ag tacú leo.

I mí na Nollag 2024, chomhoibrigh an Rannóg Forbartha Pobail le Seirbhís Óige Réigiúnach Cheatharlach, Foireann Lánpháirtíochta Chomhairle Contae Cheatharlach agus Ceatharlach Sláintiúil chun dhá imeacht **Pictiúrlainne Lasmuigh** a eagrú in *The Exchange* i gCeatharlach díreach roimh an Nollaig. Rolladh an tionscnamh seo amach chun tacú le folláine dhearfach agus le teaghlaigh chun deis a bheith acu cuairt a thabhairt ar Dhaidí na Nollag agus ar an bpictiúrlann agus ag an am céanna foghlaim faoi Sheirbhís Óige Réigiúnach Cheatharlach agus na tacaíochtaí a thairgtear.

Reáchtáladh **"Ealaín Trí Dhúlra - Clár Píolótach Éire Ildánach"** i mBaile Haicéid i gcomhpháirt leis an Rannóg Pobail do thréimhse ceithre seachtaine i mí Iúil agus d'fhreastail 12 rannpháirtí ar an tionscadal idirghlúine seo.

Eagraíodh **Lá Spraoi** i gcomhar leis an gComhpháirtíocht Spóirt agus le Ceatharlach Sláintiúil ar an 20 Iúil 2024, agus ghlac thart ar 340 leanbh páirt in imeachtaí an lae.

D'eagraigh Coiste Áineasa Bhun Clóidí **Lá Spraoi Teaghlaigh Bhun Clóidí,** a reáchtáladh ar an 9 Meitheamh agus bhí 200 teaghlach i láthair ag an imeacht.

## Ceatharlach Aoisbhách

Tá Ceatharlach Aoisbhách, cuid de líonra náisiúnta Aoisbhá Éireann a bhfuil Comhairle Contae Cheatharlach ag tacú leis, á threorú ag Comhghuaillíocht idirghníomhaireachta atá faoi chathaoirleacht an Phríomhfheidhmeannaigh. Bhuail baill na Comhghuaillíochta, a bhfuil ionadaithe ó eagraíochtaí earnála poiblí, gníomhaireachtaí pobail agus Fóram na nDaoine Scothaosta páirteach ann, in 2024 chun pleanáil agus seirbhísí a fheabhsú do dhaoine fásta scothaosta i gContae Cheatharlach.

I measc na bpríomhéachtaí a rinneadh in 2024 tá:

- Cuireadh athbhreithniú ar Straitéis Cheatharlach Aoisbhách 2017 - 2022 i gcrích.
- Cuireadh tuarascáil taighde dar teideal "Roinn do Thuairim Linn" i dtoll a chéile, ina ndéantar achoimre ar chomhairliúcháin phoiblí do straitéis nua 2025-2029. Mar chuid de na comhairliúcháin eagraíodh suirbhéanna ar líne, cruinnithe poiblí agus agallaimh

le príomhghrúpaí den daonra, cosúil le baill den lucht siúil, teaghlaigh ísealioncaim agus náisiúnaigh neamh-Éireannacha. Múnlóidh torthaí na tuarascála seo an straitéis a chuirfear i dtoll a chéile amach anseo chun seirbhísí a fheabhsú do dhaoine fásta scothaosta i gContae Cheatharlach.

- Treiseofar Fóram Daoine Scothaosta Cheatharlach trí é a ailíniú ar bhealach níos dlúithe le treoirlínte náisiúnta Chomhairle na nDaoine Scothaosta agus trí fhorbairt agus cur chun feidhme príomhghníomhaíochtaí laistigh den phobal a fheabhsú.

In 2024, reáchtáladh trí chruinniú Comhghuaillíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar an athbhreithniú ar an bplean straitéiseach a cuireadh i dtoll a chéile roimhe seo agus chun céim an chomhairliúcháin phoiblí don phlean nua a bhainistiú. D'eagraigh Fóram Daoine Scothaosta Cheatharlach, le tacaíocht ón gComhghuaillíocht, Ceatharlach Sláintiúil, Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach, agus UPMC, an Taispeántas 'Saol Maith' ar an 22 Deireadh Fómhair. Mar chuid den imeacht saor in aisce seo eagraíodh breis is 40 seastán taispeántais. Bhí seastán ag An Garda Síochána, FSS, Foghlaim ar feadh an tSaoil SETU, VISUAL, Ionad Oibrithe Deonacha Cheatharlach agus Cumann Alzheimer na hÉireann. Bhí deis ag na daoine a bhí i láthair labhairt le soláthraithe seirbhíse éagsúla agus acmhainní a aimsiú a thacaíonn le stíleanna maireachtála sláintiúla, iomlána agus gníomhacha

## Comhairle na nÓg

Ba é "Idirdhealú" an príomhthéama a roghnaigh baill de Chomhairle na nÓg i gcomhair 2024. Chun eolas maidir lena ngníomhaíochtaí a bhí bunaithe ar an téama tábhachtach seo a roinnt, chuir siad raon aschur i dtoll a chéile, lena n-áirítear podchraoltaí, bileoga agus feachtais ar na meáin shóisialta.

In 2024, reáchtáil Comhairle na nÓg Cheatharlach 14 chruinniú, agus cuireadh éachtaí suntasacha i gcrích i rith na bliana. Príomh-aschur amháin ba ea seoladh an phodchraolta dar teideal 'Tru You'. Bhuaigh an grúpa Gradam Óige an Gharda Síochána i mí an Mheithimh, mar aitheantas ar an obair mhór a rinne siad.

Ar an 10 Iúil, d'fhreastail ár bPríomhfheidhmeannach Náisiúnta agus beirt bhall ar imeacht bliantúil Líonraithe Réigiúnach Chomhairle na nÓg, áit ar bhailigh baill ó réigiúin dhifriúla le chéile chun saincheisteanna tráthúla a phlé. Ina theannta sin, d'oibrigh an grúpa i gcomhpháirt le Comhairle Chill Chainnigh ar an bhfeachtas "Ní Mórthimpeall Orainne", a raibh Ceatharlach Sláintiúil ag tacú leis.

Rinne Franek Dobronski ionadaíocht ar Cheatharlach san Oireachtas mar chuid den chlár "Seaimpíní Áitiúla", a mhúineann do dhaoine óga conas stocaireacht a dhéanamh chun maoiniú a fháil d'obair óige.

Cuireadh maoiniú luach €25,000 ar fáil faoi Chiste Forbartha Chomhairle na nÓg 2023 ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) chun tacú le hoibriú agus le héascú Chomhairle na nÓg Cheatharlach.

## Grúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Cheatharlach

Cuireann Grúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Cheatharlach obair i gcrích chun a chinntiú go ndíríonn gníomhaireachtaí reachtúla agus tionscnaimh a bhfuil an stát ag tacú leo atá ag cur seirbhísí ar fáil don Lucht Siúil ar sheachadadh comhtháite na seirbhísí sin a fheabhsú. Tá an grúpa á éascú ag Rannóg Forbartha Pobail Chomhairle Contae Cheatharlach, le tacaíocht ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. I measc an aschuir a taifeadadh in 2024 bhí cur chun feidhme Phlean Straitéiseach Ghrúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Cheatharlach 2023-2026, a sholáthraíonn tacaíocht don rannpháirtíocht idirghníomhaireachta agus thrasrannach i ngníomhaíochtaí straitéise, a fhaigheann maoiniú ó Chuntais Díomhaoine do chúrsaí oiliúna feasachta cultúrtha don Lucht Siúil, agus a théann i mbun idirchaidrimh leis an Roinn i ndáil le riachtanais tuairiscithe agus mhaoinithe. Fuarthas €18,228 ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, a bhí nasctha le Grúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Cheatharlach. Chuir an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige deontas luach €18,228.00 ar fáil faoi na téarmaí agus coinníollacha a leagadh amach sa Chomhaontú seo chun an tionscadal a chur chun feidhme do sheirbhísí a bhain le Tionscnaimh de chuid Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh.

## Ceatharlach Sláintiúil

Ba é 2024 an dara bliain de straitéis trí bliana do Cheatharlach Sláintiúil. Tá gach clár a bhfuiltear ag tacú leis faoi mhaoiniú Éire na







Sláinte do thréimhse na straitéise ag díriú ar leibhéil de mheabhairshláinte dhearfach agus d'fholláine a mhéadú, i measc daoine atá páirteach inár spriocghrúpaí sainaitheanta: ógánaigh, daoine scothaosta, teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste agus teaghlaigh aontuismitheora.

Tá Ceatharlach Sláintiúil ag obair i gcomhpháirt in 2024 chun roinnt clár an-dearfach a sheachadadh. Seo a leanas cuid de na cláir atá i gceist:

**Mná ag Snámh**, Clár snámha do mhná atá faoi mhíbhuntáiste agus dá leanaí, spás sábháilte chun tairbhe a bhaint as deis shóisialta agus chun lánpháirtíocht i bpobail a spreagadh; **Breathnaigh Go Maith, Mothaigh Go Maith,** clár atá dírithe ar fhéinmhuinín agus ar aire a thabhairt duit féin; **Traein na nÓg** clár gníomhaíochta fisiciúla a bhfuil sé mar aidhm leis díriú ar mhodhanna chun do scíth a ligean agus chun tairbhe a bhaint as rannpháirtíocht shóisialta ar bhealach dearfach; **Feirmeoireacht Shóisialta** tionscnamh a thugann deis do dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste tairbhe a bhaint as eispéireas tacúil, sláintiúil agus ionchuimsitheach den saol feirme; **Scileanna Cinntitheacha** cúrsa oiliúna do ghairmithe chun tacú le daoine aonair agus le teaghlaigh le huirlisí chun déileáil le folláine; **Oiliúint Cleachtaidh Trámathreoraithe** chun eolas gairmiúil agus tacar scileanna a mhéadú chun oibriú le teaghlaigh agus le daoine aonair a raibh orthu déileáil le tráma; **Mo Ghairdín, Mo Ghabhlóg** a thacaíonn le teaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste chun a gcuid táirgí féin a fhás; **Club Suipéir Ilchultúrtha** a thacaíonn le nasc agus le tuiscint i measc pobal éagsúil, a dhéanann ceiliúradh ar chúlraí cultúrtha;




*Lá Moltóireachta Entente Florale*

**Ócáidí Pobail** a thacaíonn le nasc sóisialta áitiúil agus le feasacht a mhúscailt agus le rannpháirtíocht le grúpaí pobail ag leibhéal áitiúil; **Ní Mórthimpeall Orainne**; feachtas chun caitheamh agus vápáil mórthimpeall ar leanaí agus ar dhaoine óga a dhínormalú; **Dínit Mhíostraithe Cheatharlach** feachtas contae a bhfuil sé mar aidhm leis dul i ngleic le bochtaineacht mhíostraithe i gCeatharlach lena n-áirítear táirgí míostraithe saor in aisce a chur ar fáil agus féiniúlacht maidir le hinfhaighteacht a fhorbairt; **Folláine Feirmeoirí Cheatharlach** tionscnamh folláine pobail a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le sláinte, sábháilteacht agus folláine phobal feirmeoireachta Cheatharlach.

Ghlac 2,690 duine i gCeatharlach páirt i gcláir, cúrsaí oiliúna agus imeachtaí a bhí á maoiniú trí Cheatharlach Sláintiúil in 2024.

## CLÁR

Faoi scéim CLÁR 2024, fuair Ceatharlach maoiniú le haghaidh na dtionscadal seo a leanas;

| Tionscadal | Méid |
|---|---|
| Scoil Moling, An Gleann | €45,000 |
| Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Baile Uí Mhurchú | €44,537 |

## Scéim Deontais Caipitil Spraoi agus Áineasa 2024

Bronnadh deontais caipitil luach €16,363.39 ar Chomhairle Contae Cheatharlach as mionchúirt chispheile inrochtana a shuiteáil agus oibreacha gaolmhara a dhéanamh ag Páirc na Darach, Páirc na Foraoise, Ceatharlach.




*Community Get Together*




*Seoladh an tionscnaimh 'Dínit Mhíostraithe'*

## Comórtas Eorpach Entente Florale

Déanann an Comórtas Eorpach Entente Florale ceiliúradh ar an tábhacht a bhaineann le timpeallachtaí glasa agus an ról atá acu sa chaighdeán saoil a fheabhsú do phobail ar fud na hEorpa. Tarraingíonn rath Cheatharlach aird ar thiomantas an bhaile d'inbhuanaitheacht agus leagann sé síos ardchaighdeán do dhaoine eile.

Reáchtáladh Comórtas Entente Florale san Ungáir ar an 7 Meán Fómhair 2025. Bhí bród ar gach duine as Ceatharlach ar an oíche de bhrí gur bronnadh bonn óir ar an mbaile ag an gradaim. Le cois an bhoinn óir, bronnadh Duais an Uachtaráin d'Fhorbairt an Ghairdín Báistí ar Cheatharlach mar aon le Duais Saintréithe Speisialta do na Gairdíní Céadfaí Delta, fianaise ar thiomantas an bhaile don bharr feabhais timpeallachta.

Is fianaise iad na gradaim ar an obair mhór agus ar an tiomantas a léiríonn an t-údarás áitiúil, eagraíochtaí áitiúla, grúpaí pobail agus oibrithe deonacha a chuireann obair i gcrích chun a leithéid a bhaint amach. Thug na moltóirí cuairt ar Cheatharlach ar an 12 Iúil agus thug siad aghaidh ar phríomhshuíomhanna, le n-áirítear Séipéal Mhuire, Margadh an Fhéir, Stáisiún Dóiteáin Cheatharlach, Páirc Líneach, Páirc Hanover, Páirc Bhaile Cheatharlach,

Coláiste Cheatharlach, Visual, Scoil Náisiúnta Laserian, agus Gairdíní Céadfaí Delta, áiseanna a chuir le rath an bhaile.

## Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) Cheatharlach

In 2024, fuair LRP Cheatharlach maoiniú iomlán luach €120,700, €35,000 ó Chomhairle Contae Cheatharlach agus €85,700 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Bhí 358 ballghrúpa gníomhach ag LRP Cheatharlach sna Coláistí seo a leanas - Timpeallacht, Ionchuimsiú Sóisialta, Pobal & Deonach.

Bhí 32 ionadaí pobail ag an LRP ar bhoird agus ar choistí éagsúla, lena n-áirítear ceithre Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBSanna), an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ), Bord Turasóireachta Cheatharlach, an Comhchoiste Póilíneachta, agus Fóram Forbartha Cheatharlach.

Ghlac LRP Cheatharlach páirt i mbreis is 28 comhairliúchán agus suirbhé maidir le saincheisteanna áitiúla agus náisiúnta, cosúil le Straitéis Aoisbhách Cheatharlach, an Dréachtphlean Oidhreachta, agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

Chun ceiliúradh a dhéanamh ar 10 mbliana ó bunaíodh é, reáchtáil LRP Cheatharlach dhá imeacht Taispeántais Pobail agus Líonraithe, bunaithe ar an téama "Folláine i Do Phobal," i gceantair bhardasacha Cheatharlach agus Mhuine Bheag, deis chun baill LRP, grúpaí áitiúla agus cainteoirí a thabhairt le chéile chun réimsí spéise a phlé.

## Lá na hAfraice

Cuireadh €7,400 ar fáil chun imeachtaí a eagrú chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá na hAfraice 2024. Déantar ceiliúradh ar Lá na hAfraice, ainmnithe ag an Aontas Afracach mar cheiliúradh bliantúil ar aontacht na hilchríche, ar an 25 Bealtaine gach bliain. Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha ag tacú leis an gceiliúradh ar Lá na hAfraice in Éirinn ón mbliain 2006 agus tacaíonn Cúnamh Éireann le clár de thionscnaimh phobalbhunaithe agus bheartasbhunaithe mórthimpeall na tíre ar bhonn bliantúil.

# An tSeirbhís Ealaíon

**Tá ról riachtanach ag Seirbhís Ealaíon Cheatharlach i dtacú le forbairt ealaíon áitiúil trí oibriú i ndlúthpháirt le pobail agus le healaíontóirí ar fud an chontae chun ionadaíocht a dhéanamh ar ionchuimsiú, éagsúlacht agus comhionannas. Cothaímid agus tacaímid lenár n-ealaíontóirí chun cabhrú leo a gcleachtas agus próisis ealaíonta a fhorbairt.**

Ba iad seo a leanas ár gceithre chuspóir straitéiseacha in 2024:

## Tacú le hEalaíontóirí

### Clár Oifig Ealaíon Cheatharlach 2024

Trí bheith ag obair i gcomhpháirt le Comhairle Ealaíon na hÉireann fuarthas **€105,000**. Cuireadh **€5,000** den bhuiséad ar fáil do Sparánacht Ealaíontóra a chuirtear ar fáil d'ealaíontóirí faoi bheartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe Chomhairle Ealaíon na hÉireann. Ba ar **Ionad Cairdeas, An Tulach** a bronnadh an duais in 2024 agus é tuillte go maith aige.

Faoi na Deontais Achtanna Ealaíon d'Ealaíontóirí, i ndiaidh próiseas measúnaithe iomaíoch a chur i gcrích, **bronnadh €17,600** agus cuireadh deontais ar fáil do **10 n-ealaíontóir**. Faoi na Deontais Achtanna Ealaíon do Ghrúpaí pobail bronnadh maoiniú ar **13 ghrúpa pobail** agus cuireadh maoiniú luach **€22,400 ar fad** ar fáil.

Soláthraíonn **NaiscEalaíne** deiseanna agus tacaíochtaí forbartha gairmiúla d'ealaíontóirí seanbhunaithe agus nua atá ina gcónaí i gceithre limistéar údaráis áitiúil comhpháirtí i réigiún an Oirdheiscirt. In 2024 thacaigh Seirbhís Ealaíon Cheatharlach le **9 n-ealaíontóir as Ceatharlach** trí thacaíochtaí sparánachta luach **€19,500** a chur ar fáil.

### Ceatharlach Beo agus Áitiúil

I ndiaidh Gairm Oscailte a reáchtáil, á treorú ag an tSeirbhís Ealaíon, fuarthas **62 iarratas** ó Cheoltóirí áitiúla as Ceatharlach chun páirt a ghlacadh i bhFéile Ealaíon Cheatharlach mar chuid de Chlár Cheatharlach Beo agus Áitiúil. Thacaigh an tionscnamh seo le **82 Ceoltóir as Ceatharlach** agus **leithdháileadh maoiniú deontais luach €30,000.**

### Na Patrúin a Bhriseadh

Tá tionscnamh nua an Oirdheiscirt á threorú agus ag fáil tacaíocht ó Sheirbhís Ealaíon Cheatharlach, tionscnamh atá dírithe ar ealaíontóirí nua a bhfuil cúlraí de mhíbhuntáiste sóisialta acu. Tairgeann an clár cúrsaí oiliúna forbartha gairmiúla leanúnacha d'ealaíontóirí, tacaíochtaí sparánachta agus deis chun tairbhe a bhaint as cónaitheacht Ealaíontóra Eorpaigh. Laistigh de chomhthéacs iomaíoch réigiún an Oirdheiscirt, roghnaíodh **6 ealaíontóir** chun tabhairt faoi chónaitheacht ealaíontóra trí mhí in Seville sa Spáinn, agus ghlac **2 ealaíontóir as Ceatharlach** páirt sa chomórtas. Reáchtáladh **cónaitheacht ealaíontóra trí mhí** eile in Liospóin, an Phortaingéil agus ghlac **2 ealaíontóir as Ceatharlach** páirt inti. Leanfaidh an tionscadal seo ar aghaidh ag tacú le healaíontóirí nua as Ceatharlach in 2025.

### Ealaíontóirí eile ar thacaigh Seirbhís Ealaíon Cheatharlach leo in 2024

- *The Exchange*, Ceatharlach – Coimisiúnaíodh Ealaíontóir - Múrphictiúr an ealaíontóra áitiúil, Kirstie Mahers, ag *The Exchange*
- An scannánóir áitiúil, Frank Mannion, ag an gCéad Léiriú Éireannach dá shaothar ag VISUAL.
- Féile i Veain agus an t-ealaíontóir damhsa áitiúil Roisin Whelan ag an bhFéile Solais i Muine Bheag.
- An Ceoltóir Marian Gaynor ó *Sing to Care* i mbun seisiúin 8 seachtaine de chanadh, cnaguirlisí, rannpháirtíocht ghníomhach agus gluaiseacht do dhaoine a fhreastalaíonn ar Ionad Cúraim Lae Cheatharlach.



*Éiríonn le daoine óga as Muine Bheag atá páirteach i Seirbhísí Óige Réigiúnacha Cheatharlach léargas iontach a thabhairt ar The Lock Keepers Memory.*

## Rannpháirtíocht sa Phobal

### Amharclann na nÓg Chontae Cheatharlach

Arna bainistiú ag an tSeirbhís Ealaíon, tacaíodh le 2 ghrúpa de dhaoine óga idir 10-13 bhliain d'aois agus 14 - 18 mbliana d'aois a bhuail lena chéile gach seachtain in VISUAL. Tugadh deis dóibh páirt a ghlacadh i gceardlann agus i dtaibhithe i rith na bliana mar aon le taibhithe i suíomhanna sonracha i rith Chruinniú na nÓg, agus fuair 48 duine óg as ar fud Cheatharlach deis a bheith ar an stáitse.

### Glúin an Cheoil Cheatharlach (GCC)

Lean GCC ag obair ar fud an chontae agus ghlac breis is 4,600 duine óg páirt in oideachas taibhithe ceoil gach seachtain. Cuireadh obair i gcrích in 24 bunscoil áitiúil agus 4 mheánscoil agus in ionaid phobail/for-rochtana ar fud an chontae. Tá cláir MHOIL GCC anois á reáchtáil díreach mar a bhí roimh COVID agus tá 5 MHOL bunaithe ar fud an chontae. In 2024, bhunaigh GCC MOL nua i Muine Bheag, a raibh sé mar aidhm leis freastal ar cheantar Dheisceart Cheatharlach. Bíonn na cláir uile ar siúl laistigh agus lasmuigh d'uaireanta scoile, i ndiaidh na scoile agus ag an deireadh seachtaine — rud a chinntíonn neart inrochtaineachta do theaghlaigh ar fud Cheatharlach.

### Féile Ealaíon Cheatharlach (FEC)

Idir an 5 - 9 Meitheamh 2024, tugadh deis do bhaile Cheatharlach a bheith i lár an aonaigh ag an 45ú leagan de FEC.

Thug breis is 22,000 duine cuairt ar an bhféile agus bhain siad taitneamh as 89 taibhiú agus imeacht, á gcur i láthair ag 113 ealaíontóir. Páirteach bhí ealaíontóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus le feiceáil i rith na féile bhí raon leathan d'fhoirmeacha ealaíne lena n-áirítear damhsa, litríocht, sorcas, taispeántas, ceol, amharclannaíocht, pictiúrlann agus amharc-ealaíona.

### Clár Éire Ildánach Cheatharlach

In 2024 cuireadh maoiniú iomlán luach €207,419 ar fáil do Cheatharlach faoin chlár Éire Ildánach. Cuireadh €30,000 den mhaoiniú sin i leataobh do Chruinniú na nÓg 2024 - Lá Náisiúnta Cruthaitheachta do leanaí agus do dhaoine óga a reáchtáladh ar an Satharn, an 15 Meitheamh, tráth ar eagraíocht 30 imeacht cruthaitheach saor in aisce ar fud an chontae.



*Bhí an ceoltóir Trish O'Reilly i mbun ceoil ag seoladh "Ag Maireachtáil ar Bhealach Ealaíonta Cheatharlach" Éire Ildánach*

## Thacaigh Clár Éire Ildánach Cheatharlach 2024 leis an méid seo a leanas:

- Pacáistí Tosaitheora Lása na Buiríse a forbraíodh agus a cuireadh i dtoll a chéile go speisialta mar chuid de Ghairm Oscailte Éire Ildánach 2023/2024, obair a rinne **Lásadóirí na Buiríse.**
- Obair ar thionscadal *"Crush On"* **Sheirbhísí Tacaíochta do Phobal an Lucht Siúil Chaitríona** agus ionchuimsiú laistigh den fhéile Phan-Cheilteach a chinntiú chun léargas a thabhairt ar na hAmhránaithe Cáiliúla ó Phobal an Lucht Siúil, Trish Riley agus Thomas McCarthy, ag imeacht a raibh **98 duine i láthair aige.**
- An tionscadal **Gnáthóga Nádúrtha Céim 2** i gcomhpháirt le Portach an Droimín, Portach Ráth Iomgháin, Portach Chill Dara agus na Greallaí, an Mhí, cuid de "Imeacht Ardaithe Talún" Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, féile imeachtaí atá dírithe ar dhéileáil leis an ngéarchéim aeráide. Gearrliostaíodh an tionscadal seo faoi Bharr Feabhais Chomhlachais na hÉireann i **nGradaim Rialtais Áitiúil 2024 – Cothú na nEalaíon** agus faoi Ghradaim CCÚÁ 2024 - **An Tionscadal Timpeallachta is Fearr.**
- **9 dTeach Cuartaíochta nua agus seanbhunaithe** mórthimpeall ar Cho. Cheatharlach i ndiaidh gairm oscailte nua a chuir tacaíochtaí deontais luach €20,000 ar fáil.
- Forbraíodh **tionscnamh nua i mBaile Haicéid** ar a tugadh "Ealaín Trí Dhúlra" leis an nGairdín Bithéagsúlachta i gcomhpháirt leis an Ealaíontóir, Mairead Holohan.
- Clár samhraidh **Ealaíona Mhuine Bheag** dar teideal COMMUNE - clár d'imeachtaí beo in Ionad Pobail Mhuine Bheag.
- Ceardlanna Scoil Samhraidh Scoil na Foraoise ag **VISUAL**.
- **15 Cheolchoirm Chúraim i dtithe cúraim cónaithe** agus suíomhanna cúraim sláinte a fud an chontae leis an Inneall Ceoil Mhóibíligh.

## Ag Maireachtáil ar Bhealach Ealaíonta

Sheol Éire Ildánach Cheatharlach agus Chill Chainnigh an clár "Ag Maireachtáil ar Bhealach Ealaíonta" go hoifigiúil ar an 25 Meán Fómhair. Is clár cruthaitheach dhá bhliain é "Ag Maireachtáil ar Bhealach Ealaíonta" atá á mhaoiniú trí Éire Ildánach agus arb é an aidhm atá leis tacú le**Cruthaitheacht ar mhaithe le Sláinte agus le Folláine inár bpobail**. Tugann "Ag Maireachtáil ar Bhealach Ealaíonta" cuireadh d'úsáideoirí seirbhíse agus do bhaill foirne a bhfuil baint acu le Seirbhísí Sláinte do Phobal an Lucht Siúil, Seirbhísí do Dhaoine a bhfuil Néaltrú orthu, Seirbhísí meabhairshláinte, Seirbhísí Oideasaithe Shóisialta, FSS Cheatharlach/Chill Chainnigh chun páirt a ghlacadh san idirghabháil theiripeach agus acmhainn sláinte seo a thairgeann áis chun nósanna cruthaitheacha, sláintiúla agus cabhracha a bhunú trí rannpháirtíocht sa tionscnamh ealaíon sóisialta seo.

## Cleachtas Áitbhunaithe

### Glac Páirt, Ceatharlach

Cuireadh roinnt comhshaothar fiúntach i gcrích le healaíontóirí áitiúla in 2024. Bhí an scríbhneoir cónaithe pobail, Clifton Redmond, i mbun ceardlann scríbhneoireachta ionchuimsitheach agus spreagthach a reáchtáladh do raon leathan de Phobal Bhóthar na Tulaí, do dhaoine óga idir 16-19 mbliana d'aois a bhí ag baint tairbhe as seirbhísí Ógtheagmhála, baill de Sheirbhísí Tacaíochta do Phobal an Lucht Siúil Chaitríona agus baill den phobal ag Clubtheach Éire Óg trí sheisiúin scríbhneoireachta oscailte.

Ansin d'oibrigh an t-ealaíontóir Kate O'Shea le Clifton chun mórbhileog filíochta a dearadh go speisialta a fhorbairt inar díríodh ar fhreagairtí cruthaitheacha ar choincheap an díláithrithe agus bhí saothar scríofa ó roinnt ceardlann scríbhneoireachta a reáchtáladh le Pobal Bhaile na Tulaí le fáil sa mhórbhileog freisin. Seoladh an Mhórbhileog Filíochta ar an Oíche Chultúir tráth ar eagraíodh léamh filíochta oscailte agus ar léiríodh saothar le daoine de bhunadh na háite agus saothar nua-choimisiúnaithe leis an gceoltóir Duane Ayers.

D'fhorbair an t-ealaíontóir de bhunadh Cheatharlach, Cian Kinsella, tionscadal nua dar teideal "Serious Messin" do chlár iarscoile Thionscadal Óige Bhóthar na Tulaí Sheirbhísí Óige Réigiúnacha Cheatharlach.

Bhí acmhainn áitiúil a fhorbairt sa phobal fós ag barr na gcuspóirí *Take A Parts* in 2024. Chabhraigh na gníomhaíochtaí seo a leanas chun úinéireacht an phobail ar an gclár a spreagadh agus chun acmhainn a fhorbairt i measc an Ghrúpa Gníomhaíochta Ealaíon:

- D'fhreastail baill ar **Sheisiúin Buail leis an gComhairle Ealaíon** ag VISUAL agus labhair siad faoi na deiseanna maoinithe agus faoi na tacaíochtaí atá ar fáil chun acmhainn a fhorbairt sa phobal.
- D'oibrigh *Take A Part* Cheatharlach i ndlúthpháirt le Seirbhís Ealaíon Cheatharlach, *Take A Part* na Ríochta Aontaithe, Áiteanna Cruthaitheacha Mhuine Bheag agus baill den phobal agus ealaíontóirí chun "**Lá Forbartha Acmhainne Cruthaithí"** a fhorbairt i gCeatharlach. Ag an imeacht seo reáchtáladh ceardlann faoi shamhail Ghrúpa na Gníomhaíochta Ealaíon, faoin tionchar a bhí ag cinnteoireacht áitiúil ar obair *Take A Part* Cheatharlach agus rinneadh athbhreithniú ar bhallraíocht Ghrúpa na Gníomhaíochta Ealaíon i dtéarmaí tacú le forbairt straitéiseach an chláir ealaíon seo a bhfuil gné shóisialta ag baint leis.

## Áiteanna Cruthaitheacha Mhuine Bheag

In 2024, shaibhrigh Clár Áiteanna Cruthaitheacha Mhuine Bheag timpeallacht chultúrtha Mhuine Bheag trí shraith de thionscadail bhríomhara. Ba é buaicphointe na bliana ***The Lock Keeper's Memories***, taibhiú promanáide draíochtach le Hugh W. Brown i gcomhpháirt le daoine óga ó **Sheirbhís Óige Réigiúnach Cheatharlach** i Muine Bheag agus an phobail trí chéile. Rinne an t-eispéireas amharclainne uathúil seo ceiliúradh ar ghuthanna áitiúla, stair agus cuimhní cinn comhroinnte.

Tionscadal suntasach eile ba ea ***"A Musical Planet Looks Like..."***, Múrphictiúr Balla Réaltachta Breisithe (RB) leis an ealaíontóir **Paul Byrne** i gcomhpháirt le **Glúin an Cheoil Cheatharlach**. Chuir fuaimdhreach tionlacain, forbartha ag **Paul Brett** agus **Gearoid O'Sullivan**, gné éisteachta leis an tionscadal.

Mheall **Oíche Chultúir Mhuine Bheag** sluaite móra agus rinneadh ceiliúradh ar oidhreacht chultúrtha an bhaile ar an oíche. Bhí deis ag Ceoltóirí Traidisiúnta na hÁite ceol a sheinm i Seanoifig an Phoist, agus eagraíodh preab-phictiúrlann do theaghlaigh i bPáirc Fhaiche an Aonaigh léirithe ag **Joe Cleere / Pictiúrlann Phobail CCC.**

Lena chois sin, mhaoinigh Áiteanna Cruthaitheacha Mhuine Bheag **deic shoilsithe agus córas fuaime intarraingthe** a bhí á lorg ag an bpobal. Tá an acmhainn nua seo ar fáil anois le húsáid ar fud an bhaile, chun caighdeán agus ilúsáidteacht imeachtaí áitiúla a fheabhsú.

## Oíche Chultúir

Dhear an tSeirbhís Ealaíon clár de **41 imeacht saor in aisce** i gcomhpháirt leis an bpobal agus le healaíontóirí ar fud an chontae chun ceiliúradh a dhéanamh ar an Oíche Chultúir ar an Aoine an 20 Meán Fómhair. Cuireadh maoiniú deontais luach **€24,000** ar fáil chun tacú leis na himeachtaí seo lena n-áirítear Ceol, Amhránaíocht, Damhsa, Scéalaíocht, Amharc-Ealaíona, Litríocht, Filíocht, Scannán agus Amharclannaíocht. Ghlac breis is **16,000 ball** in **34 ionad** páirt in imeachtaí an tráthnóna ar fud an chontae.

# Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach (CSP)

**4,668**
Líon na Rannpháirtithe in 139 imeacht agus clár

**75,000**
Líon na n-amharc digiteach ar nuachtlitreacha seachtainiúla '5 Bullet Friday'

**34,923**
Líon na nAmharc ar www.carlowsports.ie

**€26,000**
Maoiniú faighte trí Scéim Maoinithe an Bhonneagair Snámha Amuigh faoin Spéir 2024

**€90,000**
Méid Leithdháilte i gcomhair oibreacha i nGarrán Duckett trí Chiste Lasmuigh Pobal Páirteach 2024

**€30,000**
Méid faighte faoi Leithdháileadh Scéim Maoinithe Amuigh Faoin Spéir do Gharrán Duckett – Tionscnamh Bithéagsúlachta

**€136,600**
Fuarthas Maoiniú trí Chiste na gCuntas Díomhaoin chun tacú le tionscnaimh spóirt pobail

## Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach: Bliain d'Fhás, Ionchuimsiú agus Spiorad Pobail

In 2024, lean Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach ar aghaidh le pobail ar fud an chontae a spreagadh agus deis rannpháirtíochta a thabhairt dóibh, trí **139 imeacht agus clár** a chur ar fáil agus oibriú le **4,668 rannpháirtí**. Tiomantas do ghníomhaíocht spóirt agus fhisiciúil atá inrochtana do chách a chur ar fáil agus deiseanna rannpháirtíochta a chur ar fáil do dhaoine de gach aois, cumas agus cúlra.

I rith na bliana, bhain daoine fásta scothaosta tairbhe as cláir cosúil le **Aclaí go Deo**, **Aoiseoirí Gníomhacha agus Stuama agus Sláintiúil**. Sholáthair na tionscnaimh seo spás ní hamháin do ghluaiseacht ach spás do chairdeas agus d'fholláine freisin, chun cabhrú le rannpháirtithe a bheith gníomhach agus tairbhe a bhaint as saol sóisialta. Buaicphointe ba ea **Cluichí don Saol**, deis do ghrúpaí ó cheantair dhifriúla teacht le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar ghníomhaíocht fhisiciúil i dtimpeallacht spraíúil, shuaimhneach agus ionchuimsitheach.

Bhíothas ag leanúint ar aghaidh le tús áite a thabhairt do mhná agus do chailíní sna déaga a chumhachtú, agus léiríodh go leor spéise in imeachtaí cosúil le **Mná Amuigh faoin**

**Aer**, **Seachtain na mBan Spóirt**, **agus Sraith Fánaíochta na mBan** . Chuaigh mná de gach aois i ngleic le dúshláin nua, idir fánaíocht i limistéir ardscéimhe agus eolas bunúsach a fháil maidir le traenáil nirt mar chuid de **Bhuneolas maidir le Tógáil Meáchan do Chailíní sna Déaga**. Bhí an méid seo a leanas le rá ag siúlóir amháin, *"Eispéireas iontach ba ea Sraith Fánaíochta na mBan. Thug sé mo dhúshlán, agus ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an gcaoi ae mhothaigh mé nuair a bhí an dúshlán sáraithe agam."*

Bhí ionchuimsitheacht ag croílár na dtionscnamh i mbliana, rud a chinntigh go raibh deis ag leanaí agus ag daoine fásta a bhfuil riachtanais bhreise acu páirt a ghlacadh in imeachtaí spóirt. Chruthaigh cláir cosúil le **Siúlóidí Ionad Delta, Campaí Ilghníomhaíochtaí Ionchuimsitheacha, Campa Peile Ionchuimsitheach do Chách FAI agus Campa Cispheile Ionchuimsitheach** spásanna sábháilte agus fáilteacha inar tugadh deis do gach rannpháirtí dul chun cinn a dhéanamh.

Bhí an-tóir ar eachtraíocht amuigh faoin spéir fós, agus dhírigh rannpháirtithe ar ghníomhaíochtaí cosúil le **Siúlóid Bhealach Cholm Cille**, **CYCLES**, **Seascheáslóireacht do Chailíní sna Déaga**, agus **Imeacht Sráide Veileadróm Sheachtain na Rothar**. Is cuma más ar thalamh nó ar uisce a bhí na gníomhaíochtaí á ndéanamh, spreag na heispéiris seo daoine chun díriú ar dhúshláin nua agus chun taitneamh a bhaint as na buntáistí a bhaineann le haclaíocht amuigh faoin spéir Lena chois sin, tacaíodh le spiorad an phobail trí imeachtaí cosúil le **Spraoi-rith Teaghlaigh Mhuine Bheag faoi Bhláth**, **Fánaithe Dé Céadaoin agus Lá Spraoi Folláine**, deis do theaghlaigh, cairde agus comharsana teacht le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar ghluaiseacht agus ar nasc.














Níor ligeadh daoine óga Cheatharlach i ndearmad, lean Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach ar aghaidh leis an gcaidreamh láidir a bhí aici le scoileanna agus le clubanna áitiúla. Spreag tionscnaimh cosúil le **Lúthchleasaíocht i Halla na Scoile**, **Rothair Chothromaíochta agus Cispheil do Chailíní Idirbhliana** mic léinn chun a bheith ag gluaiseacht, agus tugadh deiseanna ceannaireachta do mhic léinn níos sine chun leanaí níos óige a threorú.

Bhí ról lárnach ag sábháilteacht agus ag oideachas in obair Chomhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach, cuireadh cúrsaí oiliúna riachtanacha ar fáil d'oibrithe deonacha, do chóitseálaithe agus do cheannairí pobail. I gcaitheamh na bliana, cuireadh cúrsaí éagsúla ar fáil lena n-áirítear **Feasacht ar Mhíchumas**, **Uathachas i Spórt**, **Oiliúint ACS & Dífhibrileora**, **Garchabhair Spóirt agus Leibhéil Chumhdaigh 1-3** , rud a chinntigh go raibh cláir spóirt áitiúla ionchuimsitheach agus go rabhthas ag tacú go maith leo.

D'fháiltigh Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach: roimh **Oifigeach Spóirt Nuálaíochta Spóirt CSTE+**, a chabhraigh chun tionscnaimh nua a sheoladh cosúil le **Fréamhacha Pobail agus Badmantan Ógtheagmhála**, rud a chinntigh go raibh rochtain ag níos mó daoine óga fós ar acmhainní spóirt agus áineasa.

I ndiaidh bliain dhochreidte eile d'éachtaí a bhaint a amach tá Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach fós tiomanta do thacú le **hionchuimsitheacht, rannpháirtíocht agus saol gníomhach.**

**Staitisticí Breise**

- **Leanaí agus Déagóirí Ionchuimsitheacha:** Ghlac 220 leanbh agus déagóir atá faoi mhíchumas páirt in **8 gcampa ionchuimsitheacha**, a chruthaigh deiseanna do rannpháirtíocht i gcúrsaí spóirt.
- **Foghlaim conas Rothaíocht:** D'fhorbair 100 leanbh scileanna rothaíochta trí **3 imeacht thiomanta**.
- **Mná Amuigh faoin Aer:** Ghlac 107 bean páirt i ngníomhaíochtaí a reáchtáladh thar thréimhse **5 lá**, gníomhaíochtaí a spreag páirt a ghlacadh in imeachtaí amuigh faoin spéir.
- **Mná Spóirt:** Ghlac **263 bean** ar fad páirt i ngníomhaíochtaí thar thréimhse **5 lá**, gníomhaíochtaí a thacaigh le rannpháirtíocht na mban in imeachtaí spóirt.
- **Aclaí go Deo:** Bhain 110 duine fásta scothaosta tairbhe as cláir aclaíochta shaincheaptha ar fud an chontae.
- **Oiliúint & Forbairt:** D'fhreastail 290 rannpháirtí ar **23 cúrsa oiliúna**, agus roinneadh scileanna cóitseála, cumhdaigh agus garchabhrach leo.
- **Sraith Fánaíochta na mBan a bhunú:** Ghlac 127 bean páirt in **8 n-imeacht fánaíochta,** a thacaigh le heachtraíocht agus le folláine.

# Músaem

**15,000+**

Líon na gCuairteoirí

**3+ CGB**

Líon Cruinnithe Bhord an Mhúsaeim

Stádas an Chláir um Chaighdeáin Músaem in Éirinn (CCMÉ)

**Creidiúnú Iomlán Bronnta i mí Iúil 2023**

## Bord Mhúsaem Chontae Cheatharlach

Reáchtáil Bord Mhúsaem Chontae Cheatharlach trí chruinniú i rith na bliana. Ag an 17ú Cruinniú Ginearálta Bliantúil, toghadh an Comhairleoir Andrea Dalton mar Chathaoirleach i gcomhair 2025 in áit an Dr Seamus Ó Murchú.

## Ionadaí ón Músaem ar *The Today Show* ar RTÉ

Ar an gCéadaoin, an 27 Márta, bhí Dermot Mulligan, Coimeádaí sa Mhúsaem, le feiceáil ar an gclár teilifíse. *The Today Show*, ar RTÉ 1. Craoladh an seó ó Stiúideonna RTÉ i gCathair Chorcaí. Labhair Daithí ó Sé le Dermot faoi roinnt oibiachtaí a taispeánadh go sonrach don chraoladh lena n-áirítear sparán Kevin Barry, píopa Myles Keogh, iontaise scuide iontaisithe, leabhair Lucinda Sly agus Uisce Mianraí Corcoran's. Fuair foireann an Mhúsaeim aiseolas an-dearfach ó RTÉ agus ón bpobal faoin gcraoladh.



## Comhdháil Chumann Músaem na hÉireann (IMA) 2024 ar siúl i mBaile Cheatharlach

Bhailigh breis is 100 gairmí músaeim as ar fud na hÉireann i mBaile Cheatharlach i mí na Bealtaine do Chomhdháil Chumann Músaem na hÉireann (CMÉ) 2024, a bhí bunaithe ar an téama "Lasmuigh de na Teorainneacha – todhchaí na músaem réigiúnach". Reáchtáil Músaem Chontae Cheatharlach, thar ceann Chomhairle Contae Cheatharlach, an chomhdháil. Tharraing an t-imeacht seo aird ar an ról riachtanach agus luachmhar atá ag músaeim áitiúla agus réigiúnacha laistigh dá bpobail, ar an obair a dhéanann siad ar mhaithe le hoidhreacht chultúrtha a chaomhnú, chun tacú le rannpháirtíocht sa phobal agus le forbairt eacnamaíoch. Sholáthair ionadaithe ó bhreis is 20 músaem agus tionscadal gaolmhar léargas ar an obair shuntasach atá á déanamh i músaeim réigiúnacha agus ar an dlúthnasc atá acu lena gceantair agus leis na daoine a thugann cuairt ar na ceantair agus leis na daoine a bhfuil cónaí orthu sna ceantair. Tarraingíodh aird i rith na comhdhála, a reáchtáladh i gColáiste Cheatharlach, ar dhea-chleachtas músaem atá ag obair sa chomhthéacs seo.

Rinne toscairí ceiliúradh ar 50 bliain ó bunaíodh Músaem Chontae Cheatharlach trí ócáid fáiltithe a d'eagraigh Comhairle Contae Cheatharlach, agus tapaíodh an deis chun tairbhe a bhaint as na háiseanna cultúrtha áitiúla. Bhí an méid seo a leanas le rá ag an gComhairleoir Fintan Phelan, Leas-Chathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach, nuair a bhí fáilte á cur aige roimh CMÉ chuig an Músaem, 'tá cruinnithe cosúil leis an gcomhdháil bhliantúil tábhachtach de bhrí gur deis mhachnaimh atá iontu, deis chun teacht ar smaointe, chun éisteacht le fadhbanna agus chun scrúdú a dhéanamh ar na tuairimí is déanaí agus níos tábhachtaí fós seans, deis chun caidreamh foirmiúil agus neamhfhoirmiúil a bhunú idir institiúidí agus a mbaill foirne'.

Chuir an Dr Seamus Ó Murchú, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach, in iúl do thoscairí go raibh Músaem an Chontae ar an bhfód le tríocha bliain anuas; labhair sé faoi cheannródaithe Chumann Staire & Seandálaíochta Cheatharlach a chuir tús leis an obair; naonúr bunaitheoirí Mhúsaem an Chontae a thug a bhfís chun beochta; agus an fhoireann ghairmiúil atá i mbun oibre faoi láthair atá freagrach as músaem creidiúnaithe i gcomhar le hoibrithe deonacha áitiúla. Tá gach glúin ag cur leis an obair a rinneadh roimpi, agus tá oidhreacht á fágáil do na daoine a thiocfaidh ina diaidh'.

Thug John Shortall, Leabharlannaí an Chontae, páipéar faoi Mhúsaem Chontae Cheatharlach dar teideal Músaem don Chontae: Ról Ceannaireachta na Comhairle Contae, agus thug Dermot Mulligan páipéar maidir le Teorainneacha a Shárú: Dia ár Sábháil, Ceatharlach ag Triall ar Lucsamburg! Ar mhaidin oscailte na comhdhála, thug Padraig Dooley, Ball de Bhord an Mhúsaeim, toscairí ar thuras siúil mórthimpeall ar Bhaile Cheatharlach. Chuir Turasóireacht Cheatharlach mála comhdhála ar fáil do na toscairí ina raibh eolas maidir le Contae Cheatharlach agus cuid de na táirgí a bhíonn ar fáil i gCeatharlach.

Ainneoin na bhforbairtí dearfacha, i rith na comhdhála leagadh béim ar na dúshláin shuntasacha atá le sárú ag earnáil na músaem réigiúnach. Dúirt Gina O'Kelly, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Chumann Músaem na hÉireann, go bhfuil "ábhair imní thromchúiseacha acmhainne" ag eascairt as an ngá atá le níos mó infheistíochta agus le creataí beartais







comhtháite. Bhí an méid seo a leanas le rá aici freisin, “Tá go leor músaem ar fud an oileáin ag feidhmiú i bhfolús beartais. Ainneoin go bhféadfaidís infheistíocht a aimsiú gan deacracht do chláir agus do thaispeántais phoiblí, tá tús áite fós á thabhairt do ghanntanas foirne agus do mhaoiniú oibriúcháin laethúil – nithe a ndéanfaí iarracht díriú orthu dá bhforbrófaí straitéis náisiúnta músaem”.

Ag deireadh na comhdhála tagraíodh do thiomantas athnuaite do chomhoibriú, do nuálaíocht agus d’abhcóideacht chun a chinntiú go leanann músaeim réigiúnacha ar aghaidh le dul chun cinn a dhéanamh agus lena bpobail a shaibhriú. Bhí toscairí ó chuid de na músaeim eile i gCeatharlach, Músaem an Easpaig Daniel Delany, An Tulach agus Ionad Oidhreachta Thigh Moling, i láthair ag an gcomhdháil.

## An Mórshiúl Preabtha, Echternach, Lucsamburg

Thug an Comhairleoir Andrea Dalton, Cathaoirleach, an Comhairleoir John Murphy agus Dermot Mulligan cuairt ar Echternach, Lucsamburg, do Mhórshiúl Preabtha UNESCO 2024. Chuir a Soilse, Jean McDonald, Ambasadóir na hÉireann d’Ard-Diúcacht Lucsamburg, Céad Míle Fáilte roimh an toscaireacht. D'eagraigh sí ócáid fáiltithe don toscaireacht ina háit chónaithe agus bhí go leor daoine Éireannacha atá ina gcónaí agus ag obair i Lucsamburg i láthair.

Thug an toscaireacht agus an tAmbasadóir McDonald cuairt ar Echternach ar an Luan agus ar an Máirt, an 20 agus an 21 Bealtaine, agus ba é Alain Muller, Willibrordus-Bauverein, a bhí mar threoraí acu. D’eagraigh an Méara Carole Hartmann, Ville d’Echternach, agus Baill de Ville







d'Echternach, ócáid fáiltithe do na toscairí as Ceatharlach. Níos déanaí an tráthnóna sin, d'fhreastail an toscaireacht ar ócáid cheiliúrtha i mBaisleac San Willibrord agus ar ócáid fáiltithe a d'eagraigh an Paróiste in Ionad Cuairteoirí an Mhórshiúil Preabtha ina dhiaidh sin. Cuireadh an nasc idir Ceatharlach agus Echternach ar taispeáint trí leabhar veillim, Leabhar Cheatharlach agus Echternach 2017, a chur i lár an aonaigh.

Dé Máirt, bhuail an toscaireacht agus an tAmbasadóir McDonald leis na hoilithrigh Ghearmánacha a bhí tar éis siúl breis is 60 ciliméadar a chur díobh le linn na dtrí lá roimhe sin ionas go mbeidís in Echternach ag 7.30am, díreach in ann don aifreann sa Bhaisleac ag 8am. Ina dhiaidh sin, ghlac an toscaireacht páirt i Mórshiúl Preabtha a bhfuil Stádas Oidhreachta Domhanda UNESCO aige. Páirteach sa mhórshiúl leis an toscaireacht bhí A Soilse, Fleur Thomas, Ambasadóir na Breataine do Lucsamburg, A Shoilse Chris Trott, Ambasadóir na Breataine don Suí Naofa, A Shoilse Jean Claude Kugener, Ambasadóir Lucsamburg don Suí Naofa agus Patrick Dondelinger, Aireacht Chultúir Lucsamburg.

Tá Lisa Burke, as Cill Uisean, iar-réamhaisnéiseoir aimsire le Sky News, i mbun cláir raidió ar RTL (Raidió Teilifís Lucsamburg – an craoltóir náisiúnta) agus thaifead sí agallamh ina stiúideo leis an gCathaoirleach Dalton, Ambasadóir McDonald agus daoine eile lena n-áirítear Ambasadóir na Breataine do Lucsamburg agus Ambasadóir na Breataine don Suí Naofa.



D'fhreastail toscaireacht as Ceatharlach ar cheiliúradh Lá Náisiúnta Lucsamburg ar an 23 Meitheamh, eagraithe ag a Soilse Florence Ensch, Ambasadóir Ard-Diúcacht Lucsamburg d'Éirinn i mBaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, d'fhreastail toscaireacht as Ceatharlach ar an ócáid a d'eagraigh an tAmbasadóir chun leabhar an Dr Michel Summer a sheoladh in Éirinn, *Willibrord between Ireland, Britain and Merovingian Francia* (690 – 739). Is foilseachán suntasach é seo de bhrí gurb é an chéad bheathaisnéis de San Willibrord a foilsíodh i mBéarla le fada an lá. Ar an Déardaoin an 7ú lá, Féile San Willibrord, thug an Dr Immo Warntjes, Roinn na Staire, Coláiste na Tríonóide, Léacht Dhébhliantúil San Willibrord, in Ardeaglais Laserian, Seanleithghlinn, i gcomhar le Músaem Chontae Cheatharlach.



## Seachtain Oidhreachta 2024

Reáchtáladh an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta idir an 17 agus an 25 Lúnasa agus bhí an tseachtain á comhordú ag an Oifigeach Oidhreachta i gContae Cheatharlach.




Ar an Déardaoin, reáchtáladh léacht sa Mhúsaem le Deb Goodrich, Staraí Cónaithe i Músaem Dhúnfort Wallace, Kansas, SAM, faoin gCaptaen Myles Keogh de bhunadh Leithghlinn an Droichid. Bhí Myles ag obair mar Cheannasaí an Dúnfoirt sna blianta tosaigh agus scrúdaigh Deb an ról a bhí aige agus an obair a rinne sé. Bhí Keogh, mar cheannasaí, agus Frederick Beecher, mar aidiúnach, freagrach as dúnfort ceart a chruthú as struchtúr a raibh drochbhail air. Bhunaigh Keogh an chéad leabharlann agus scoil i gContae Wallace ag an bpost. Gach mí Márta déantar ceiliúradh i Músaem Dhúnfort Wallace ar an gCaptaen Keogh le Féasta Glas an Chaptaein Keogh.

## Portráid de Kevin Barry

D'eagraigh foireann an Mhúsaeim go ndéanfaí obair chaomhantais ar an bportráid frámaithe de Kevin Barry a rinne Anna Francis Levins. Cóiríodh an fráma agus an canbhás agus chuir na caomhnóirí, an Dr Pat McBride, Paper Conservation Studios, agus Kathy Day Carrigan, aghaidh ghloine chosanta ar an bhfráma. Bhí an phortráid ar taispeáint arís i mí na Samhna, an mhí ar cuireadh chun báis é sa bhliain 1920. Chabhraigh Deontas Caomhantais ó Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach chun íoc as costais na hoibre seo.



# Seirbhís Leabharlainne Chontae Cheatharlach

**383**
Líon na gCuairteanna ó Ionaid Foghlama, Ranganna Bunscoile & Meánscoile

**138,955**
Líon na Míreanna eisithe in 2024

**38,753**
Líon na Seirbhísí Ar Líne a bhfuair daoine rochtain orthu

**9871**
Leantóirí Meán Sóisialta ar Facebook, X agus Instagram

## Léitheoireacht & Litearthacht:

| Tionscnamh Náisiúnta | Líon na n-imeachtaí | Líon na rannphairtithe |
|---|---|---|
| Éire ag Léamh | 11 | 182 |
| Feachtas Léitheoireachta an Earraigh | 12 | 199 |
| Réaltaí Samhraidh | 28 | 536 |
| Málaí Leabhar Mo Leabharlann Bheag | N/B | 431 |
| Féile Leabhar na Leanaí | 16 | 358 |
| Am Teaghlaigh | 10 | 156 |

### Gníomhaíochtaí Ceart Léitheoireachta Eile

- D'éirigh thar cionn le Tionscadal Chomórtas Gearrscéalta Ceart Léitheoireachta OFÁ. Ghlac 22 bunscoil páirt ann agus cuireadh 449 iarratas isteach. Reáchtáladh oíche gradam i mí na Samhna agus bhí breis is 170 duine i láthair.
- Reáchtáladh an tSeachtain Feasachta Leabharlainne d'fhoghlaimeoirí BOOCCC i mí Dheireadh Fómhair. D'ullmhaigh agus d'eagraigh baill foirne na leabharlainne turais leabharlainne, cur i láthair agus seimineár gréasáin ar líne. Thug 207 foghlaimeoir cuairt ar na leabharlanna i rith na seachtaine agus ghlac 18 ngrúpa agus a dteagascóirí páirt sna himeachtaí.
- Chomhoibrigh an tseirbhís leabharlainne le OFÁ chun an clár uathúil 3 Senses a sholáthar. Reáchtáladh an tionscnamh litearthachta gnó seo idir Lúnasa agus Samhain, agus cuireadh críoch leis an obair le himeacht líonraithe ghnó agus le díospóireacht phainéil. I measc na gcomhpháirtithe tionscadail bhí CFCC, Comhlachas Chontae Cheatharlach, Turasóireacht Cheatharlach, Powerhouse - Líonra do Mhná i mbun Gnó agus Ionaid Fiontraíochta Pobail Cheatharlach CTR.
- Reáchtáladh an clár 'Tabhair Barróg do Do Leabhar" i mí Iúil agus i mí na Nollag freisin. Tacaíonn an comhfhiontar seo le Foghlaim Teaghlaigh BOOCCC le tuismitheoirí agus le caomhnóirí chun raon scileanna a fhorbairt chun tacú le cumas léitheoireachta, scríbhneoireachta agus cainte a leanaí. Tacaíonn sé le forbairt teanga agus litearthachta leanaí agus lena riachtanais shóisialta agus mhothúchánacha.

- Seoladh an dúshlán léitheoireachta bliantúil, Réaltaí Samhraidh, an feachtas náisiúnta chun leanaí a spreagadh chun a bheith ag léamh i rith Shaoire an tSamhraidh, ar an 10 Meitheamh agus leanadh ar aghaidh leis an bhfeachtas go dtí an 31 Lúnasa. Chláraigh breis is 600 leanbh ar fud an chontae chun páirt a ghlacadh san fheachtas.
- Reáchtáladh Lá Éire ag Léamh ar an Satharn, an 24 Feabhra. Is Lá Náisiúnta bliantúil é seo chun ceiliúradh a dhéanamh ar léitheoireacht agus chun daoine a spreagadh chun am a chur i leataobh chun leabhar, iris, greannán etc. a léamh. Eagraíodh 11 imeacht agus ghlac 182 duine páirt iontu.
- Féile Leabhar na Leanaí - bhain 358 leanbh taitneamh as 16 imeacht i rith mhí Dheireadh Fómhair. Ina measc sin bhí cuairteanna ó na húdair Nicola Pierce agus Brendan MacDonald, ceardlanna agus campaí agus ceardlanna chun arrachtaí cré a dhéanamh.

## Sráideanna Scéalta

Roghnaigh an Roinn Leanaí Sráideanna Scéalta, deartha agus forbartha ag Seirbhís Leabharlainne Chontae Cheatharlach, mar cheann de dhá chlár phíolótacha náisiúnta atá ag tacú le teaghlaigh agus le leanaí atá faoi mhíbhuntáiste. Tá ról ceannasaíochta ag Leabharlanna Cheatharlach sa chlár píolótach náisiúnta cúig bliana seo agus cuireadh obair i gcrích i rith na bliana i gcomhar le hAonad Forbartha Leabharlann GBRÁ. I ndiaidh oibreacha ullmhúcháin a chur i gcrích, rolladh amach an clár píolótach i leabharlann na Tulaí agus i leabharlann Bhaile Bhlainséir i mí na Samhna. Tá Ciste na Leanaí ag tacú leis an tionscadal seo agus is é an aidhm atá ann slacht a chur ar ár samhail, an tsamhail a chur ar fáil i gcontaetha eile de réir a chéile, agus Sráideanna Scéalta a fhorbairt mar chlár náisiúnta i ndeireadh na dála.

## Leabharlanna do chách

### Plean Forbartha Leabharlainne 2025 - 2029

Cuireadh obair i gcrích ar fhorbairt an phlean cúig bliana seo don tSeirbhís Leabharlainne. Bhailigh comhairleoir seachtrach raon leathan sonraí agus d'oibrigh sé le foireann bainistíochta na leabharlainne chun teacht ar chomhaontú maidir le tosaíochtaí agus cuspóirí straitéiseacha do thodhchaí na seirbhíse. Is é an aidhm atá leis an bplean a chinntiú gur áiteanna ilchuspóireacha sóisialta agus oideachais iad ár leabharlanna ar féidir le baill uile an phobail taitneamh a bhaint astu.


### Ár dTairiscint Dhigiteach

In 2024, lean Leabharlanna Cheatharlach ar aghaidh le caighdeán ard de sheirbhísí ar líne a sholáthar, tairgeadh stoc feabhsaithe agus níos mó de Ríomhleabhair, Ríomh-chlosleabhair, Ríomhirisí, Ríomhnuachtáin, ranganna ar líne agus cláir oideachais.

Staitisticí maidir le Seirbhísí Ar Líne:

| | |
|---|---|
| **Iasachtaí Ríomhleabhar:** | 8,530 mír tógtha ar iasacht |
| **Iasachtaí Ríomh-chlosleabhair** | 15,920 mír tógtha ar iasacht |
| **Iasachtaí Ríomhirisí & Ríomhnuachtáin** | 13,521 mír tógtha ar iasacht |
| **Seisiúin Foghlama Ríomhtheanga** | 503 |
| **Seisiúin Ríomhfhoghlama** | 279 |






## Ríomhphreas

I mí na Bealtaine bunaíodh seirbhís ar líne nua a thug le chéile gach teideal Ríomhnuachtáin agus Ríomhirise faoi bhrat Borrowbox, atá bunaithe cheana féin mar cheann de na hacmhainní is mó tóir atá á cur ar fáil ag an tSeirbhís Leabharlainne. “ePress” an t-ainm atá ar an tseirbhís a thairgeann breis is 63,000 teideal, lena n-áirítear cuid de na foilseacháin is mó díol sa tír cosúil le *The Irish Independent*, Iris *Hello* agus *National Geographic*, agus bhain ár mbaill go leor tairbhe as an tseirbhís.

## Hublet

Rinneadh tuilleadh forbartha ar sheirbhísí TF poiblí tráth cuireadh gléas iasachtaithe nua, táibléad Hublet, ar fáil in An Tulach, agus uasghrádaíodh an tseirbhís chéanna i Lárleabharlann Cheatharlach áit ar cuireadh tacar nua gléasanna ar fáil.

## Dáileoir Gearrscéalta

Sa cheathrú deiridh de 2024, suiteáladh meaisín nua i Leabharlann Cheatharlach, a thugann deis do phátrúin taitneamh a bhaint as leaganacha clóite de ghearrscéalta, dánta agus sceitsí. Is féidir an meaisín a thabhairt ó áit go háit go héasca agus chomh fada le suíomhanna ar fud an chontae.

## Teicneolaíochtaí agus trealamh cúnta

Chuir Maoiniú ó Chistí Díomhaoine 2024 ar ár gcumas inrochtaineacht a fheabhsú laistigh dár leabharlanna dóibh siúd a bhfuil míchumas fisiciúil acu. Bhronn RFTP deontas iomlán luach €15,000 agus chuir Comhairle Contae Cheatharlach an méid céanna airgid ar fáil.

- Suiteáladh boird airde inchoigeartaithe agus cathaoireacha eirgeanamaíocha i Lárleabharlann Cheatharlach
- Cuireadh Pinn Léitheoireachta C chúnta ar fáil do gach brainse le tógáil ar iasacht
- Cuireadh meaisíní ReadEasy Evolve ar fáil i ngach brainse agus in Staidéar Áitiúil. Cabhraíonn na gléasanna éadroma agus iniompartha seo le daoine atá faoi lagamharc trí théacs a scanadh agus ansin é a léamh os ard. Baineann na scanóirí seo úsáid as teicneolaíocht aitheanta optúla carachtar (OCR) chun téacs priontáilte a athrú, cosúil le ó leabhair, doiciméid nó comharthaí fiú, go formáid is féidir a léamh os ard.

## Seirbhísí Céadfacha

Seoladh raon nuálach Seirbhísí Céadfacha i mí Aibreáin, a bhfuil sé mar aidhm leo timpeallacht níos ionchuimsithí agus níos fáiltí a chruthú do chách. I measc na seirbhísí nua bhí tacaíochtaí éagsúla cosúil le trealamh céadfach atá le húsáid laistigh de na leabharlanna, scéim iasachtaithe Mála Droma Céadfach, agus scéalta sóisialta a chur ar fáil atá saincheaptha do gach brainse. Bhí gach seirbhís deartha chun compord agus inrochtaineacht na gcuairteanna leabharlainne a fheabhsú. Ghlac an tseirbhís páirt i líonra *Hidden Disabilities Sunflower*, agus rinne an fhoireann ar fad cúrsaí oiliúna cuimsitheacha mar chuid den scéim.

## An Leabharlann mar Chroílár an Phobail

### Gníomhaíochtaí ar na Meáin Shóisialta

| Ardán na Meán Sóisialta | Leantóirí | Amhairc | Clúdach |
|---|---|---|---|
| Facebook | 5,310 | 232K | 137.5K |
| X | 3,197 | 118,300 | |
| Instagram | 1,364 | | |

### Tar & Bí ag Spraoi

Reáchtáladh sraith d'ocht gceardlann Ceoil Tar & Bí ag Spraoi i ngach brainse leabharlainne idir Eanáir agus Meitheamh. Bhí na ceardlanna seo dírithe ar leanaí idir 4 agus 6 bliana d'aois agus bhí deis acu tairbhe a bhaint as ceol, scéalta agus spraoi cruthaitheach. Bhí an tionscadal comhpháirteach seo le Glúin an Cheoil Cheatharlach á mhaoiniú ag Éire Ildánach. Tá sé mar aidhm lenár gcomhpháirtíocht a chinntiú go bhfuil na deiseanna seo inrochtana do chách trí cheardlann ceoil saor in aisce a thairiscint, deireadh a chur le bacainní airgeadais agus tacú le huileghabhálacht.

### Cruinniú na nÓg

I gcomhar le hÉire Ildánach Cheatharlach, rinneadh ceiliúradh ar an lá náisiúnta cruthaitheachta saor in aisce seo do leanaí agus do dhaoine óga i mBrainsí Leabharlainne ar an Satharn, an 15 Meitheamh. I measc na n-imeachtaí a reáchtáladh bhí: · Seisiúin Cheardaíochta do Leanaí leis an ealaíontóir Jean Robertson ó Stiúideo Ealaíne Brownshill · Scéalaithe Afracacha AHA a d'eagraigh maidin spéisiúil scéalta, damhsa, amhrán agus filíochta · Mhúin an Maisitheoir Greannán, Declan Pierce, do na leanaí conas clúdach a dhearadh do ghreannán

### Taispeántais Ealaíne

Le cois Taispeántais de chuid an ghrúpa ealaíontóirí áitiúil, "Grúpa Ealaíne *Barrowvalley*" a reáchtáladh i mí Aibreán don Fhéile Phan-Cheilteach, reáchtáil Grúpa Ealaíne Áitiúil eile, "Chroma", taispeántas i rith sheachtain na n-ealaíon i mí Meithimh

### Leabharlann Aoisbhách

D'fhreastail foireann na leabharlainne ar Sheoladh Náisiúnta Chlár Aitheantais na Leabharlann Aoisbhách ar an 16 Feabhra i Leabharlann Mheathas Troim, An Longfort, áit ar bhronn an tAire Heather Humphries cairteacha ar gach Leabharlann Contae.

Rinneadh ionadaíocht ar an Leabharlann ag seó bóthair Fhóram Daoine Scothaosta Cheatharlach freisin ar an 27 Feabhra, tráth ar tarraingíodh aird ar na tacaíochtaí agus ar na seirbhísí a chuireann Leabharlann Chontae Cheatharlach ar fáil do dhaoine scothaosta.

### Féile Phan-Cheilteach

Mar chuid den cheiliúradh i mí Aibreáin d'óstáil Leabharlann Cheatharlach Taispeántas Ealaíne de chuid Ghrúpa Ealaíne Barrow Valley. Tráthnóna siamsaíochta le Scéalaithe Cheatharlach, Amharclann Bheag Cheatharlach, Damhsóirí Dargan agus na haíonna Gala Hutton agus Michael Somers. Seisiúin Scéalaíochta maidir le Teaghlaigh Cheilteacha leis na scéalaithe aitheanta Colin Urwin, Aideen McBride, Deirdre O'Byrne agus, as an mBriotáin, Katell Kloareg.

### Éire na Sláinte i Do Leabharlann

Tá sé mar aidhm leis an gclár Éire na Sláinte i Do Leabharlann cabhrú le sláinte, folláine agus caighdeán saoil foriomlán pobal agus daoine a fheabhsú ag gach céim. Baineadh úsáid as maoiniú a chuir Éire na Sláinte ar fáil chun na bailiúcháin leabhar maidir le sláinte agus folláine a fheabhsú agus chun imeachtaí agus cláir a eagrú in 2024 lena n-áirítear:

Cainteanna: An Dr Mary O'Kane – caint maidir lena leabhar, "*supporting anxious children in an anxious world*" ar an 18 Bealtaine agus An Dr Padraic Gibson – caint maidir le seoladh a leabhair, 'When the Bubble Bursts' - leabhar maidir le dúlagar a reáchtáladh ar an 27 Meitheamh.

Chomh maith leis sin, thug An Dr Padraic Gibson caint i mí na Samhna maidir leis na hathruithe iompair a thugtar faoi deara i leanaí agus in ógánaigh agus caint i mí na Nollag a dhírigh ar ealaín na féinchaimiléireachta.
Lena chois sin, chomhoibrigh Seirbhís Leabharlainne Chontae Cheatharlach le Seirbhísí Cúraim Phríomhúil agus Shíceolaíocht an Linbh FSS chun Cainteanna Tuismitheoireachta a thabhairt. I measc na n-ábhar ar díríodh orthu bhí Bainistíocht Imní, Mothúcháin Láidre a Bhainistiú agus Drochghiúmar a Bhainistiú.

- Rannpháirtíocht na Foirne sa lá Dia Duit, Conas Atá Tú, a reáchtáladh i mí Bealtaine, feachtas maidir le nasc agus páirt a ghlacadh i gcomhráite oscailte maidir le meabhairshláinte.
- Giaranna a Athrú: Comhfhiontar ba ea an clár seo idir Leabharlann Cheatharlach agus Aois

& Deis. Reáchtáladh an clár thar thréimhse cúig seachtaine, agus ba é an aidhm a bhí leis folláine agus athléimneacht a threisiú agus scileanna a mhúineadh chun athruithe i lár an tsaoil agus ag deireadh an tsaoil a bhainistiú.

- I ndiaidh rath an chláir a reáchtáladh anuraidh, Ag Canadh ar mhaithe le Folláine, fuarthas maoiniú ó Cheatharlach Sláintiúil do chláir i ngach brainse in 2024. Bhí ról ceannaireachta ag an teagascóir, Regina Hanley, in iarracht a dhéanamh a chinntiú gur spás fáilteach, spraíúil agus sábháilte do rannpháirtithe a bhí sa ghrúpa. Bhainistigh comhordaitheoirí na leabharlainne an clár agus chuir siad tacaíocht leantach ar fáil i rith an chláir.

## Oíche Chultúir

Rinneamar ceiliúradh ar an Oíche Chultúir ar an 20 Meán Fómhair trí shraith imeachtaí a reáchtáil: Reáchtáil Leabharlann Cheatharlach tráthnóna deas d'imeachtaí ceoil, drámaíochta, scéalaíochta agus amhránaíochta. Dhírigh scéalaithe AHA ar léargas a thabhairt ar chultúr agus ar bhéaloideas na hAfraice. Ansin dhírigh Scéalaithe Cheatharlach ar a meascán uathúil amhrán agus scéalta agus i dteannta leo bhí Scoil Damhsa Gaelach Dargan, Amharclann Bheag Cheatharlach, Deirfiúracha de Buitléir agus an t-údar áitiúil, Maria O'Rourke.  D'eagraigh Leabharlann Mhuine Bheag léamh filíochta agus seisiún scéalaíochta. D'eagraigh Leabharlann na Tulaí ceardlanna ceardaíochta do leanaí leis an éascaitheoir áitiúil, Sandy.

## Seachtain na hEolaíochta

Reáchtáladh Seachtain na hEolaíochta i mí na Samhna agus comhfhiontar a bhí ann le Calmast (An Lárionad um Chur Chun Cinn Fhoghlaim na Matamaitice, na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta), maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Reáchtáil Leabharlann Cheatharlach roinnt imeachtaí chun ceiliúradh a dhéanamh ar an tseachtain lena n-áirítear - Ceardlanna Ealaíne agus Ceardaíochta do leanaí leis an ealaíontóir áitiúil Jean Robertson, cuairt ó *Dave's Jungle*, léacht maidir le DNA agus Méarlorgaireacht leis an Dr Cas Kramer agus dha cheardlann Brící do Leanaí

## Am Teaghlaigh Ag Do Leabharlann

Pleanáladh imeachtaí mar chuid den tionscnamh Ceatharlach - Nollaig Fhéiltiúil Teaghlaigh. Bhí *Wibbly Wobbly Wendy* freagrach as imeachtaí siamsaíochta do leanaí agus dá dtuismitheoirí i leabharlann Mhuine Bheag agus Cheatharlach. Reáchtáladh sraith ceardlann Foghlama Teaghlaigh i ngach brainse leabharlainne i gcomhar le BOOCCC. Tugadh cuireadh do theaghlaigh chun páirt a ghlacadh sna ceardlanna léitheoireachta agus ceardaíochta seo, agus fuair gach teaghlach leabhar saor in aisce mar chuid den tionscnamh.

D'eagraigh Leabharlann Cheatharlach seisiún do leanaí ó Scoil Náisiúnta Chill Damháin i gcomhar le Glúin an Cheoil Cheatharlach mar chuid de Cheolchoirm Charúil Nollag i Leabharlann Cheatharlach

## Am Lóin sa Leabharlann

Mar chuid dár tríú séasúr d'Am Lóin sa Leabharlann, eagraíodh cainteanna leis an bhfile Rita Ann Higgins, ealaíontóir agus scríbhneoir Don Conroy, agus na húrscéalaithe Aoife Fitzpatrick agus Sarah Gilmartin. D'fhreastail 85 duine ar na seisiúin, labhair siad leis na cainteoirí agus chuala siad scéalta faoi na nithe a mbíonn tionchar acu ar a gcuid oibre.

## Tionscadal Tótaim na Leabharlainne

Tionscadal suntasach don bhrainse a bhí anseo in 2024. Páirteach sa tionscadal, ar cuireadh maoiniú deontais ar fáil lena aghaidh, bhí Liga Valge, mar éascaitheoir, a raibh an saineolas aici agus fonn uirthi an tionscadal a chríochnú. Bean oilte í chomh fada is a bhaineann le dealbha a dhéanamh as cré pholaiméire agus bhí na rannpháirtithe chomh díograiseach agus a bhí sí féin, lena n-áirítear ár gcomhghleacaí féin, Gill, a thug faoin obair go díograiseach. Lean an fhoireann ar aghaidh leis an obair idir lár mhí Eanáir agus deireadh mhí an Mhárta chun na gnéithe a chruthú. Bhí gach duine ag obair ar shaothar a bhí bunaithe ar a bhfís aonair, ach bhí gach duine dírithe ar chuspóir téamach comhchoiteann. Seoladh an saothar ealaíne go hoifigiúil i mí na Bealtaine agus tá sé ar taispeáint in áit fheiceálach sa bhrainse, agus tá neart plé spreagtha aige agus tá toradh na hoibre molta ag go leor daoine mar aon leis an dua a caitheadh leis an obair.

# Cultúr & Oidhreacht

## Staidéar Áitiúil agus Ginealas

Bhain 313 cuairteoir tairbhe as an tseirbhís Staidéir Áitiúil agus Ginealais in 2024. Cuirtear seirbhís ar fáil ar an ríomhphost agus tríd an teileafón freisin agus bhain beagnach 500 duine ar fad úsáid as an tseirbhís. Tá an tSeirbhís Ginealais ag forbairt i gcónaí agus ag baint tairbhe as tá cuairteoirí as an Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Nua-Shéalainn, an Astráil agus an Tasmáin mar

aon le go leor cuairteoirí Éireannacha áitiúla. Bhain taighdeoirí úsáid as raon leathan ábhair bhunaidh lena n-áirítear nuachtáin, grianghraif, léarscáileanna, Leabhair Miontuairiscí, dialanna agus Páipéir Eastáit. Fuarthas fiosrúcháin ó mhic léinn, daoine atá i mbun taighde ar chomharsanachtaí Cheatharlach agus ar stair mhuintire, staraithe áitiúla, taighdeoirí ginearálta agus grúpaí scoile.

## Leabhair curtha i dtoll a chéile ag Leabharlann Cheatharlach in 2024

Monarcha Shiúcra Cheatharlach: *Scéal spéisiúil shiombail Thionsclaíoch na hÉireann le* Christopher Power

*An Cogadh Cathartha - Freagairt na Scríbhneoirí – Díolaim*

## Rogha leabhar faighte ag an Roinn Staidéir Áitiúil in 2024

*Old Carlow Photos IV* le Dermot O'Brien

*Carlow Life Episodes* le Myles Kavanagh

*Remembering Carlow* le Maria O'Rourke

*Carloviana 2025* ina bhfuil dhá alt le Christopher Power

## An tSeachtain Oidhreachta

Cúis áthais do Sheirbhís Leabharlainne Cheatharlach tacú le hOifig Oidhreachta Chomhairle Contae Cheatharlach i rith na Seachtaine Oidhreachta a reáchtáladh idir an 17 agus an 25 Lúnasa. I measc cuid de na himeachtaí a reáchtáladh inár leabharlanna bhí 'Foghlaim faoi Ghabhláin Ghaoithe i gContae Cheatharlach', le Jaroslaw Majkusiak, léigh Maria O'Rourke sleacht óna leabhar dar teideal 'Defying the Curse' i Leabharlann na Buiríse, 'The Pattern of Irish Slate Roofing' le Sarah-Jane Halpin, 'For the descendants, from the ancestors. Connections through personal archives ' le Louise Kennedy, Cartlannaí, Comhairle Contae Cheatharlach. Lá speisialta in Leithghlinn an Droichid ba ea an 19 Lúnasa tráth a ndearnadh ceiliúradh ar an 150ú bliain ó thug John Tyndall aitheasc. Rinne Comhairle Contae Cheatharlach agus Turasóireacht Cheatharlach ceiliúradh ar an lá trí cheardlanna a eagrú do leanaí, siúlóid treoraithe, léacht sa tráthnóna, imeachtaí ceoil agus drámaíochta.

## Cartlann an Chontae

Is acmhainn í Cartlann Chontae Cheatharlach atá ar fáil do gach duine ar spéis leo stair Cheatharlach agus a pobal. Faigheann úsáideoirí éagsúla rochtain ar ábhar lena n-áirítear acadóirí, mic léinn, grúpaí scoile, taighdeoirí agus údair ábhair faoi stair mhuintire. Foilsíodh alt faoin gCartlann, scríofa ag ball foirne, Christopher Power, in Carloviana, eagrán 2025.

Rinne *Paperworks Studio* measúnú ar Chartlann an Chontae i mí Meithimh. Rinneadh scrúdú agus measúnú ar an mbailiúchán agus cuireadh tograí agus meastacháin chóireála ar fáil chun oibreacha amach anseo a threorú.

Fuair Cartlann an Chontae na nithe tábhachtacha seo a leanas in 2024:

- Lámhscríbhinn bhreá de Léarscáil Eastáit Cheatharlach [Eastát Browne Clayton] Cuid de Bhaile Mhic Thiarnáin agus Cuid de Bhaile an Teampaill agus Cuid de Bhaile Fearainn Cheatharlach i gContae Cheatharlach, Eastát Robert Clayton Browne. Cóipeáilte agus méadaithe ón tSuirbhéireacht Ordanáis a rinne Hodges agus Smith 1841
- Comhad suntasach agus cuimsitheach de dhoiciméid lámhscríbhinne a bhfuil a bhformhór Sínithe ag an nGiúistís agus Gníomhaire Talún i gCeatharlach, William Fishbourne. Déileáiltear le hionsaithe, díospóidí tuarastail, prátaí, miúil, arbhar, éadaí agus eallach a ghoid. Déileáiltear freisin le teagmhais i dtithe tábhairne mar aon le roinnt orduithe d'achomhairc chúirte. Comhad spéisiúil de dhoiciméid dlí ón tréimhse 1816-1831 i gceantar Cheatharlach agus modh oibre gairmí dlí a bhí ag obair i rith na tréimhse sin.
- Soláthraithe Phríosún Cheatharlach sna 1830idí [Co. Cheatharlach] 1832 -42. Tograí sínithe ó sholáthraithe a bhí ag freastal ar Phríosún Cheatharlach, an ghallúnach is fearr ó Bhaile Átha Cliath, an Bhláthach is fearr, an bainne is fearr, ola ráibe, ola rois, ola bhia, ola thriomaithe, min choirce, prátaí, scuaba le lámha etc. Bhí cuid acu sínithe ag baill den Bhord Gobharnóirí.
- Dhá Chomhad mhóra a bhain le William Fishbourne a cailleadh sa bhliain 1855 nuair a bhí sé 88 bliain d'aois. I rith a shaoil, d'oibrigh sé mar Ghiúistís agus mar bhall den Ard-Ghiúiré i gCeatharlach. D'oibrigh sé mar oifigeach sa ghíománra i rith Éirí Amach 1798 agus chabhraigh sé chun na hÉireannaigh Aontaithe a bhrú faoi chois. Breis is 200 doiciméad a bhaineann leis an tréimhse idir 1816 - 1850 ina bhfuil mionsonraí le fáil maidir le Síocháin agus Freagairt agus Athaitheantas Ionchúisimh, iarracht dúnmharú a dhéanamh, gadaíocht, ionsaí, ropaireacht tí, éadaí goidte, foghail, i dteannta le baisc eile Dintiúr a raibh leas ag Fishbourne iontu.




## Léachtaí Dheich mBliana na gCuimhneachán

Reáchtáil clár Dheich mBliana na gCuimhneachán dhá léacht i rith 2024:

- 3 Aibreán, i gColáiste an Chnoic Bhig, léacht le Philip O'Regan ó Chumann Staire an Sciobairín maidir le "Saol Ghearóid Ó Súilleabháin". Bhí ról lárnach ag Ó Súilleabháin i gCogadh na Saoirse agus bhí sé ag obair mar mhúinteoir in An Cnoc Beag.
- 14 Samhain, i Lárleabharlann Cheatharlach, "An Rialtas Áitiúil i gCeatharlach", leis an Dr Matthew Potter, údar *The Municipal Revolution in Ireland*.

Bhí slua breá i láthair ag an dá léacht.

## Lasair na Saoirse

Gné thábhachtach eile d'imeachtaí na bliana 2024 i Leabharlann na Tulaí freisin ba ea an uacht shuntasach, mharthanach eile do shaothar cruthaitheach agus ealaíonta phobal na háite i gceantar na Tulaí. Dealbh Lasair na Saoirse atá i gceist, a dheonaigh Innealtóir Burnside Autocyl ó An Tulach don leabharlann i mí Feabhra. Bogadh an dealbh 300kg go dtí a ionad nua i mí Feabhra agus eagraíodh seoladh oifigiúil ar an dáta ar tharla an tÉirí Amach ar Luan Cásca in 1916.

Is comhfhiontar a bhí ann idir Burnside, Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Cheatharlach, Coiste Dheich mBliana na gCuimhneachán, Glúin an Cheoil, Seirbhísí Lónadóireachta Flynn agus daoine eile nach iad, a chuir obair i gcrích chun a chinntiú gur tugadh aitheantas d'obair agus d'fhlaithiúlacht cruthaitheoirí, úinéirí agus coimeádaithe na deilbhe ar bhealach oiriúnach.

Chomh maith leis sin, spreag an próiseas Dan Cahill chun alt a scríobh, fear a bhí ag obair mar innealtóir ar an tionscadal bunaidh, agus foilsíodh an t-alt in Carloviana 2024.

## Leabhar faoi Mhonarcha Shiúcra Cheatharlach

Ar an Máirt, an 19 Samhain, eagraíodh imeacht seolta "*The Carlow Sugar Factory – the extraordinary story of an Irish industrial icon*", scríofa ag Christopher Power in Óstán *The Seven Oaks*.

D'fhreastail slua breá ar an seoladh agus bhí breis is 200 pátrún i láthair sa bhálseomra in *The Seven Oaks*, áit ar labhair an t-údar Christopher Power le gach duine. Rinne sé cur síos ar na téamaí, an chúis agus an mhodheolaíocht a bhí mar bhonn lena leabhar. Ina dhiaidh sin rinne John Kehoe píosa cainte, iarchathaoirleach bhrainse Cheatharlach de FAÉ, a labhair faoi cé chomh bródúil is a bhí pobal Cheatharlach as an tionscal agus as an nuálaíocht a spreag an institiúid sin tráth. Dúirt Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach, an Comhairleoir Fergal Browne, cúpla focal agus thagair sé dá chuimhní cinn ar an Monarcha nuair a bhí sé óg, chomh maith leis an díomá a bhí air nuair a dúnadh an mhonarcha sa bhliain 2005. Ansin sheol an Comhairleoir Charlie Murphy, Cathaoirleach Choiste Dheich mBliana



na gCuimhneachán Chomhairle Contae Cheatharlach, a bhí freagrach as foilsiú an leabhair, an leabhar.

Glacadh go fonnmhar leis an leabhar agus eagraíodh an dara cló den leabhar a phriontáil i mí Eanáir 2025.

### Seoladh “Carlow Writers Respond to the Topic of Civil War”

Ar an Máirt, an 17 Nollaig, seoladh “*Civil War: Writers Respond – an anthology*” i Leabharlann Bhrainse Cheatharlach, deireadh leis an obair a bhí curtha i gcrích ag Coiste Dheich mBliana na gCuimhneachán Chomhairle Contae Ceatharlach, obair ar cuireadh tús léi in 2016.

Tugadh cuireadh d’údair, piaraí agus drámadóirí as Co. Cheatharlach chun a machnamh a dhéanamh ar an téama ‘An Cogadh Cathartha’, agus bhain siad tairbhe as a saineolas féin chun píosa beag a scríobh – i bhformáidí éagsúla – chun léargas a thabhairt ar an tslí is féidir an téama corraitheach seo a úsáid chun a gcuid cruthaitheachta a spreagadh. Is saothar a bhfuil ábhar machnaimh ann an foilseachán seo ina scrúdaítear an deighilt, an brón agus an dóchas millteanach a bhaineann lena leithéid de choinbhleachtaí, i measc na ndaoine a mhair i rith na gcoinbhleachtaí agus na glúnta a mhair ina ndiaidh.

Ba é an Comhairleoir Charlie Murphy, Cathaoirleach Choiste Dheich mBliana na gCuimhneachán a sheol an leabhar.

### Boinn do Dhaoine atá os cionn 100 Bliain d’Aois

Leanadh ar aghaidh le Boinn do Dhaoine atá os cionn 100 Bliain d’Aois a bhronnadh ar dhaoine atá ina gcónaí i gCo. Cheatharlach a bhfuil 100 bliain d’aois slánaithe acu.

I rith na bliana eagraíodh ócáidí do Bernard Landy agus Bridget Meaney (as An Tulach); Angela Hickey, Cill Damháin agus Essie Glynn, Eastát na Darach Nua.

## Gníomhú ar son na hAeráide

### Mol agus Clinicí Fuinnimh Ghníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt

I mí Mheán Fómhair, reáchtáil Lárleabharlann Cheatharlach seoladh an Mhoil Fuinnimh Pobail. Forbartha ag Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt, gníomhaireacht fuinnimh sheachbhrabúsach atá lonnaithe i gCill Chainnigh, a sholáthraíonn seirbhísí fuinnimh do gach saoránach in oirdheisceart na hÉireann.
I gcomhar le POBAL agus le Leabharlann Cheatharlach, Chill Chainnigh, Loch Garman & Phort Láirge, chruthaigh Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt an Mol Fuinnimh Pobail chun cabhrú le teaghlaigh, grúpaí pobail agus gnóthaí chun teacht ar thuiscint ar éifeachtúlacht fuinnimh agus eolas maidir le maoiniú do shaoránaigh chun uasghráduithe fuinnimh a dhéanamh ina gcuid tithe, i measc a bpobal agus gnóthaí.

I ndiaidh an tseolta, d'eagraigh brainsí



Leabharlann Cheatharlach ceithre Chlinic Fuinnimh, a raibh baill foirne SEEA páirteach iontu, inár mbrainsí i gCeatharlach, Muine Bheag agus An Tulach

## Feithicil Nua na Seirbhíse Leabharlainne

I mí na Samhna 2024, d'uasghrádaigh Seirbhíse Leabharlainne Cheatharlach a feithicil agus cheannaigh sí Peugeot ePartner leictreach, agus chomhlíon sí a tiomantas do Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Cheatharlach chun feithiclí leictreacha níos inbhuanaithe a úsáid seachas na feithiclí díosail. Suiteáladh pointe luchtaithe i gcarrchlós Phlás na Toirbhirte freisin.

## Uasghrádú Soilsithe

Cuireadh an obair a bhain le soilse nua a shuiteáil i gCeanncheathrú Leabharlann Fhoirgneamh na Toirbhirte i gcrích. Mar thoradh ar an obair sin tá soilse LED braiteora gluaiseachta sa Leabharlann a bheidh ag feidhmiú ar bhealach atá níos tíosaí ar fhuinneamh.

## Clár Píolótach LEAF

I rith shamhradh 2024 d'oibrigh Leabharlanna Cheatharlach i dteannta le GIY don Tionscadal LEAF (Litearthacht agus Oideachas Bia LEAF @ An Leabharlann) a bheidh ar siúl go dtí Meán Fómhair 2025. Díríonn LEAF ar ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt laistigh den phobal agus tacú le daoine aonair agus le pobail lena gcuid iarrachtaí rudaí a fhás. Soláthraíonn LEAF acmhainní, faisnéis agus gníomhaíochtaí trí líonra na leabharlainne, agus reáchtáladh roinnt imeachtaí sna hionaid fáis ar fud Cheatharlach chun an seoladh a chomóradh. Beifear ag obair ar an Tionscadal go dtí Meán Fómhair 2025, agus páirteach ann beidh raon leathan grúpaí pobail lena n-áirítear bunscoileanna agus grúpaí GIY.

## Imeachta na Seachtaine um Ghníomhú ar son na hAeráide agus SFI

Ceardlann Síolta - I rith Sheachtain na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) (23 - 29 MF), d'eagraigh Dee Sewell, gairneoir cáilithe agus Oifigeach Feasachta Comhshaoil nua Chontae Cheatharlach, ceithre Cheardlann Síolta inár mbrainsí i gCo. Cheatharlach. I rith na gceardlann seo, d'fhoghlaim mic léinn agus baill na gceardlann níos mó faoi shíolta agus an nasc atá acu le spriocanna SFI na Náisiún Aontaithe chun pláinéad sláintiúil agus bisiúil a chruthú. I rith na ceardlainne, labhair Dee faoi na difríochtaí atá idir síolta, conas iad a stóráil agus a chur, an t-am is fearr chun iad a chur, mar aon le leideanna maidir le conas aire a thabhairt do shíolplandaí. Bealach iontach ba ea ár gceardlann síolta freisin chun tús a chur le rannpháirtíocht an phobail i gclár LEAF (Litearthacht agus Oideachas Bia) ár gcontae.

Ceardlanna Scoile - Bhí an tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide ar siúl idir an 14 - 20 Deireadh Fómhair agus mar chuid de chlár SEAI agus Sheachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Cheatharlach, eagraíodh sraith ceardlann sa leabharlann. Bhí na ceardlanna seo á n-éascú ag Úna Halpin, *Wildways Adventures Ltd.* agus bhí siad bunaithe ar an téama 'fuinneamh'. Is saineolaí eolaíochta agus tíreolaíochta í Úna agus labhair sí leis na leanaí faoin éifeacht a bhí ag an athrú aeráide ar a dtimpeallacht nádúrtha.



# Seirbhísí Oidhreachta

**3**
Cruinnithe d'Fhóram Oidhreachta Cheatharlach Reáchtáilte

**11**
Iarratais ar Mhaoiniú Oidhreachta Pobail ar Tacaíodh Leo

**42**
Imeachtaí Comhairliúcháin Phoiblí Eagraithe

## Forám Oidhreacha Cheatharlach agus Plean Oidhreachta Chontae Cheatharlach (2024-2029)

Bhuail baill d'Fhóram Oidhreachta Cheatharlach le chéile trí huaire in 2024 (Feabhra/ Bealtaine agus Meán Fómhair 2024). Bhí baill an Fhóraim dírithe ar Phlean Oidhreachta Chontae Cheatharlach a chur i gcrích. Cuireadh an dréacht in eagar agus rinneadh Scagadh Comhshaoil uirthi ag tús 2024. Ghlac Comhairle Contae Cheatharlach le Dréachtphlean Oidhreachta Chontae Cheatharlach (2024-2029) i mí Aibreáin 2024.

## Chéad Seimineár Oidhreachta Chontae Cheatharlach 2024

Gníomh a bhí sonraithe i bPlean Oidhreachta Chontae Cheatharlach (2024-2029) ba ea Seimineár Oidhreachta Chontae Cheatharlach a eagrú gach bliain. Reáchtáladh Chéad Seimineár Oidhreachta Chontae Cheatharlach in Óstán *The Seven Oaks* i mí Aibreáin 2024. Bhí an seimineár dírithe ar léargas a thabhairt ar éagsúlacht na dtionscadal oidhreachta rathúil a cuireadh i gcrích ar fud Chontae Cheatharlach, agus leagadh béim ar thionscadail ghrúpa pobail a maoiníodh faoi Scéim Deontais Oidhreachta Pobail na Comhairle Oidhreachta agus ar thionscadail curtha i gcrích ag Oifig Oidhreachta Cheatharlach.

## Ciste na nDéanmhas Stairiúil 2024

Cuireadh maoiniú ar fáil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, do cheithre Dhéanmhas Cosanta i gContae Cheatharlach chun oibreacha caomhantais riachtanacha a dhéanamh.  Ba iad na déanmhais ar cuireadh maoiniú ar fáil lena n-aghaidh: Teach Pháirc Choill an Fhearainn, Cill Bhríde; Teach na Buiríse, an Bhuiríos; Teach Áth an Mhuilinn, Áth an Mhuilinn agus Foirgneamh na Toirbhirte (Lárleabharlann Chontae Cheatharlach), Sráid na Tulaí, Ceatharlach.

## Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha 2024

Cuireadh maoiniú ar fáil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, do thrí dhéanmhas cosanta i gContae Cheatharlach. Cinntíonn an maoiniú seo go ndéantar infheistíocht phríobháideach sna déanmhais. Ba iad na déanmhais a bhí i gceist Seanteach an Reachtaire, Cill Éamainn áit ar cuireadh oibreacha caomhantais i gcrích ar an stuabhealach agus ar treisíodh na tacaíochtaí. Caomhnaíodh na saisfhuinneoga bunaidh i dTeach na Rátha Duibhe, Ceatharlach agus cuireadh oibreacha caomhantais agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh i gcrích ag Teach Loic Bhaile Eilín Íochtair, Ceatharlach.



## Ciste na Séadchomharthaí Pobail 2024

Cuireadh ceithre thionscadal Séadchomharthaí Pobail i gcrích i gContae Cheatharlach. Caomhnaíodh an séipéal meánaoiseach lena dhoras Rómhánúil i Séipéal Fhinnéin in Míseal trí fhásra a bhaint, ballaí a phointeáil agus ciseal moirtéil a chur orthu, agus codanna den doras a chaomhnú. Ullmhaíodh dhá Ráiteas Modha Caomhnaithe do dhá shéipéal stairiúla tosaíochta a bhfuil obair chaomhnaithe le déanamh orthu, eadhon an séipéal méanaoiseach i gCluain na gCuas, an Bhuiríos agus an séipéal meánaoiseach i nDún Leicne, Muine Bheag. Rinneadh suirbhé geoifisiceach ar thalamh Choláiste Phádraig i gCeatharlach ag deireadh 2024 agus tá roinnt aimhrialtachtaí geoifisiceacha sainaitheanta a chiallaíonn nach mór tuilleadh taighde a dhéanamh.

## Seoladh an Iniúchta Oidhreachta ar Shéipéil agus ar Reiligí Stairiúla i gContae Cheatharlach (Céim I)

Rinneadh Iniúchadh Oidhreachta ar na Séipéil agus Reiligí Oidhreachta i gContae Cheatharlach (Céim I) mar ghníomh de chuid Phlean Oidhreachta Chontae Cheatharlach (2024-2029) trí mhaoiniú a fuarthas ón gComhairle Oidhreachta. Colm Moriarty (Seandálaí) a rinne an t-iniúchadh a raibh liostú tosaíochta de riachtanais chaomhnaithe na ndéanmhas san áireamh ann. Sheol an Comhairleoir Fergal Browne (Cathaoirleach) an tuarascáil go foirmiúil i mí na Nollag 2024 i Halla Baile Cheatharlach agus reáchtáladh taispeáint phríobháideach d'fhíseán maidir le hOidhreacht Sheirbhís Otharchairr Cheatharlach, arna mhaoiniú ag an an gComhairle Oidhreachta agus arna sheoladh ag an gComhairleoir Fintan Phelan (Méara Cheatharlach).

## Deontais Oidhreachta Pobail 2024

Thacaigh Oifigeach Oidhreachta Cheatharlach le trí Ghrúpa Pobail lena n-iarratais ar agus chun dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le Tionscadail Oidhreachta Pobail a bhí á maoiniú ag an gComhairle Oidhreachta. Thiomsaigh Grúpa Oidhreachta Thigh an Réileáin an taighde a rinneadh in imeacht roinnt blianta agus tá maoiniú faighte aige le húsáid chun Aip Oidhreachta maidir le Tigh an Réileáin agus a phurláin a fhorbairt. Cuireadh maoiniú ar fáil don Eaglais Mhodhach, Bóthar Bhaile Átha Í, Ceatharlach, chun obair chaomhantais riachtanach a dhéanamh ar façade inmheánach struchtúr an tséipéil a raibh damáiste déanta ag taise dó. D'fhorbair Coiste Thobar Beannaithe Thobar Cronabhán físeán inar léiríodh an raon leathan gnéithe stairiúla agus oidhreachta i gCill Damháin agus a purláin, agus bhí an t-aisteoir, Stephen Rea i mbun na hinsinte agus cuireadh baill den phobal agus gairmithe atá ag obair san earnáil oidhreachta faoi agallamh.

## Seachtain Oidhreachta 2024

Is ceiliúradh náisiúnta ar oidhreacht in Éirinn é an tSeachtain Oidhreachta. D'fhorbair an Oifig Oidhreachta, trí bheith ag obair le grúpaí pobail agus le Ranna éagsúla sa Chomhairle Contae, clár éagsúil de bhreis is 40 imeacht ar fud an Chontae. I measc na n-imeachtaí a eagraíodh bhí léachtaí, ceardlanna, taispeántais agus siúlóidí treoraithe do dhaoine de gach aois. D'eagraigh Grúpa Oidhreachta Thigh an Réileáin taispeántas poiblí suntasach i Halla Pobail Thigh an Réileáin chun léargas a thabhairt ar an saibhreas oidhreachta atá le fáil i dTigh an Réileáin agus ina phurláin. D'fhreastail neart daoine ar an imeacht agus ina dhiaidh sin bronnadh gradam Sheachtain Oidhreachta an Chontae 2024 na Comhairle Oidhreachta ar an imeacht.

## Gradam na Seachtaine Oidhreachta 2024

Cúis áthais do Chontae Cheatharlach gur gearrliostaíodh dhá ghrúpa pobail ag Searmanas Gradam na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta a reáchtáladh san Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath, ar an 15 Samhain 2004. I measc na ngrúpaí pobail a bhí i láthair bhí Cairde Cholmán, Míseal, sa chatagóir dar teideal Gradam na Nasc, na mBealaí agus na Líonraí, don imeacht dar teideal 'Aistear Foghlama ó Stua Laighean, Co. Cheatharlach go dtí Beannchar, Co. an Dúin' agus Grúpa Oidhreachta agus Turasóireachta Thigh Moling sa chatagóir dar teideal Gradam Imeacht an Linbh Fhiáin dar teideal 'Idir Fiántas agus Iontas ar Lá an Linbh Fhiáin'.

## Tionscadail Oifig Oidhreachta Cheatharlach

Fuair an tOifigeach Oidhreachta maoiniú ón gComhairle Oidhreachta do cheithre thionscadal oidhreachta in 2024. Mar a sonraíodh i bPlean Oidhreachta Chontae Cheatharlach (2024-2028), rinne an Oifig Oidhreachta teagmháil le Colm Moriarty (Seandálaí) chun Céim I d'Iniúchadh Oidhreachta ar Shéipéil agus ar Reiligí Stairiúla i gContae Cheatharlach a chur i dtoll a chéile.

Fuarthas maoiniú chun Caidéil Uisce Cheatharlach a fhorbairt a chuir ar chumas an chomhairligh oibriú le staraí seanchais chun tabhairt faoi thionscadal stair béil a chur i gcrích bunaithe ar na cuimhní cinn agus ar na scéalta a bhain le rogha de chaidéil uisce a ndearnadh suirbhé orthu in 2023.

Rinne an Dr Claudia Kinmonth iniúchadh ar throscán dúchasach a bhí le fáil i dteachín a tógadh roimh an nGorta in aice le Fionnmhach, Co. Cheatharlach i mí Iúil 2024. Mar thoradh ar an iniúchadh sainaithníodh agus taifeadadh roinnt píosaí de throscán dúchasach agus tarraingíodh aird ar ghnéithe inmheánacha suntasacha sa struchtúr.

Forbraíodh físghrafaíocht chun feasacht a mhúscailt maidir le gnéithe d'Oidhreacht Sheirbhís Otharchairr Cheatharlach. San áireamh san fhíseán bhí seantaifeadfaí béil d'iarphearsana agus agallaimh le pearsana reatha, físeán a seoladh i mí na Nollag 2024.

## Toibreacha Beannaithe Cheatharlach Ildánach – Ábhar Dóchais

Fuair an Oifig Oidhreachta maoiniú faoin gclár Éire Ildánach chun tabhairt faoi thionscadal píolótach maidir le Toibreacha Beannaithe i gContae Cheatharlach dar teideal Toibreacha Beannaithe Cheatharlach Ildánach – Ábhar Dóchais. Chuir an maoiniú ar a gcumas foireann tionscadail a bhunú, a raibh taighdeoir, comhairleoir agus físghrafadóir páirteach ann chun staidéar a dhéanamh ar oidhreacht sé Thobar Beannaithe roghnaithe i gContae Cheatharlach agus chun oibriú le pobal idirghlúine agus díriú ar an suntas, an bhrí agus an fholláine a luaitear le Toibreacha Beannaithe. Tugadh le chéile sa tionscadal filíocht maidir le heispéireas an tionscadail agus rinneadh gearrscannán chun scaipeadh ar dhaoine go ginearálta. Eagraíodh cur i láthair do Thaispeántas Líonra LRP agus do Thaispeántas Cheatharlach Aoisbhách sa chuid deiridh de 2024, a thug deis d'fhoireann an tionscadail taifeadtaí gearrscannáin a dhéanamh de dhaoine a chuir spéis sna Toibreacha Beannaithe go dtí an lá atá inniu ann. Chuir go leor daoine spéis sa tionscadal agus tá sé beartaithe an tionscadal a fhorbairt amach anseo.

# Mótarcháin

**Soláthraíonn Roinn Mótarchánach Chomhairle Contae Cheatharlach seirbhís ar ardchaighdeán.**

Tá an oifig phoiblí oscailte Luan - Aoine, 10am - 12.30pm, agus tá an tseirbhís ar líne ar fáil 24/7 - 365 lá sa bhliain ag www.motortax.ie, agus is ar an tslí sin a chuirtear thart ar 80% de gach idirbheart i gcrích.

In 2024, próiseáladh 18,856 idirbheart san oifig phoiblí Mótarchánach, idirbhearta a raibh luach € 2.99 milliún luaite leo. Lena chois sin, próiseáladh 75,638 idirbheart ar líne a raibh luach € 10.24 milliún luaite leo. Próiseáladh 94,494 idirbheart a raibh luach € 13.23 milliún luaite leo.



# Aguisíní



# Aguisín 1

## Ráiteas faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)
ag an 31 Nollaig 2024

| | € | € |
|---|---|---|
| | **2024** | **2023** |
| **Sócmhainní Seasta** | 1,142,113,240 | 1,118,262,756 |
| | | |
| Obair idir Lámha agus Réamhchostais | 7,473,106 | 5,823,915 |
| | | |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 63,219,422 | 60,552,334 |
| | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Stoic | 0 | 0 |
| Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí | 16,197,077 | 9,305,234 |
| Infheistíochtaí Bainc | 53,600,014 | 59,550,052 |
| Airgead sa Bhanc | 2,543,428 | 296,146 |
| Airgead faoi Bhealach | 65,245 | 150,283 |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | 72,405,765 | 69,301,714 |
| | | |
| **Dliteanais Reatha** | | |
| Rótharraingt Bhainc | 0 | 0 |
| Creidiúnaithe & Fabhruithe | 16,811,256 | 16,896,772 |
| Léasanna Airgeadais | 0 | 0 |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | 16,811,256 | 16,896,772 |
| | | |
| **Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais)** | 55,594,509 | 52,404,942 |
| | | |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Iasachtaí Iníoctha | 31,976,383 | 32,023,634 |
| Léasanna Airgeadais | 0 | 0 |
| Taiscí In-aisíoctha | 4,611,703 | 3,996,938 |
| Eile | 24,030,106 | 21,229,834 |
| **Creidiúnaithe Iomlána** | 60,618,192 | 57,250,406 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | **1,207,782,086** | **1,179,793,540** |
| | | |
| **Arna mhaoiniú ag** | | |
| Cuntas Caipitlithe | 1,142,113,240 | 1,118,262,756 |
| Ioncam OIL | 5,041,209 | 4,137,568 |
| Cúlchiste Ioncaim Ghinearálta | 997,435 | 949,612 |
| **Iarmhéideanna Eile** | **59,630,202** | **56,443,605** |
| **Cúlchistí Iomlána** | **1,207,782,086** | **1,179,793,540** |

# Aguisín 2

## Ráiteas faoin Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas an Chuntais Ioncaim & Chaiteachais)

### Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

Tugtar le chéile i ráiteas an chuntais ioncaim agus chaiteachais an t-airgead ar fad a bhaineann le hioncam agus caiteachas. Léirítear an barrachas (easnamh) don bhliain.

| Caiteachas de réir an Rannáin | Ollchaiteachas 2024 | Ioncam 2024 | Glanchaiteachas 2024 | Glanchaiteachas 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Tithíocht & Foirgníocht | 20,006,140 | 23,996,303 | -3,990,163 | -4,119,337 |
| Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 14,505,042 | 9,323,115 | 5,181,927 | 4,602,409 |
| Seirbhísí Uisce | 3,747,094 | 3,560,505 | 186,589 | 190,468 |
| Bainistíocht Forbartha | 14,032,016 | 9,306,023 | 4,725,993 | 4,077,382 |
| Seirbhísí Timpeallachta | 10,469,382 | 2,979,311 | 7,490,071 | 6,159,386 |
| Caitheamh Aimsire & Taitneamhacht | 5,442,693 | 172,657 | 5,270,036 | 4,760,188 |
| Talmhaíocht, Bia agus Cúrsaí Mara | 282,844 | 60,909 | 221,935 | 239,715 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 4,234,223 | 5,262,044 | -1,027,821 | -1,190,884 |
| **Caiteachas/Ioncam Iomlán** | **72,719,434** | **54,660,867** | **18,058,567** | **14,719,328** |
| **Glanchostas Rannán atá le maoiniú ó Rátaí & Cáin Mhaoine Áitiúil** | | | **18,058,567** | **14,719,328** |
| Rátaí | | | 15,767,962 | 15,730,993 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | 9,114,381 | 6,322,843 |
| | | | | |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe** | | | 6,823,776 | 7,334,508 |
| Aistrithe ó/(go dtí) Cúlchistí | | | -6,775,953 | -7,244,951 |
| **Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain** | | | **47,823** | **89,557** |
| **Cúlchiste Ginearálta ag @ 1 Eanáir 2024** | | | **949,612** | **860,054** |
| **Cúlchiste Ginearálta ag @ 31 Nollaig 2024** | | | **997,435** | **949,612** |

# Aguisín 3

## Ráiteas faoin Rialú Airgeadais Inmheánach (RRAI)
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

### Réamhrá

Tá mise, Coilín O Reilly, Príomhfheidhmeannach (PF) Chomhairle Contae Cheatharlach freagrach as an Ráiteas Airgeadais Bhliantúil (RAB), ullmhaithe ag an Stiúrthóir Airgeadais, de réir an chóid cleachtais cuntasaíochta eisithe ag an Aire faoi alt 107 d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Contae Cheatharlach don bhliain dar críoch an **31 Nollaig 2024**, ag teacht leis na leabhair chuntais agus go bhfuil siad ullmhaithe de réir cheanglais chuntasaíochta an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá an RAB faoi réir iniúchta sheachtraigh, á dhéanamh ag iniúchóir de chuid Sheirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil, arb é an cuspóir atá aige teacht ar thuairim neamhspleách maidir leis na cuntais agus a shonrú cibé acu an léirítear sa ráiteas airgeadais bhliantúil staid airgeadais an údaráis áitiúil go cóir mar aon lena ioncam agus caiteachas don tréimhse i gceist, agus cibé acu atá nó nach bhfuil idirbhearta an údaráis áitiúil ag teacht leis an údarú reachtúil nó údarú eile a airbheartaítear a cuireadh i gcrích iad dá réir. Tuairiscítear sa RAB ar ghníomhaíocht laethúil Chomhairle Contae Cheatharlach i bhfoirm an Ráitis faoin Ioncam & Caiteachas Cuimsitheach, a ndéanann an Rannán achoimre uirthi. Déantar cur síos sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais ar staid airgeadais fhoriomlán Chomhairle Contae Cheatharlach amhail ag an 31 Nollaig 2024.

Léirítear sa ***Ráiteas faoin Ioncam Cuimsitheach*** an caiteachas agus ioncam a bhaineann le rith laethúil Chomhairle Contae Cheatharlach.

Seo a leanas príomhfhoinsí ioncaim Chomhairle Contae Cheatharlach:

| | An Bhliain Reatha | An Bhliain Roimh Ré | Éagsúlacht |
|---|---|---|---|
| Earraí & Seirbhísí | 14,967,136 | 16,315,240 | -1,348,104 |
| Deontais & Fóirdheontais | 38,857,493 | 31,835,878 | 7,021,615 |
| Ranníocaíochtaí Eile (de réir mar is cuí) | 836,238 | 566,368 | 269,870 |
| Rátaí | 15,767,962 | 15,730,993 | 36,969 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 9,114,381 | 6,322,843 | 2,791,538 |
| **Iomlán** | **79,543,210** | **70,771,322** | **8,771,888** |

Gníomhaíocht i ndáil leis an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais i gcomhair 2024:

| | An Bhliain Reatha | An Bhliain Roimh Ré |
|---|---|---|
| Ioncam | 79,543,210 | 70,771,322 |
| Caiteachas | 72,719,434 | 63,436,813 |
| Aistrithe chuig Caipiteal | 6,775,953 | 7,244,951 |
| Mír Eisceachtúil | - | - |
| **Barrachas/(Easnamh) i gcomhair** | **47,823** | **89,558** |
| Coigeartú don Bhliain Roimh Ré | - | - |
| Cúlchiste Ioncaim Oscailte | 949,612 | 860,054 |
| **Cúlchiste Ioncaim Dúnta** | **997,435** | **949,612** |

Mhéadaigh ioncam in 2024 € 8.78 m arb éard is cúis leis an ardú sin méaduithe de € 7.02 m ar dheontais agus ar fhóirdheontais agus € 2.79 m i gCáin Mhaoine Áitiúil a bhí fritháirithe ag laghdú luach € 1.35 m in earraí & seirbhísí *(Tabhair faoi deara: is figiúr comhlán é an t-ioncam rátaí tráchtála. Tá díscríobhanna i ndáil le réadmhaoin fholamh san áireamh sa chaiteachas)*

In 2024 bhí caiteachas luach € 72.72 m ann, seachas aistrithe ó/chuig cúlchistí. Bhí an t-iarmhéid deiridh a bhain leis an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais ag an 31 Nollaig 2024 cothrom le € 997,435 *(creidmheas)* le barrachas de € 47,823 *(0.07% de chaiteachas)* taifeadta laistigh den bhliain.

*Is ionann an Ráiteas faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)* agus gníomhaíocht airgeadais iomlán na comhairle don bhliain mar aon le figiúirí bliana comparáideacha de réir mar is cuí.

Tá sócmhainní agus dliteanais san áireamh sa ráiteas mar seo a leanas:

- Sócmhainní a tógadh/a ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla.
- Obair idir lámha agus réamhscéimeanna - bóithre agus tithíocht den chuid is mó
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha – iasachtaí tithíochta
- Sócmhainní Reatha - lena n-áirítear Stoic, Féichiúnaithe, Airgead sa bhanc.
- Dliteanais reatha agus fhadtéarmacha - iasachtaí morgáiste agus neamh-mhorgáiste
- Cúlchistí/Iarmhéideanna Éagsúla

Bhí Glansócmhainní Chomhairle Contae Cheatharlach ag deireadh 2024 cothrom le **€ 1,208 m** mar seo a leanas:

| | An Bhliain Reatha | An Bhliain Roimh Ré | Éagsúlacht |
|---|---|---|---|
| Sócmhainní Seasta | 1,142,113,240 | 1,118,262,756 | 23,850,484 |
| Obair idir Lámha | 7,473,106 | 5,823,915 | 1,649,191 |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 63,219,422 | 60,552,334 | 2,667,088 |
| Sócmhainní Reatha | 72,405,765 | 69,301,714 | 3,104,051 |
| Dliteanais Reatha | 16,811,256 | 16,896,772 | -85,516 |
| Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais) | 55,594,509 | 52,404,942 | 3,189,567 |
| Creidiúnaithe (> 1 bhliain) | 60,618,192 | 57,250,406 | 3,367,786 |
| **Glansócmhainní/(Dliteanais)** | **1,207,782,086** | **1,179,793,540** | **27,988,546** |

Forbraíodh *Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí* mar chuid de RAB 2011. Ainneoin gur cloíodh le treoir Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 7 Ráiteas faoi Shreafaí Airgid, tá an gnó a dhéanann údaráis áitiúla difriúil i gcomparáid le formhór eagraíochtaí na hearnála príobháidí agus, dá réir sin, comhaontaíodh ar roinnt athruithe beaga ar an bhformáid chun a chinntiú go bhfuil na sonraí a thaispeántar fiúntach agus úsáideach laistigh den earnáil rialtais áitiúil.

## Córas de Rialuithe Airgeadais Inmheánacha

Mar PF Chomhairle Contae Cheatharlach, admhaím go bhfuil mé freagrach as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialuithe airgeadais inmheánacha á chothabháil agus á fheidhmiú ag Comhairle Contae Cheatharlach. Tá an fhreagracht seo á feidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil do Chomhairle Contae Cheatharlach. Chomh maith leis sin, ní féidir le córas de rialú airgeadais inmheánach ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú absalóideach a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas de rialuithe airgeadais inmheánacha agus déantar athbhreithniú leanúnach ar a éifeachtacht.

## An timpeallacht rialaithe airgeadais

Mar PF de Chomhairle Contae Cheatharlach, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe airgeadais ina bhfuil na gnéithe seo a leanas le fáil bunaithe:

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach oiriúnach a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta bunaithe a dhéanann athbhreithniú rialta ar an gcóras de rialú airgeadais inmheánach mar chuid dá chlár oibre.
- Tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- Tá córais bunaithe chun sócmhainní a chosaint.

## Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Mar PF Chomhairle Contae Cheatharlach, deimhním go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus de thuairisciú bainistíochta rialta bunaithe lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe go bhfuil:

- nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- córais bunaithe a bhfuil sé mar aidhm leo slándáil faisnéise na gcóras TFC a chinntiú.
- córais bunaithe chun sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil oiriúnacha agus disciplíní bainistíochta tionscadail foirmiúla bunaithe.

## Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn Comhairle Contae Cheatharlach go bhfuil béim oiriúnach agus leanúnach ar dhea-chleachtas i gcomhthéacs tairisceana agus ceannacháin agus go bhfuil nósanna imeachta bunaithe chun a chinntiú go bhfuil gach treoirlíne soláthair ábhartha á comhlíonadh.

## Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchta

Mar PF, is féidir liom a dheimhniú go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag Comhairle Contae Cheatharlach mar aon le pearsanra oilte, atá ag feidhmiú de réir cairt scríofa. Tá obair an Choiste bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Comhairle Contae Cheatharlach neamhchosanta orthu agus tá a pleananna iniúchta inmheánacha bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Tá mé sásta go bhfuil nósanna imeachta bunaithe chun a chinntiú go ndéantar obair leantach i ndáil le tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil coiste iniúchta éifeachtach ag Comhairle Contae Cheatharlach a chuireann athbhreithniú éifeachtachta bliantúil ar a cuid gníomhaíochtaí i gcrích. Is féidir liom a dheimhniú freisin go bhfuil Coiste Iniúchta bunaithe de réir cheanglais Alt 122 d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú).

Tá feidhmeanna reachtúla na gcoistí iniúchta leagtha amach in alt 59 agus in alt 60 d'Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, mar seo a leanas:

I. athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ar nósanna imeachta tuairiscithe airgeadais agus buiséadacha laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh é.

II. tacú le dea-chleachtas a fhorbairt i ndáil le feidhmiú fheidhm iniúchta inmheánaigh an údaráis áitiúil.

III. athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchta, tuarascáil speisialta iniúchóra i ndáil leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomh curtha i gcrích laistigh den údarás sin ag a phríomhfheidhmeannach mar fhreagairt ar a leithéid sin de ráiteas nó de thuarascáil agus a thorthaí a thuairisciú don údarás sin.
IV. éifeachtúlacht agus luach ar airgead a mheas agus a chur chun cinn i ndáil lena feidhmeanna a bheith á gcur i gcrích ag an údarás áitiúil; agus
V. athbhreithniú a dhéanamh ar chórais atá in úsáid ag an údarás áitiúil chun rioscaí a bhainistiú.

Tuigim go bhfuil ról riachtanach ag an gcoiste iniúchta i gcreat rialachais na n-údarás áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs chuntasacht mhéadaithe na hearnála poiblí.

Tá ról neamhspleách acu i ndáil le comhairle a chur ar an gComhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus nithe iniúchta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais an údaráis áitiúil.

Admhaím ról an Choiste Iniúchta sa phróiseas bainistíochta riosca agus san athbhreithniú leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus ar na nósanna imeachta rialachais i gComhairle Contae Cheatharlach.

## Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag Comhairle Contae Cheatharlach ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á gcur i gcrích chun déileáil le, agus a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí corparáideacha bunaithe ina sainaithnítear na príomhrioscaí agus ina ndéantar measúnú agus grádú orthu de réir a suntais. Déanann an Fhoireann Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta. Chomh maith leis sin, tá clár rioscaí i bhfeidhm do gach rannán seirbhíse agus déantar iad sin a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta.

Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear riosca ag leibhéal inghlactha. Tá sonraí le fáil sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus faoi na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as feidhmiú rialuithe chuig baill foirne shonracha.

Mar Phríomhfheidhmeannach, deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus go bhfuil próisis bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh sainaitheanta a thuairisciú.

Cuirfear an Ráiteas faoin Rialú Airgeadais Inmheánach san áireamh sa Dréacht-tuarascáil Bhliantúil a chuirfear faoi bhráid bhaill na Comhairle faoin 30 Aibreán 2025 agus ina dhiaidh sin, cuirfear san áireamh é sa Tuarascáil Bhliantúil a bheidh ullmhaithe agus glactha ag an gComhairle faoin 30 Meitheamh 2025.

**Sínithe ag:** Coilín O Reilly

**Dáta:** 9 Aibreán 2025

**Príomhfheidhmeannach**

# Aguisín 4

## Ráiteas Rialachais

### Cuspóir

Is é cuspóir an ráitis rialachais seo faisnéis ábhartha a sholáthar maidir leis na struchtúir rialachais agus na socruithe rialachais laistigh den údarás áitiúil lena n-áirítear maidir leis an gcomhairle, coistí, an fhoireann bainistíochta shinsearach agus réimsí gaolmhara. Is fianaise atá ann ar ár dtiomantas do rialachas éifeachtach, aithnítear ann príomhcheanglais reachtacha agus dea-rialachais agus deimhnítear go bhfuil oibleagáidí Chód Rialachais an Rialtais Áitiúil á gcomhlíonadh ag an gComhairle.

### Dea-Rialachas

Go bunúsach, is éard atá i gceist le dea-rialachas san earnáil rialtais áitiúil agus san earnáil phoiblí trí chéile tosaíochtaí a chomhlíonadh, cuspóirí a chur i gcrích, feidhmiú ar bhealach ionraic agus gníomhú ar mhaithe le leas an phobail, ar bhealaí atá comhsheasmhach le hoibleagáidí beartais dlí, rialála agus rialtais. Tagraíonn rialachas don chreat rialacha, caidrimh, córas agus próiseas atá in úsáid chun an t-údarás áitiúil a threorú, a rialú agus a choinneáil cuntasach agus an córas atá mar bhonn le húdarás laistigh d'eagraíocht a fheidhmiú agus a chothabháil. Cuimsítear ann údarás, cuntasach, maoirseacht agus ceannaireacht, treoir agus rialú.

### Prionsabail Dea-rialachais

- **CROÍPHRIONSABAL 1 -** Ciallaíonn dea-rialachas díriú ar chuspóir an údaráis, ar thorthaí a sholáthraíonn buntáistí eacnamaíocha, pobail agus sochaíocha níos ginearálra agus ar fhís don údarás áitiúil a chur chun feidhme.
- **CROÍPHRIONSABAL 2 -** Ciallaíonn dea-rialachas tacú le agus léargas a thabhairt ar luachanna seirbhíse poiblí trí chloígh le hardchaighdeáin iompair agus iompraíochta.
- **CROÍPHRIONSABAL 3 -** Ciallaíonn dea-rialachas go mbeadh baill agus oifigigh ag obair le chéile ar chuspóir coiteann laistigh de chreat d'fheidhmeanna agus de róil atá sainithe go soiléir.
- **CROÍPHRIONSABAL 4 -** Ciallaíonn dea-rialachas acmhainní eagraíochtúla agus cumas ceannaireachta agus inniúlachtaí ball agus oifigeach a fhorbairt chun feidhmiú go héifeachtach agus chun cuspóir na heagraíochta a chomhlíonadh.
- **CROÍPHRIONSABAL 5 -** Ciallaíonn dea-rialachas cinntí eolasacha agus trédhearcach a dhéanamh agus rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú.
- **CROÍPHRIONSABAL 6 -** Ciallaíonn dea-rialachas oibriú ar bhealach oscailte agus cuimsitheach le daoine áitiúla, le saoránaigh agus le páirtithe leasmhara eile chun cuntasacht phoiblí láidir a chinntiú.
- **CROÍPHRIONSABAL 7 -** Ciallaíonn dea-rialachas forbairt agus gnóthachtáil Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe trí dhíriú ar thosaíochtaí agus ar ghníomhaíochtaí laistigh den Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar fhorálacha an Achta Aeráide.

## Ár nGealltanas do Dea-rialachas

Mar Chathaoirleach/Mhéara agus Príomhfheidhmeannach na comhairle, agus thar ceann na mball tofa, na foirne bainistíochta agus na mball foirne, deimhnímid an méid seo a leanas;

1. Tá glactha againn leis na prionsabail rialachais mar bhonnchloch agus mar fhealsúnacht maidir leis an tslí a n-oibrímid mar chomhlacht rialaithe agus mar fheidhmeannas.
2. Tá glactha le Cód Rialachais an Rialtais Áitiúil agus tá athbhreithniú agus measúnú déanta ar an méid a bhfuil an Cód á chomhlíonadh ag an gComhairle.
3. Cuireann an Príomhfheidhmeannach an Ráiteas faoin Rialú Airgeadais Inmheánach faoi bhráid na mBall Tofa agus an Choiste Iniúchta. Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar an RRAI agus cuireann sé dearbhú ar fáil do na Baill Tofa ar bhonn bliantúil. Tá sásraí ar fáil don Choiste Iniúchta chun eolas a roinnt leis na Baill Tofa maidir le haon saincheist a thagann chun cinn lasmuigh den ghnáth-thuairisciú bliantúil.
4. Admhaítear go bhfuil oibleagáidí dlí agus rialála á gcomhlíonadh agus cloítear leo.
5. Tá soiléir ag baint le róil agus le freagrachtaí bunaithe ar na feidhmeanna coimeádta agus feidhmiúcháin agus bunaithe ar théarmaí tagartha an choiste.
6. Tá Cód Iompair agus dearbhuithe eitice do bhaill agus d'fhostaithe bunaithe.
7. Tá nósanna imeachta bunaithe chun nochtuithe cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus deimhniú faighte go bhfuil an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht foilsithe.
8. Déanann an Chomhairle agus na Coistí athbhreithniú ar a bhfeidhmíocht féin ar bhonn tréimhsiúil.
9. Tá socruithe maoirseachta rialachais oiriúnacha bunaithe againn i ndáil le fochuideachtaí, cuideachtaí comhlachaithe agus cuideachtaí gaolmhara.
10. Mar chuid dár dtiomantas do mhaoirseacht agus do chuntasacht éifeachtach, tá creat dearbhaithe forbartha againn agus á fheabhsú go leanúnach againn trí úsáid a bhaint as foinsí dearbhaithe seachtracha agus inmheánacha chun dea-fheidhmíocht a chinntiú mar chuid dár gcultúr rialachais.

| **Sínithe ag:** | **Dáta:** |
|---|---|
| Fergal Brown | 1 Bealtaine 2025 |
| **Cathaoirleach/ Méara** | |
| Coilín O Reilly | 1 Bealtaine 2025 |
| **Príomhfheidhmeannach** | |

# Aguisín 5

## Comhdhálacha/Seimineáir/Cúrsaí Oiliúna ar Fhreastail Comhairleoirí orthu in 2024

### Cúrsaí Oiliúna ar fhreastail baill de Chomhairle Contae Cheatharlach orthu in 2024

| Oiliúint | Ionad | Dáta | Toscairí | Caiteachas |
|---|---|---|---|---|
| Cúrsa Oiliúna an Earraigh CCÚÁ | Óstán Abbey, Dún na nGall | 19 & 20 Eanáir | 4 | €3,079.34 |
| AILG – Modúl 1 | Óstán Fairways, Dún Dealgan, Co. Lú | 25 Eanáir 2024 | 1 | 383.84 |
| AILG – Modúl 1 | Óstán Comhdhála Greenhills, Luimneach | 27 Eanáir 2024 | 3 | €1,088.61 |
| Cúrsa Oiliúna Bliantúil CRÉ | Óstán Woodland, Áth Dara, Co. Luimneach | 7 & 8 Feabhra 2024 | 3 | €1,442.02 |
| AILG – Modúl 2 | Óstán Hodson, Baile Átha Luain, Co. Ros Comáin | 23 Márta 2024 | 3 | €1,262.82 |
| AILG – Oiliúint Ionduchtaithe | Radisson Blu, Co. Chorcaí | 13 Iúil 2024 | 3 | €1,354.50 |
| Oiliúint an Fhómhair AILG | Óstán an Hillgrove, Seanbhóthar Ard Mhacha, Leacht Lorcáin, Co. Mhuineacháin | 11 & 12 Meán Fómhair 2024 | 3 | €2,369.32 |
| AILG - Cúrsa Oiliúna Pleanála | The Horse & Jockey, Co. Thiobraid Árann | 26 Meán Fómhair 2024 | 1 | 271.39 |
| Oiliúint an Fhómhair CCÚÁ | Óstán Newgrange, An Uaimh, Co. na Mí | 17 & 18 Deireadh Fómhair 2024 | 4 | €2,518.36 |
| Fóram Rannpháirtíochta Árachas IPB | Óstán Mullingar Park, An Muileann gCearr, Co. Na hIarmhí. | 4 Deireadh Fómhair 2024 | 1 | €260.23 |
| AILG – Modúl 5 | Radisson Blu, Luimneach | 2 Samhain 2024 | 3 | €1,384.60 |
| AILG – Modúl 6 | Óstán Tower, Port Láirge | 14 Samhain 2024 | 1 | €273.90 |
| AILG – Modúl 6 | Óstán Bhaile Chláir, Co. na Gaillimhe | 16 Samhain 2024 | 2 | €883.58 |

### Comhdhálacha ar Fhreastail baill de Chomhairle Contae Cheatharlach orthu in 2024

| Comhdháil | Ionad | Dáta | Toscairí | Caiteachas |
|---|---|---|---|---|
| Cúrsa Oiliúna Bliantúil AILG | Óstán Arklow Bay, An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin | 14 & 15 Feabhra 2024 | 5 | €2,121.15 |
| Comhdhálacha Ceilteacha | Óstán McKevitts, Cairlinn, Co. Lú | 23, 24 & 25 Feabhra 2024 | 4 | €3,051.80 |
| Comhdhálacha Ceilteacha | Óstán O'Donovans, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí | 1, 2 & 3 Márta 2025 | 1 | €830.46 |

# Aguisín 6

## Tinreamh Ball Tofa
## ag Cruinnithe a reáchtáladh in 2024

| Ainm an Chomhairleora | Líon Iomlán Cruinnithe Reáchtáilte | Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu | % |
|---|---|---|---|
| Fergal Browne | 40 | 40 | 100.00 |
| John Cassin | 28 | 25 | 89.29 |
| Andrea Dalton | 43 | 40 | 93.02 |
| Michael Doran | 35 | 35 | 100.00 |
| Andrew Gladney | 30 | 21 | 70.00 |
| Thomas Kinsella | 29 | 27 | 93.10 |
| Arthur McDonald | 13 | 12 | 92.31 |
| John McDonald | 14 | 14 | 100.00 |
| Ken Murnane | 27 | 27 | 100.00 |
| Charlie Murphy | 23 | 23 | 100.00 |
| John Murphy | 12 | 12 | 100.00 |
| Brian O' Donoghue | 30 | 27 | 90.00 |
| Tom O' Neill | 15 | 15 | 100.00 |
| William Paton | 28 | 22 | 78.57 |
| John Pender | 36 | 36 | 100.00 |
| Fintan Phelan | 28 | 28 | 100.00 |
| William Quinn | 29 | 24 | 82.76 |
| Adrienne Wallace | 32 | 28 | 87.50 |
| Paul Doogue | 15 | 13 | 86.67 |
| Daniel Pender | 15 | 15 | 100.00 |
| Jim Deane | 15 | 14 | 93.33 |
| Ben Ward | 15 | 13 | 86.67 |

# Aguisín 7

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2024

Ceanglaíonn Alt 22 d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, go bhfoilsítear tuarascáil bhliantúil a bhaineann leis na Nochtuithe Cosanta faighte. De bhua an cheanglais seo, dearbhaíonn Comhairle Contae Cheatharlach leis seo nach bhfuarthas aon nochtadh cosanta in 2024.

# Aguisín 8

## Cearta an Duine

Nuair a bhí an Plean á ullmhú bhí an Chomhairle airdeallach ar shaincheisteanna leathana cosúil le hIonchuimsiú Sóisialta, Comhionannas, Maolú an Athraithe Aeráide agus Cuspóirí Oiriúnaithe, agus Forbairt Inbhuanaithe mar aon le Seirbhís ar Ardchaighdeán agus Ceannaireacht Pobail. Chomh maith leis sin, tá an Chomhairle airdeallach ar Dhualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí atá leagtha amach in Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Cuireann an dualgas seo oibleagáid ar an gComhairle aird a thabhairt ar an ngá atá leis an méid seo a leanas;

A. Idirdhealú a dhíothú.

B. Tacú le Comhionannas Deiseanna agus cóireáil a mball foirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil lena n-aghaidh; agus

C. Cearta an Duine a mball, a mball foirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil lena n-aghaidh a chosaint Tá Comhairle Contae Cheatharlach tiomanta sa Phlean seo do thacú leis an gClár um Athrú Saoil i ndáil le daoine atá faoi mhíchumas chun tacú le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha, áineasa agus spóirt agus i ndáil lena ról a chinntiú go bhfuil tithíocht do dhaoine atá faoi mhíchumas lárnach sna hiarrachtaí tithíochta príomhshrutha.

Tá fianaise ar ról na Comhairle i ndáil le himircigh agus pobail nua le fáil sa Phlean Corparáideach agus i Straitéis um Imeascadh Eachtrannach Cheatharlach 2020


# Aguisín 9

## An Fhoireann Bainistíochta Shinsearach

| | |
|---|---|
| Coilín O'Reilly | Príomhfheidhmeannach |
| Pat Delaney<br>(ar scor i mí Aibreáin 2024) | Stiúrthóir Airgeadais |
| PJ Leonard<br>(Ó Aibreán 2024) | |
| Michael Brennan | Stiúrthóir Seirbhísí: Forbairt Pobail, Áineas, Conláistí, Spóirt, Ealaín, Cultúr, Leabharlanna, Músaem & Oidhreacht |
| Michael Rainey<br>(suas go dtí Deireadh Fómhair 2024) | Stiúrthóir Seirbhísí: Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Pleanáil, Athghiniúint, Sláinte & Sábháilteacht, Forbairt Eacnamaíoch/OFÁ agus Córais Faisnéise |
| Kieran Cullinane<br>(Ag feidhmiú ó Dheireadh Fómhair 2024) | |
| Fiona O'Neill | Stiúrthóir Seirbhísí Cúnta: Tithíocht & Imeascadh |
| Padraig O'Gorman | Stiúrthóir Seirbhísí: Iompar, An Timpeallacht agus Gníomhú ar son na hAeráide, Tionscadail Chaipitil, Rialú Foirgníochta & Seirbhísí Éigeandála |


# Aguisín 10

## Timpeallacht Oibriúcháin Áitiúil



# Aguisín 11

## Struchtúr Eagraíochta



# Aguisín 12

## Táscairí Feidhmíochta
01/01/2023 - 31/12/2023 (Bliantúil)

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Tithíocht: H1, H2 & H4 Ceadaithe | A. Líon teaghaisí faoi úinéireacht an údaráis áitiúil ag an 1/1/2023 | 1932 |
| | B. Líon teaghaisí curtha le stoc atá faoi úinéireacht an údaráis áitiúil i rith 2023 (tógtha nó faighte) | 90 |
| | C. Líon teaghaisí faoi úinéireacht an údaráis áitiúil a díoladh in 2023 | 8 |
| | D. Líon teaghaisí faoi úinéireacht an údaráis áitiúil a leagadh go talamh in 2023 | 0 |
| | E. Líon teaghaisí faoi úinéireacht an údaráis áitiúil ag an 31/12/2023 | **2014** |
| | F. Líon teaghaisí faoi úinéireacht an údaráis áitiúil atá beartaithe a leagan go talamh faoi scéim atá ceadaithe ag RTRÁO ag an 31/12/2023 | 0 |
| | A. An céatadán den líon iomlán teaghaisí faoi úinéireacht údaráis áitiúil a bhí folamh ar an 31/12/2023 | 0.94% |
| | Líon na dteaghaisí laistigh den stoc iomlán nach raibh tionónta iontu ar an 31/12/2023 | 19 |
| | A. Caiteachas i rith 2023 ar chothabháil thithíocht an údaráis áitiúil tiomsaithe idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2023, roinnte ar líon na dteaghaisí i stoc an údaráis áitiúil ag an 31/12/2023, i.e. H1E lúide figiúr tháscaire H1F | **€521.19** |
| | Caiteachas ar chothabháil an stoic údaráis áitiúil idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2023, lena n-áirítear cothabháil agus caiteachas pleanáilte a bhí cáilithe le haghaidh deontas, cosúil le deontais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) d'oibreacha d'iarfheistithe éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de ach gan caiteachas ar réadmhaoin fholamh agus caiteachas faoi mhórscéimeanna athchóirithe a chur san áireamh (i.e. Athnuachan cheadaithe nó faoi Scéimeanna Oibreacha Ceartaitheacha). | €1049671.31 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Tithíocht: H3 & H5 Ceadaithe | A. An méid ama idir an dáta a fhágtar teaghais agus an dáta in 2023 nuair a théann tionónta nua isteach sa teaghais; soláthraítear meánfhigiúr na dteaghaisí ar fad athligthe i rith 2023 | **18.37 seachtain** |
| | B. Costas caite ar thionóntaí nua a aimsiú do na teaghaisí in 2023; soláthraítear meánfhigiúr na dteaghaisí ar fad athligthe i rith 2023 | **€17739.67** |
| | Líon na dteaghaisí a ndeachaigh tionóntaí nua isteach iontu ar dháta ar bith in 2023 (gan na teaghaisí ar fad a bhí folamh mar gheall ar scéim athchóirithe ar fud an eastáit a chur san áireamh) | 51 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Tithíocht: H3 & H5 Ceadaithe | Líon na seachtainí idir an dáta folúntais agus an dáta a dtéann tionónta nua isteach sa teaghais | 937 seachtain |
| | Caiteachas iomlán ar oibreacha atá riachtanach chun athligean na dteaghaisí a cheadú | €904723 |
| | A. Líon iomlán na dtionóntachtaí cláraithe i gceantar an ÚÁ ag deireadh mhí an Mheithimh 2023 | 3190 |
| | B. Líon na dteaghaisí príobháideacha a ndearnadh iniúchadh orthu in 2023 | 219 |
| | C. Céatadán na dteaghaisí a ndearnadh cigireacht orthu in 2023 nach raibh na Rialacháin maidir le Caighdeáin á gcomhlíonadh acu | 97.06% |
| | D. Líon na dteaghaisí a measadh a bhí comhlíontach in 2023 (lena n-áirítear iad siúd a measadh a bhí neamh-chomhlíontach ar dtús) | 30 |
| | E. Líon na gcigireachtaí (athchigireachtaí san áireamh) a chuir an t-údarás áitiúil i gcrích in 2023 | 223 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Tithíocht: H6 Ceadaithe | A. Líon daoine fásta i gcóiríocht éigeandála atá gan dídean go fadtéarmach (i.e. 6 mhí nó níos mó laistigh den bhliain roimh ré) mar chéatadán den líon iomlán daoine fásta atá gan dídean i gcóiríocht éigeandála ag deireadh 2023 | **30.0%** |
| | Líon na ndaoine fásta atá rangaithe mar dhaoine gan dídean agus i gcóiríocht éigeandála ar an 31 Nollaig 2023 mar a bhí taifeadta ar chóras PASS | 40 |
| | Líon na ndaoine aonair a bhí, ar an 31/12/2023, i gcóiríocht éigeandála i gcomhair 6 mhí go leanúnach, nó i gcomhair 6 mhí ar fad laistigh de 12 mhí roimh ré | 12 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Tithíocht: H7 Ceadaithe | A. (1) Líon iomlán na dtithe iarfheistithe idir 01/01/2023 agus 31/12/2023 faoin Scéim Iarfheistithe Tithíochta Sóisialta | 106 |
| | A. (2) Líon na dtithe a fuair rátáil RFF de B2 nó níos airde idir 01/01/2023 agus 31/12/2023 faoin gClár Iarfheistithe Tithíochta Sóisialta | 105 |
| | A. (3) Líon na dteaschaidéal suiteáilte sna tithe sin idir 01/01/2023 agus 31/12/2023 faoin gClár Iarfheistithe Tithíochta Sóisialta | 103 |
| | B. An coigilteas fuinnimh bliantúil iomlán in MWH ó thithe iarfheistithe idir 01/01/2023 agus 31/12/2023 faoin gClár Iarfheistithe Tithíochta Sóisialta | 1473.8 MWh |
| | C. Laghdú astaíochtaí carbóin iomlán tCo2 ó thithe iarfheistithe idir 01/01/2023 agus 31/12/2023 faoin Scéim Iarfheistithe Tithíochta Sóisialta | 422.4 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Bóithre: R1 & R2 Ceadaithe | A. (a) An céatadán de Bhóithre Réigiúnacha le rátáil IRDP sa tréimhse 24 mí suas go dtí 31/12/2023 | 96.80% |
| | A. (B) An céatadán de Phríomhbhóithre Áitiúil le rátáil IRDP sa tréimhse 24 mí suas roimh an 31/12/2023 | 98.38% |
| | A. (C) An céatadán de Bhóithre Áitiúla den Dara Grád le rátáil IRDP sa tréimhse 24 mí suas go dtí 31/12/2023 | 98.98% |
| | A. (d) An céatadán de Bhóithre Áitiúla den Tríú Grád le rátáil IRDP sa tréimhse 60 mí suas roimh an 31/12/2023 | 95.41% |
| | B. (a.1) An céatadán de Bhóithre Réigiúnacha le rátáil IRDP de 1-4 sa tréimhse 24 mí roimh an 31/12/2023 | 0.08% |
| | B. (a.2) An fad céatadánach de Bhóithre Réigiúnacha le rátáil IRDP de 5-6 sa tréimhse 24 mí roimh an 31/12/2023 | 4.37% |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Bóithre: R1 & R2 Ceadaithe | B. (a.3) An fad céatadánach de Bhóithre Réigiúnacha le rátáil IRDP de 7-8 sa tréimhse 24 mí roimh an 31/12/2023 | 64.58% |
| | B. (a.4) An fad céatadánach de Bhóithre Réigiúnacha le rátáil IRDP de 9-10 sa tréimhse 24 mí roimh an 31/12/2023 | 27.78% |
| | B. (b.1) An fad céatadánach de Phríomhbhóithre Áitiúla le rátáil IRDP de 1-4 sa tréimhse 24 mí roimh an 31/12/2023 | 0.68% |
| | B. (b.2) An fad céatadánach de Phríomhbhóithre Áitiúla le rátáil IRDP de 5-6 sa tréimhse 24 mí roimh an 31/12/2023 | 14.10% |
| | B. (b.3) An fad céatadánach de Phríomhbhóithre Áitiúla le rátáil IRDP de 7-8 sa tréimhse 24 mí roimh an 31/12/2023 | 68.25% |
| | B. (b.4) An fad céatadánach de Phríomhbhóithre Áitiúla le rátáil IRDP de 9-10 sa tréimhse 24 mí roimh an 31/12/2023 | 15.34% |
| | B. (c.1) An fad céatadánach de Bhóithre Áitiúla den Dara Grád le rátáil IRDP de 1-4 sa tréimhse 24 mí roimh an 31/12/2023 | 5.19% |
| | B. (c.2) An fad céatadánach de Bhóithre Áitiúla den Dara Grád le rátáil IRDP de 5-6 sa tréimhse 24 mí roimh an 31/12/2023 | 21.51% |
| | B. (c.3) An fad céatadánach de Bhóithre Áitiúla den Dara Grád le rátáil IRDP de 7-8 sa tréimhse 24 mí roimh an 31/12/2023 | 55.75% |
| | B. (c.4) An fad céatadánach de Bhóithre Áitiúla den Dara Grád le rátáil IRDP de 9-10 sa tréimhse 24 mí roimh an 31/12/2023 | 16.54% |
| | B. (d.1) An fad céatadánach de Bhóithre Áitiúla den Tríú Grád le rátáil IRDP de 1-4 sa tréimhse 60 mí roimh an 31/12/2023 | 12.41% |
| | B. (d.2) An fad céatadánach de Bhóithre Áitiúla den Tríú Grád le rátáil IRDP de 5-6 sa tréimhse 60 mí roimh an 31/12/2023 | 19.52% |
| | B. (d.3) An fad céatadánach de Bhóithre Áitiúla den Tríú Grád le rátáil IRDP de 7-8 sa tréimhse 60 mí roimh an 31/12/2023 | 53.26% |
| | B. (d.4) An fad céatadánach de Bhóithre Áitiúla den Tríú Grád le rátáil IRDP de 9-10 sa tréimhse 60 mí roimh an 31/12/2023 | 10.21% |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Bóithre: R1 & R2 Ceadaithe | A.1 Ciliméadair de bhóthar réigiúnach treisithe i rith 2023 | 4.3km |
| | A.2 An méid caite ar obair threisithe bóithre réigiúnacha i rith 2023 | €871899.00 |
| | A.3 Meánchostas aonaid oibreacha treisithe bóithre don mhéadar cearnach (€/m2) | €31.71 |
| | B.1 Ciliméadair de bhóthar réigiúnach athshéalaithe i rith 2023 | 9.7km |
| | B.2 An méid caite ar obair athshéalaithe bóithre réigiúnacha i rith 2023 | €421419.00 |
| | B.3 Meánchostas aonaid oibreacha athshéalaithe bóithre don mhéadar cearnach (€/m2) | €6.54 |
| | C.1 Ciliméadair de bhóthar áitiúil treisithe i rith 2023 | 26.3km |
| | C2. An méid caite ar obair threisithe bóithre áitiúla i rith 2023 | €2984512.00 |
| | C.3 Meánchostas aonaid oibreacha treisithe bóithre áitiúla don mhéadar cearnach (€/m2) | €22.87 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Bóithre: R1 & R2 Ceadaithe | D.1 Ciliméadair de bhóthar áitiúil athshéalaithe i rith 2023 | 45.3km |
| | D.2 An méid caite ar obair athshéalaithe bóithre áitiúla i rith 2023 | €1228327.00 |
| | D.3 Meánchostas aonaid oibreacha athshéalaithe bóithre áitiúla don mhéadar cearnach (€/m2) | €6.74 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Mótarcháin: R3 Ceadaithe | A. An céatadán idirbheart mótarchánach ar déileáladh leo ar líne (i.e. idirbheart próiseáilte agus diosca mótarchánach eisithe) in 2023 | 80.69% |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Uisce: W1 & W2 Ceadaithe | Céatadán d'uisce óil i scéimeanna príobháideacha a bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh aige | 97.57% |
| | Líon na scéimeanna cláraithe a bhfuil monatóireacht á déanamh orthu ag gach údarás áitiúil mar chéatadán de na scéimeanna ar fad atá cláraithe | 100% |
| | Cé mhéad scéim cláraithe údaráis áitiúil a ndearnadh monatóireacht orthu in 2023 | 52 |
| | Líon iomlán scéimeanna cláraithe in 2023 | 52 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Dramhaíl: E1 Ceadaithe | A. Líon na dteaghlach a bhain tairbhe as seirbhís 3 bhosca bruscair a bhí á tairiscint ag oibritheoir ceadúnaithe 31/12/2023 | 10639 |
| | B. Céatadán na dteaghlach laistigh den údarás áitiúil a bhfuil an uimhir ag A ag seasamh dó (bunaithe ar cheirtleáin de níos mó ná 500) | 98.89% |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Truailliú an Chomhshaoil: E2 Ceadaithe | A. Líon iomlán na gcásanna truaillithe a ndearnadh gearán maidir leo i rith 2023 | 662 |
| | A. Líon na gcásanna truaillithe a dúnadh idir 1/1/2023 agus 31/12/2023 | 647 |
| | A. Líon iomlán na gcásanna truaillithe ar láimh ar an 31/12/2023 | 32 |
| | Líon oscailte na gcásanna truaillithe tugtha anonn ó dheireadh na bliana 2022 | 17 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Truailliú Bruscair: E3 Obair idir Lámha | A1. An céatadán den cheantar laistigh den údarás áitiúil a bhí saor ó thruailliú nó ó bhruscar in 2023 nuair a rinneadh suirbhé | 41% |
| | A2. An céatadán den cheantar laistigh den údarás áitiúil a bhí beagán truaillithe in 2023 nuair a rinneadh suirbhé | 59% |
| | A3. An céatadán den cheantar laistigh den údarás áitiúil a bhí truaillithe go measartha in 2023 nuair a rinneadh suirbhé | 0% |
| | A4. An céatadán den cheantar laistigh den údarás áitiúil a bhí truaillithe go suntasach in 2023 nuair a rinneadh suirbhé | 0% |
| | A5. An céatadán den cheantar laistigh den údarás áitiúil a bhí truaillithe go dona in 2023 nuair a rinneadh suirbhé | 0% |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Stádas Brataí Glaise: E4 Ceadaithe | A. An céatadán de scoileanna ar bronnadh stádas brataí glaise orthu/ar athnuadh a stádas brataí glaise sa dá bhliain roimh an 31 Nollaig 2023 | 38.18% |
| | Scoileanna ar bronnadh Bratach Ghlas orthu den chéad uair in 2023 | 2 |
| | Scoileanna a d'athnuaigh a Bratach Ghlas in 2023 | 10 |
| | Scoileanna a raibh Bratach Ghlas acu ó 2022 agus nach gá dóibh í a athnuachan go dtí 2024 | 9 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Éifeachtúlacht Fuinnimh: E5 Obair idir Lámha | A. An céatadán cearnach de choigilteas fuinnimh charnaigh bainte amach faoi 31/12/2023 i gcoibhneas leis an mbliain bhonnlíne (2009) | -41.20% |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Soilsiú Poiblí: E6 Ceadaithe | A. Ídiú bliantúil iomlán an chórais soilsithe poiblí | 2355.21 MWh |
| | B. Meánvatacht gach solas poiblí | 86.93 W |
| | C. An céatadán den chóras iomlán a ndéanann soilse LED ionadaíocht air | 42.98% |
| | Líon na soilse LED sa chóras soilsithe phoiblí | 2807 |
| | Líon na soilse neamh-LED sa chóras soilsithe phoiblí | 3724 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| An tAthrú Aeráide: E7 Ceadaithe | 1 a) An bhfuil Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide (CLA) tiomnaithe ag an údarás áitiúil? | Tá |
| | 1 b) An bhfuil Oifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CLA) tiomnaithe ag an údarás áitiúil? | Níl |
| | 2. An bhfuil foireann um ghníomhú ar son na haeráide ag an údarás áitiúil? | Tá |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Pleanáil: P1 Ceadaithe | A. Foirgnimh a ndearnadh iniúchadh orthu mar chéatadán de na foirgnimh nua a fógraíodh don údarás áitiúil | 22.39% |
| | Líon iomlán na bhfoirgneamh nua fógartha don údarás áitiúil i.e. foirgnimh inar sheirbheáil tógálaí nó forbróir Fógra um Thosach Feidhme bailí sa tréimhse idir 1/1/2023 agus 31/12/2023 ar an údarás áitiúil | 201 |
| | Líon na bhfoirgneamh nua fógartha don údarás áitiúil in 2023 a bhí faoi réir cigireachta láithreáin amháin ar a laghad déanta an údarás áitiúil i rith 2023 | 45 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Pleanáil: P2 & P3 Ceadaithe | A. Líon na gcinntí pleanála údaráis áitiúil a bhí faoi réir achomhairc chuig An Bord Pleanála a ndearna an Bord cinneadh maidir leo ar aon dáta in 2023 | 15 |
| | B. Céatadán na gcinntí ag A a dheimhnigh (le nó gan plean a athrú) an cinneadh a rinne an t-údarás áitiúil | 86.67% |
| | Líon na gcinntí a dheimhnigh an cinneadh a rinne an t-údarás áitiúil (le nó gan athrú) | 13 |
| | A. Líon iomlán na gcásanna pleanála atreoraithe nó tionscanta ag an údarás áitiúil sa tréimhse idir 1/1/2023 agus 31/12/2023 a ndearnadh iniúchadh orthu | 94 |
| | B. Líon iomlán na gcásanna iniúchta a dúnadh i rith 2023 | 122 |
| | C. Céatadán na gcásanna ag B dífe mar chásanna mionchúiseacha, beaga nó gan bhunús nó a dúnadh mar gheall ar urchosc reachta nó forbairt díolmhaithe | 60.66% |
| | D. Céatadán na gcásanna ag B a réitíodh go sástacht an údaráis áitiúil trí idirbheartaíocht | 5.74% |
| | E. Céatadán na gcásanna ag B a dúnadh mar gheall ar imeachtaí forfheidhmithe | 33.61% |
| | F. Líon iomlán na gcásanna pleanála atá á n-iniúchadh amhail ag an 31/12/2023 | 280 |
| | Líon na gcásanna ag B dífe mar chásanna mionchúiseacha, beaga nó gan bhunús nó a dúnadh mar gheall ar urchosc reachta nó forbairt díolmhaithe | 74 |
| | Líon na gcásanna ag B a réitíodh go sástacht an údaráis áitiúil trí idirbheartaíocht | 7 |
| | Líon na gcásanna ag B a dúnadh mar gheall ar imeachtaí forfheidhmithe | 41 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Pleanáil: P4 & P5 Ceadaithe | A. Sonraí Chlár D Ráiteas Airgeadais Bhliantúil (RAB) 2023 roinnte ar dhaonra cheantar an údaráis áitiúil de réir Dhaonáireamh 2022 | €39.62 |
| | Sonraí Chlár D RAB ina gcuimsítear D01 - Pleanáil Chun Cinn, D02 - Bainistíocht Forbartha, D03 - Forfheidhmiú (ina gcuimsítear an cion ábhar de Chlár D den táille bhainistíochta lárnaí) i gcomhair 2023 | €2455348 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Pleanáil: P4 & P5 Ceadaithe | A. An céatadán iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas in 2023 a ndearnadh cinneadh maidir leo (ceadaithe nó diúltaithe) laistigh de dhá mhí i ndiaidh iad a fháil | 74.14% |
| | B. An céatadán iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas in 2023 a ndearnadh cinneadh maidir leo (ceadaithe nó diúltaithe) laistigh de thréimhse bhreise a comhaontaíodh leis an iarratasóir | 25.86% |
| | Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas in 2023 nár aistarraingt an t-iarratasóir | 58 |
| | Líon na iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas in 2023 a ndearnadh cinneadh maidir leo (ceadaithe nó diúltaithe) laistigh de dhá mhí i ndiaidh iarratas a fháil | 43 |
| | Líon na n-iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas in 2023 a ndearnadh cinneadh maidir leo (ceadaithe nó diúltaithe) laistigh de thréimhse bhreise a comhaontaíodh | 15 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Seirbhís Dóiteáin: F1 Ceadaithe | A. Sonraí caiteachais Chlár E an Ráitis Airgeadais Bhliantúil (RAB) i gcomhair 2023 roinnte ar dhaonra an cheantair údaráis áitiúil de réir fhigiúirí Dhaonáireamh 2022 don daonra a bhfuil an t-údarás dóiteáin ag freastal air de réir thuarascálacha Chéim a hAon Rioscabhunaithe | €46.71 |
| | Sonraí caiteachais Chlár E RAB ina gcuimsítear E11 - Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin agus E12 - Cosc Dóiteáin i gcomhair 2023 | €2894553.55 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Seirbhís Dóiteáin: F2 & F3 Ceadaithe | A. An meánmhéid ama a thóg sé, i nóiméid, chun briogáid dóiteáin a sholáthar i Stáisiúin Lánaimseartha chun freastal ar dhóiteán | N/B - Níl aon stáisiún lánaimseartha i Réimse Feidhme Chomhairle Contae Cheatharlach |
| | B. An meánmhéid ama a thóg sé, i nóiméid, chun briogáid dóiteáin a sholáthar i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin ar áirithíocht) chun freastal ar dhóiteán | 6.37 nóiméad |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Seirbhís Dóiteáin: F2 & F3 Ceadaithe | C. An meánmhéid ama a thóg sé, i nóiméid, chun briogáid dóiteáin a sholáthar i Stáisiúin Lánaimseartha  chun freastal ar gach teagmhas éigeandála eile (neamhdhóiteán) | N/B - Níl aon stáisiún lánaimseartha i Réimse Feidhme Chomhairle Contae Cheatharlach |
| | D. An meánmhéid ama a thóg sé, i nóiméid, chun briogáid dóiteáin a sholáthar i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin ar áirithíocht) chun freastal ar gach teagmhas éigeandála eile (neamhdhóiteán) | 6.43 nóiméad |
| | A. Céatadán na gcásanna a bhain le dóiteáin ina dtarlaíonn an chéad freastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad | 42.70% |
| | B. Céatadán na gcásanna a bhain le dóiteáin ina dtarlaíonn an chéad freastal ar an láthair i ndiaidh 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 40.21% |
| | C. Céatadán na gcásanna a bhain le dóiteáin ina dtarlaíonn an chéad freastal ar an láthair i ndiaidh 20 nóiméad | 17.08% |
| | D. Céatadán na gcásanna a bhain le gach teagmhas éigeandála eile ina dtarlaíonn an chéad freastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad | 45.58% |
| | E. Céatadán na gcásanna a bhain le gach teagmhas éigeandála eile ina dtarlaíonn an chéad freastal ar an láthair i ndiaidh 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 43.81% |
| | F. Céatadán na gcásanna a bhain le gach teagmhas éigeandála eile ina dtarlaíonn an chéad freastal ar an láthair i ndiaidh 20 nóiméad | 10.62% |
| | Líon iomlán na nglaonna amach a bhain le dóiteáin idir 1/1/2023 agus 31/12/2023 | 281 |
| | Líon na gcásanna ina bhfuil an chéad freastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad | 120 |
| | Líon na gcásanna a bhain le dóiteáin ina dtarlaíonn an chéad freastal ar an láthair i ndiaidh 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 113 |
| | Líon na gcásanna dóiteáin sin ina bhfuil an chéad freastal ar an láthair i ndiaidh 20 nóiméad | 48 |
| | Líon iomlán na nglaonna amach i ndáil le gach teagmhas éigeandála eile (i.e. níl dóiteán san áireamh) idir 1/1/2023 agus 31/12/2023 | 226 |
| | Líon na gcásanna neamhdhóiteáin sin ina bhfuil an chéad freastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad | 103 |
| | Líon na gcásanna neamhdhóiteáin ina raibh an chéad freastal ar an láthair i ndiaidh 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 99 |
| | Líon na gcásanna dóiteáin sin ina bhfuil an chéad freastal ar an láthair i ndiaidh 20 nóiméad | 24 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Seirbhís Leabharlainne: L1 Ceadaithe | A. Líon na gcuairteanna leabharlainne de réir gach duine den daonra don cheantar ÚÁ de réir Dhaonáireamh 2022 | 2.59 |
| | B. Líon na n-earraí eisithe d'iasachtaithe leabharlainne i rith na bliana | 121429 |
| | C. Baill ghníomhacha leabharlainne de réir gach duine den daonra | 0.16 |
| | D. Líon na mball cláraithe sa leabharlann i rith na bliana | 9756 |
| | Líon na gcuairteanna leabharlainne idir 1/1/2023 agus 31/12/2023 de réir áiritheoirí uathoibríocha má úsáideadh a leithéid | 160750 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Seirbhís Leabharlainne: L2 Ceadaithe | A. Sonraí Chlár F Ráiteas Airgeadais Bhliantúil (RAB) 2023 roinnte ar dhaonra cheantar an údaráis áitiúil de réir Dhaonáireamh 2022 | €33.26 |
| | B. Caiteachas bliantúil per capita ar bhailiúcháin sa tréimhse idir 01/01/2023 agus 31/12/2023 | €1.65 |
| | A. Sonraí Chlár F RAB ina gcuimsítear F02 - Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne (lena n-áirítear an cion ábhartha den táille bhainistíochta lárnaí do Chlár F) i gcomhair 2023 | €2060856 |
| | B. An caiteachas bliantúil ar stoc faighte ag an leabharlann i rith na bliana | €102130 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Daoine Óga agus an Pobal: B1 & B2 | A. Céatadán na scoileanna áitiúla a bhfuil baint acu le Scéim Chomhairle na nÓg | 90.91% |
| | Líon iomlán na scoileanna dara leibhéal sa cheantar údaráis áitiúil ag an 31/12/2023 | 11 |
| | Líon na scoileanna dara leibhéal sa cheantar údaráis áitiúil ónar fhreastail ionadaithe ar CGB Chomhairle na nÓg áitiúil a reáchtáladh in 2023 | 10 |
| Daoine Óga agus an Pobal: B1 & B2<br><br>Ceadaithe | A. Líon na n-eagraíochtaí san áireamh i gClár an Chontae ag 31/12/2023 agus an cion de na heagraíochtaí sin a chinn páirt a ghlacadh sa Choláiste um Ionchuimsiú Sóisialta laistigh de LRP | 1.47 |
| | Líon iomlán na n-eagraíochtaí san áireamh i gClár an Chontae (arna choimeád de réir alt 128 d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001) don cheantar údaráis áitiúil ag an 31/12/2023 | 340 |
| | Líon iomlán na n-eagraíochtaí sin a chláraigh den chéad uair in 2023 | 17 |
| | Líon na n-eagraíochtaí a chinn páirt a ghlacadh sa Choláiste Toghcháin um Ionchuimsiú Sóisialta ar cibé dáta ar chláraigh siad do LRP | 5 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Corparáideach: C1, C2, C4 & C5 Ceadaithe | A. An líon foirne coibhéise lánaimseartha ag an 31 Nollaig 2023 | 325.01 |
| | A. Céatadán na laethanta oibre íoctha caillte mar gheall ar thinneas trí shaoire deimhnithe leighis in 2023 | 4.72% |
| | B. Céatadán na laethanta oibre íoctha caillte mar gheall ar thinneas trí shaoire deimhnithe leighis in 2023 | 0.27% |
| | Líon iomlán na laethanta oibre caillte mar gheall ar thinneas trí shaoire deimhnithe leighis in 2023 | 3532.89 lá |
| | Líon iomlán na laethanta oibre caillte mar gheall ar thinneas trí shaoire féindeimhnithe leighis in 2023 | 195.93 lá |
| | Líon na laethanta oibre neamhíoctha caillte mar gheall ar thinneas san áireamh laistigh den líon iomlán laethanta saoire tinnis féindeimhnithe in 2023 | 0 lá |
| | Líon na laethanta oibre neamhíoctha caillte mar gheall ar thinneas san áireamh laistigh den líon iomlán laethanta saoire breoiteachta féindeimhnithe in 2023 | 51.38 lá |
| | Má tá aon bhall foirne ar saoire bhreoiteachta fhadtéarmach (i.e. tréimhse leanúnach níos faide ná 4 seachtaine), cuir nóta téacs maidir le líon na mball foirne ar shaoire bhreoiteachta fhadtéarmach san áireamh | Tá 4 bhall foirne ar shaoire bhreoiteachta fhadtéarmach |
| | A. An caiteachas TFC ar fáil sa tréimhse idir 1/1/2023 agus 31/12/2023, roinnte ar an líon CL | €5403.67 |
| | Caiteachas iomlán TFC in 2023 | €1756245.42 |
| | A. Tá an caiteachas TFC ar fad ríofa in C4 mar chion den chaiteachas Ioncaim | 2.77 |
| | Caiteachas Ioncaim Iomlán idir 1/1/2023 agus 31/12/2023 roimh aistrithe chuig nó ó chúlchistí | 63436814 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Corparáideach: C3 Ceadaithe | A. Líon iomlán na n-amharc leathanaigh per capita ar shuíomhanna gréasáin an údaráis áitiúil in 2023 | 7.19 |
| | B. Líon iomlán na leantóirí per capita ag deireadh 2023 de chuntais meán sóisialta an údaráis áitiúil (más ann dá leithéid) | 1.18 |
| | Líon iomlán carnach na radharc leathanaigh ar gach suíomh gréasáin a raibh an t-údarás áitiúil freagrach astu sa tréimhse idir 1/1/2023 agus 31/12/2023 faighte ó sheirbhís anailísíochta gréasáin clibeála leathanaigh ar an suímh nó a comhionann | 445331 |
| | Líon iomlán na n-úsáideoirí meán sóisialta a bhí, ag an 31/12/2023, ag leanúint an údaráis áitiúil ar aon suíomh meán sóisialta | 72851 |
| | Líon iomlán na gcuntas meán sóisialta a raibh an t-údarás áitiúil freagrach astu | 37 |
| | Cuir in iúl má tháinig athrú ar bheartais fianáin shuíomhanna an údaráis áitiúil i bhfeidhm agus an dáta ar tháinig a leithéid d'athrú i bhfeidhm | Níor tharla aon athrú |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Airgeadas: M1 - M4 Ceadaithe | A. Iarmhéid barrachais/easnaimh carnach ag an 31/12/2019 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Chaiteachais RAB | €744827 |
| | B. Iarmhéid barrachais/easnaimh carnach ag an 31/12/2020 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Chaiteachais RAB | €772516 |
| | C. Iarmhéid barrachais/easnaimh carnach ag an 31/12/2021 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Chaiteachais RAB | €818701 |
| | D. Iarmhéid barrachais/easnaimh carnach ag an 31/12/2022 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Chaiteachais RAB | €860054 |
| | E. Iarmhéid barrachais/easnaimh carnach ag an 31/12/2023 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Chaiteachais RAB | €949612 |
| | F. Barrachas nó easnamh carnach ag an 31/12/2023 mar chéatadán den Ioncam Iomlán in 2023 ó Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais RAB | 1.34% |
| | G. Caiteachas ioncaim per capita in 2023 | €1023.70 |
| | H. Caiteachas ioncaim per capita in 2023 seachas caiteachas suntasach lasmuigh den chontae/seirbhíse comhroinnte | |
| | An figiúr d'Ioncam Iomlán ó Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais RAB | €70771322 |
| | An figiúr do Chaiteachas Iomlán ó Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais RAB | €63436814 |
| | Caiteachas Ioncaim 2023 seachas caiteachas contae/seirbhíse comhroinnte do sholáthraith seirbhíse ÍCT, MyPay, FDRBÁC agus Seirbhísí Dóiteáin Bhaile Átha Cliath agus níl sé ábhartha ach do Chathair Bhaile Átha Cliath, Laois agus Luimneach | |
| | A. (a) Leibhéal bailithe Rátaí in Aguisín 7 de RAB i gcomhair 2019 | 86.0% |
| | A. (b) Leibhéal bailithe Cíosanna & Blianachtaí in Aguisín 7 de RAB i gcomhair 2019 | 94.0% |
| | A. (c) Leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta in Aguisín 7 de RAB i gcomhair 2019 | 95.0% |
| | B. (a) Leibhéal bailithe Rátaí in Aguisín 7 de RAB i gcomhair 2020 | 82.0% |
| | B. (b) Leibhéal bailithe Cíosanna & Blianachtaí in Aguisín 7 de RAB i gcomhair 2020 | 96.0% |
| | B. (c) Leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta in Aguisín 7 de RAB i gcomhair 2020 | 94.0% |
| | C. a) Leibhéal bailithe Rátaí in Aguisín 7 de RAB i gcomhair 2021 | 83.0% |
| | C. b) Leibhéal bailithe Cíosanna & Blianachtaí in Aguisín 7 de RAB i gcomhair 2021 | 95.0% |
| | C. (c) Leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta in Aguisín 7 de RAB i gcomhair 2021 | 94.0% |
| | D. a) Leibhéal bailithe Rátaí in Aguisín 7 de RAB i gcomhair 2022 | 88.0% |
| | D. b) Leibhéal bailithe Cíosanna & Blianachtaí in Aguisín 7 de RAB i gcomhair 2022 | 92.0% |
| | D. (c) Leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta in Aguisín 7 de RAB i gcomhair 2022 | 97.0% |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Airgeadas: M1 - M4 Ceadaithe | E. (a) Leibhéal bailithe Rátaí in Aguisín 7 de RAB i gcomhair 2023 | 87% |
| | E. (b) Leibhéal bailithe Cíosanna & Blianachtaí in Aguisín 7 de RAB i gcomhair 2023 | 94% |
| | E. (c) Leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta in Aguisín 7 de RAB i gcomhair 2023 | 97% |
| | E. (d) Leibhéal bailithe ÍCT ISC i gcomhair 2023 | |
| | A. Costas iomlán per capita éileamh socraithe i gcomhair 2023 | €9.63 |
| | Árachas IPB: Líon na n-éileamh fógartha i gcomhair | 19 |
| | Árachas IPB: Líon na n-éileamh socraithe i gcomhair 2023 | 19 |
| | Árachas IPB: Costas iomlán éileamh socraithe i gcomhair 2023 | €558708.93 |
| | Costas iomlán éileamh socraithe faoi bharrachas i gcomhair 2023 | €38100 |
| | Féinárachaithe: Líon na n-éileamh fógartha i gcomhair | 1 |
| | Féinárachaithe: Líon na n-éileamh socraithe i gcomhair 2023 | 0 |
| | Féinárachaithe: Costas iomlán éileamh socraithe i gcomhair 2023 | €0 |
| | A. Táille bhainistíochta lárnaí fhoriomlán mar chéatadán den chaiteachas iomlán ar an gcuntas ioncaim | 13.65% |
| | B. Costais phárolla iomlána mar chéatadán den chaiteachas ioncaim | 34.11% |
| | Táille bhainistíochta lárnaí fhoriomlán ó CBA an Údaráis Áitiúil agus sainithe sa Bhuiséad Bliantúil | €8656982 |
| | Costais phárolla iomlána ó Aguisín 1 de RAB i gcomhair 2023 (lena n-áirítear Tuarastail, Pánna agus Pinsin) | €21636403 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| Forbairt Eacnamaíoch: J1 - J5 Ceadaithe | A. Líon na bpost cruthaithe le cabhair ón Oifig Fiontair Áitiúil sa tréimhse idir 1/1/2023 agus 31/12/2023 in aghaidh an 100,000 den daonra | 1.61 |
| | Líon na bpost cruthaithe le cabhair ón Oifig Fiontair Áitiúil sa tréimhse idir 1/1/2023 agus 31/12/2023 | 1.0 |
| | A. Líon na n-iarratas ar dhearbháin trádála ar líne ceadaithe ag an Oifig Fiontair Áitiúil in 2023 in aghaidh an 100,000 den daonra | 50.03 |
| | B. Líon na ndearbhán trádála ar líne a íostarraingíodh in 2023 in aghaidh an 100,000 den daonra | 24.21 |
| | Líon na n-iarratas ar dhearbháin trádála ar líne ceadaithe ag an Oifig Fiontair Áitiúil in 2023 | 31 |
| | Líon na ndearbhán trádála ar líne a íostarraingíodh in 2023 | 15 |
| | A. Líon na rannpháirtithe a bhain tairbhe as meantóireacht sa tréimhse idir 1/1/2023 agus 31/12/2023 in aghaidh an 100,000 den daonra | 398.59 |
| | Líon na rannpháirtithe a bhain tairbhe as meantóireacht sa tréimhse idir 1/1/2023 agus 31/12/2023 | 247 |
| | A. An bhfuil straitéis turasóireachta ag an údarás áitiúil faoi láthair? | Níl |
| | B. An bhfuil Oifigeach Turasóireachta tiomnaithe ag an údarás áitiúil? | Tá |
| | Caiteachas an údaráis áitiúil ar fhorbairt eacnamaíoch áitiúil de réir gach duine den daonra in 2023 | €171.85 |
| | Caiteachas an údaráis áitiúil ar fhorbairt eacnamaíoch áitiúil de réir gach duine den daonra in 2023 | €10648972 |



COMHAIRLE CONTAE
CHEATHARLACH

CARLOW COUNTY COUNCIL

Áras an Chontae
Bóthar Bhaile Átha Í
Ceatharlach
R93 E7R7

059 9170300
www.carlowcoco.ie
@Carlow_Co_Co